

## Caibidil 4 Straitéis Eacnamaíoch agus Fostaíochta

## 4.1 Réamhrá

Leagann an chaibidil seo amach fíis eacnamaíoch na Comhairle don tréimhse 2020-2026. Tacóidh obair na Stiúrtóireachta um Pleanáil agus Fhorbairt Eacnamaíoch agus na hOifige Fiontair Áitiúil (OFA) leis an bhforbairt eacnamaíoch agus an jabchruthúchán, faoi threoir an Phlean seo agus trí réimse beartas agus cuspóirí. Forbraíodh na beartais agus cuspóirí seo i bhfios na ndúshlán eacnamaíoch a bheidh roimh an gComhairle i rith thréimhse an Phlean.

Tá sé cruthaithe go maith ag foireann na Comhairle go bhfuil an cumas oibre, eolas áitiúil, scileanna agus taithí riachtanacha acu chun déileáil leis na dúshlán sin. Leagann ullmhúchán na Straitéis Eacnamaíoch don Chontae amach na príomhspriocanna a thacaíonn leis an bhforbairt eacnamaíoch leanúnach. An chéad cheann dá leithéid, aithníonn Straitéis Eacnamaíoch Chontae na Mí 2014-2022 an t-ionad straitéiseach atá ag an Mhí sa Lár-réigiún Thoir agus an buntáiste iomaíoch uathúil atá ag an gcontae laistigh d'Éirinn. Tá sé d'aidhm ag an bPlean seo an Contae a chur chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta mar áit mhealltach agus shainiúil chun gnó a dhéanamh. Féachann beartais agus cuspóirí an Phlean seo an Straitéis Eacnamaíoch a chur i bhfeidhm go rathúil i gcónaí, straitéis a bhfuil tionscadail dhúchasacha agus tionscadail infheistíochta dhírigh eachtraigh (F.D.I.) thábhachtacha éascaithe aici ónar cuireadh tús léi.

Aithníonn an Creat Náisiúnta Pleanála (NPF) an cumas atá ann chun *ceantair uirbigh agus bailte insroichte a fhás atá inrochtana do phobalcheantair mhóra*<sup>1</sup>. Aithníonn sé freisin an idirghuilleamaíocht atá ann idir cathracha agus a gCeantair Uirbigh mháguaird agus an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht na gCeantar Uirbeach do rath eacnamaíoch chathair. Tugtar aitheantas follasach dó sin tríd an gCuspóir a chur san áireamh sa Chreat Náisiúnta Pleanála (NPF) go bhfuil gá le Plean Straitéiseach Limistéar Cathrach (MASP) a ullmhú do na cathracha seo a leanas: Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge.<sup>2</sup>

Ag an leibhéal réigiúnach, déantar an NPF a chur i bhfeidhm trí Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (RSES). De bharr éagsúlacht agus scála an Réigiúin Oirthir agus Lár-Tíre, leagann na RSESanna amach fíis d'fhás agus d'fhorbairt sa toadhcháil ag leibhéal an Cheantair Phleanála Straitéisí agus ag an leibhéal réigiúnach. Cuireann an RSES i bhfad níos mó béime ar fhorbairt agus ar chumas eacnamaíoch ná a chuir na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha a bhí ann roimh seo. Tá an bhéim níos láidre sin ar chúrsaí eacnamaíochta ceaptha le naisc idir beartas pleanála agus treochtaí eacnamaíochta a neartú.

Aithnítear sa SRSE gur cheann de na príomhdhúshlán roimh an réigiún é feabhas a chur ar an ailíniú idir an áit a bhfuil forbairt cónaithe agus fostaíocht. Mar sin, tacaíonn an RSES go hiomlán le cur chuige na Comhairle maidir leis an bhforbairt eacnamaíoch, cur chuige a leagann amach an tábhacht lárnach a bhaineann le pobal 'cónaithe is oibre' a chruthú mar bhealach iontach chun méid na heaschomaitéireachta ón Lár-Oirthear a bhainistiú.

### *Plean*

Rinneadh cur chuige pleanáilte spriocdhírith atá bunaithe ar fhianaise a chur i bhfeidhm ar an gcaibidil seo, cur chuige a aithníonn roinnt láithreán a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo chun

<sup>1</sup> Chun tuilleadh eolais a fháil, féach Alt 4.4 den Chreat Náisiúnta Pleanála

<sup>2</sup> Cuspóir Beartais Náisiúnta 67 den Chreat Náisiúnta Pleanála

earnálacha fostaíochta ar leith a mhealladh, agus atá bunaithe ar roinnt athróa amhail: ionad straitéiseach na láithreán laistigh den Chontae; gaireacht na láithreán do thairseach chriticiúil oibrithe oilte agus d’iompar poiblí agus an leibhéal soláthair bhonneagair chriticiúil atá ar fáil i ngach ionad. Cuirfidh an cur chuige pleanáilte spriocdhírith seo arna tacú ag straitéis mhargaíochta láidir bunaithe ar an mbranda ‘Make it Meath’ agus arna tacú ag foireann ildhisciplíneach forbartha Pleanála agus eacnamaíoch sa Chomhairle ardán ar fáil chun an Contae a chur chun cinn mar bhunáit tharraingteach ghnó d’Infheistíocht Dhíreach Eachtrach (FDI) agus do Ghnóthais Bheaga agus Mheánacha (SMEanna) araon thar shaolré an Phlean agus níos faide anonn.

Tá sé mar príomhchuspóir ag an bPlean Forbartha seo láithreáin straitéiseacha bhreise don fhorbairt eacnamaíoch a aithint sna hionaid sin a bhfuil go leor easchomaitéireacht ag tarlú iontu de bharr mhéid mór a ndaonraí cónaithe agus an t-easpa fostaíochta áitiúil atá ar fáil iontu. Beidh sé sin bunaithe ar an dul chun cinn iontach atá déanta go dtí seo i dtaobh chur i bhfeidhm na Straitéise Eacnamaíoch.

## 4.2 Comhthéacs Reachtúil

Tugann an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 éifeacht reachtach do na moltaí atá sa chlár ‘Tús Áite do Dhaoine’, agus déanann sé foráil do réimse athraithe a ndéanfar d’eagraíocht agus obair údaráis áitiúla. Éilítear anois ar Údaráis Áitiúla Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) a fhorbairt a bhfuil mar aidhm aige cur chuige comhtháite maidir le forbairt eacnamaíoch agus pobail áitiúil a bhunú ag leibhéal an chontae, fad is a éilítear ar na Tionóil Réigiúnacha, dá réir sin, Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíoch a chur ar fáil. I measc na n-athraithe eile tá bunú na gCoistí um Fhorbairt Phobail Áitiúla (LCDC), agus na nOifigí Fiontair Áitiúil (OFAnna) laistigh de na hÚdaráis Áitiúla. Rinneadh Struchtúr Thionóil Réigiúnacha a bhunú chun líon iomlán na réigiún a bhí ann a laghdú go dtí 3 cinn; Tá an Mhí suite laistigh den Tionól Réigiúnach Oirthir agus Lár-Tíre (EMRA).

## 4.3 Comhthéacs Beartais

### 4.3.1 An Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch 2019-2031

Soláthraíonn Réigiún EMRA níos mó ná leath den mhéid a tháirgítear sa Tír agus tá cónaí ar duine as gach beirt den daonra náisiúnta ann. Mar sin, tá na Cuspóirí Beartais Reigiúnacha ina ngné lárnach chun a chinntiú go bhfeidhmíonn an chumhacht eacnamaíoch seo go héifeachtach i gcónaí. Is í an fhís eacnamaíoch atá againn ná fás inbhuanaitheach, iomaíoch, ionchuimsitheach agus acmhainneach a éascú. Díríonn an straitéis eacnamaíoch isteach ar na príomhchuspóirí seo a leanas:

- Speisialú Cliste;
- Cnuasú;
- Fás Eagraithe;
- Comhforbairt Áite;
- Féachaint chuige go seasfaidh rudaí an aimsir agus Bainistíocht Riosca a dhéanamh.

Leagann an straitéis amach roinnt threoirphrionsabal chun ionaid a d’fhéadfadh a bheith oiriúnach d’fhás fostaíochta straitéiseach a aithint ag an leibhéal Uirbeach, Réigiúnach agus Áitiúil. Lena n-áirítear:

- Béim ar phoil theicneolaíochta agus nuálaíochta atá suite taobh le hInstitiúidí Teicneolaíochta agus Ollscoileanna;
- Ionad fostaíochta reatha, dlús oibrithe, tógáil talún agus spleáchas ar acmhainní/bhonneagar;
- Ionaid do leathnú amach fiontair atá ann cheana;
- Ionad d'fhiontair nua bunaithe ar cibé an bhfuil go leor daoine/spáis ag teastáil uathu, nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil siad ceangailte le hacmhainn ar leith nó spleách ar bhonneagar áirithe;
- Ionaid a d'fhéadfadh a bheith níos oiriúnaí ná ionaid eile ó thaobh athlonnaithe fiontar de, agus an cumas a bheadh ag a leithéid d'athlonnú talamh a scaoileadh chun go n-úsáidí é ar bhealach níos éifeachtúla;
- Laistigh de cheantair uirbeacha mhóra áit ar féidir jabchruthúchán suntasach a bhaint amach de bharr bonneagar maith agus gaireacht do chonair iompar poiblí a bheith ann cheana.

Rinneadh na prionsabail thuasluaite a phlé agus an straitéis eacnamaíoch seo á dréachtú againn. Maidir leis an méid mór talún atá ainmnithe le haghaidh úsáidí fostaíochta in ionaid oiriúnacha i gContae na Mí, tá an poitéinseal ann áit a chur ar fáil d'fhiontair atá ag iarraidh athlonnú ó Chathair Bhaile Átha Cliath, rud a chuirfeadh talamh uirbeach ar fáil sa chathair lena athfhorbairt. Nuair a chuirtear é sin san áireamh, tá sé i gceist díriú isteach ar úsáidí fostaíochta ar leith atá ag teacht le prionsabail na Straitéise Eacnamaíoch agus na húsáidí sin a threorú chuig ionaid oiriúnacha.

Tá roinnt threoirphrionsabal maidir le tosaíochtaí infheistíochta ábhartha do na dúshláin a bhfuil ar an straitéis seo déileáil leo, lena n-áirítear soláthar caipitil dhaonna, gaireacht d'institiúidí tríú leibhéal, soláthar bonneagair iompair agus leathanbhanda, a dhóthain spáis a bheith ann agus an tionchar a bheidh ag an gcomaitéireacht a mheas, chomh maith le hailíniú leis an NPF maidir le suíomhanna Lárionad Sonraí a shocrú, srl.

Is cuid lárnach í conair Bhaile Átha Cliath - Béal Feirste den straitéis RSES agus tarraingítear aird ar an tábhacht a bhaineann leis ó thaobh rathúlacht eacnamaíoch an réigiúin. Tugtar aitheantas freisin do ról na bPríomhbhailte sa réigiún i soláthar bunús láidir fostaíochta dá ndaonra cónaitheach agus dá gceantair máguaird.

Maidir leis an ngeilleagar tuaithe, molann CBR (Cuspóir Beartais Réigiúnach) 6.5 go n-aithneofaí bearta sna Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail (LECPanna) chun láir bhailte beaga agus sráidbhailte a athnuachan. Molann an straitéis breathnú isteach sa phoitéinseal atá ann tithíocht i mbailte agus i sráidbhailte tuaithe a comhshuí le spás comhionaid atá suite in aice le hInstitiúidí Teicneolaíochta chun iarmhairtí teicneolaíochta a éascú. Tacaíonn an straitéis go hiomlán le feabhsú na n-earnálacha talmhaíochta, bia, foraoiseachta agus fuinnimh i gcomhréir le héagsúlacht sa tírdhreach agus san oidhreacht a chur chun cinn.

### 4.3.2 Tús Áite do Dhaoine – Clár Gníomhaíochta le haghaidh Rialtas Áitiúil Éifeachtach

Tús Áite do Dhaoine – Leagann an Clár Gníomhaíochta le haghaidh Rialtas Áitiúil Éifeachtach amach na pleananna maidir le hailíniú níos fearr a chruthú idir an rialtas áitiúil agus an fhorbairt áitiúil. Tá sé

mar aidhm aige tuilleadh neamhspleáchais a thabhairt do na hÚdaráis Áitiúla i dtéarmaí tacaíocht a thabhairt don fhiontar agus an fhorbairt eacnamaíoch a chur chun cinn i gcoitinne, rud a chruthóidh agus a chaomhnóidh poist. Is iad seo a leanas na ceithre phríomhchuspóir atá aige:

- *Iarracht níos mó a dhéanamh ar son an gheilleagair, an fhiontair agus an gheilleagair áitiúil*
- *Córas rialtas áitiúil a bhunú don 21<sup>ú</sup> Aois*
- *Rialtas Áitiúil atá maoinithe go leordhóthanach, agus a chuireann seirbhís níos fearr ar fáil don phobal*
- *Dea-rialú, ceannaireacht láidir agus cuntasacht dhaonnathach*

### 4.3.3 Plean Gníomhaíochta do Phoist 2017

Is tionscnamh ardleibhéal, uailmhianach, uile-Rialtais an doiciméad seo a dearadh chun tús áite a thabhairt don chruthaitheacht i saol an náisiúin ionas gur féidir le daoine ar bhonn leithligh nó ar bhonn comhchoiteann, idir Éireannaigh sa mbaile agus Éireannaigh thar lear, a gcumas cruthaitheach iomlán a bhaint amach. Is é cuspóir an doiciméid ná freagra a thabhairt ar na dúshlán láithreacha a bhaineann le cinneadh na RA an tAE a fhágáil agus chun bonn eolais a chur faoi fhreagra an Rialtais ar thimpeallacht a bheidh níos míshocra agus níos athraitheach trí bhonn fiontair na Tíre a dhéanamh níos láidre agus níos solúbtha.

### 4.3.4 Plean Gníomhaíochta do Phoist: Réigiún Oirthir agus Lár-Tíre 2016-2017 (DBEI)

Ónar thosaigh an “Plean Gníomhaíochta do Phoist” in 2012, rinneadh líon áirithe Tuarascálacha Réigiúnacha a fhoilsiú. D’fhoilsigh an Rialtas “Plean Gníomhaíochta do Phoist: Réigiún Oirthir agus Lár-Tíre”. Cumhdaíonn an plean seo Contaetha Chill Dara, na Mí agus Chill Mhantáin. Aithníonn an plean go bhfuil láidreachtaí agus acmhainní suntasacha ag an réigiún cheana féin. Tugann sé faoi deara gur féidir tuilleadh comhoibrithe a éascú trí thógáil ar na hathchóirithe a tharla le déanaí, amhail:

- *Tionchar na nOifigí Fiontair Áitiúil (OFAnna), atá ag dul i méid;*
- *Sainordú nua na mBord Oideachais agus Oiliúna;*
- *Treisiú Oifigí Réigiúnacha an ÚFT agus Fiontraíocht Éireann;*
- *Athchóiriú an Rialtais Áitiúil ag cur béim ar a ról san fhorbairt eacnamaíoch;*
- *Treoirphlean le haghaidh creat beartais níos láidre chun bonn a chur faoi dheiseanna earnála.*

### 4.3.5 Gnóthú: Infheistíocht Dhíreach Eachtrach, 2015-2019, (ÚFT)

Tá sé mar aidhm ag an straitéis seo an infheistíocht dhíreach eachtrach a mhéadú ag an leibhéal réigiúnach, chun go ndáilfear í ar bhealach níos cothroime ar fud gheilleagar na hÉireann, rud a bheidh ina bhuntáiste do ghnólachtaí dúchasacha agus d’ionaid réigiúnacha. Tá sé mar aidhm i gcónaí ag an straitéis infheistíochtaí a ghnóthú agus a mbuntáistí eacnamaíoch a dháileadh chomh

fada agus is féidir ar fud na hÉireann. Is iad seo a leanas cuid de na spriocanna uailmhianacha atá aici; 80,000 jab nua a chruthú; 900 infheistíochtaí; €3bn d'infheistíochtaí T&F agus fás réigiúnach cothrom. Is é an príomhról atá ag ÚFT Éireann, mar atá leagtha amach do doiciméad seo, ná 'fostaíocht a chruthú a bheidh buntáistí eacnamaíoch agus sóisialta aige do mhuintir na hÉireann'.

### 4.3.6 Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail na Mí 2016-2021

Mar a luadh thuas, tá sé de dhualgas ar an gComhairle faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 LECP 6 bliana a fhorbairt don Chontae. Ní mór don Phlean sin a bheith ag teacht leis na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha (RPGanna) agus le Plean Forbartha an Chontae (agus leis an gCreat Náisiúnta Pleanála agus an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch a chuirfear i bhfeidhm amach anseo). Cuireann sé cuspóirí eacnamaíoch agus pobail ar fáil a chuireann chun cinn forbairt eacnamaíoch agus phobal áitiúil an Chontae agus a thacaíonn leis an bhforbairt sin. Tugtar faoi deara an tábhacht a bhaineann leis an turasóireacht agus leis an fhóillíocht mar phríomhearnálacha i bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta an Chontae, dhá earnáil a chruthaíonn deiseanna fostaíochta agus cumas rachmas a ghiniúint, agus tugadh faoi deara freisin an tábhacht a bhaineann le háiseanna agus bonneagar a chuireann le caighdeán beatha chónaitheoirí. Léirítear é sin laistigh de chreat beartais LECP na Mí. Éilítear anois go ndéanfaí an LECP a athbhreithniú chun a chinntiú go bhfuil sé ag comhlíonadh an RSES a glacadh leis.

## 4.4 Fís don Gheilleagar agus Straitéis Fostaíochta

Is téama leathan den Phlean seo gur gá feabhas a chur ar iomaíochas agus ar mheallacht an Chontae chun go mbeidh sé mar cheann de na háiteanna is fearr in Éirinn le haghaidh infheistíocht dhúchasach, infheistíocht dhíreach eachtrach agus infheistíocht a chruthaíonn fostaíocht. Tá sé mar bheartas ag an bPlean seo an Contae a chur chun cinn mar ionad infheistíochta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath atá iomaíoch ó thaobh an chostais de agus atá insroichte. Beidh an fhís seo mar threoir leanúnach don phróiseas caidrimh eachtraigh idir an Chomhairle agus ÚFT, Fiontraíocht Éireann agus gníomhaireachtaí eile, anois agus sna blianta atá romhainn.

Tá sé mar bheartas ag an gComhairle:

Beartas	Forbartha Eacnamaíoch (BEA FE) 1 An fás eacnamaíoch sa Chontae a éascú agus a thacú ar bhealach inbhuanaitheach agus i gcomhréir leis an gCreat Náisiúnta Pleanála (NPF) agus leis an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (RSES).
---------	---

## 4.5 Straitéis Forbartha Eacnamaíoch Chontae na Mí 2014-2022

Ónar glacadh leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, tá cur chuige an-ghníomhach glactha ag an gComhairle chun ceannaireacht a thabhairt i bhforbairt eacnamaíoch an Chontae, agus ar an gceannaireacht sin tá bunú Fóram Eacnamaíoch na Mí in 2013 agus foilsíú Straitéis Forbartha Eacnamaíoch Chontae na Mí 2014-2022. Leagann an Straitéis amach bearta bunaithe ar fhianaise a bhfuil mar aidhm acu claochlú, athnuachan agus forbairt inbhuanaitheach an Chontae a thapú.

Cuimsíonn an Straitéis 8 uimh. bpríomhghníomhaíochtaí/bpríomh-mholtaí a dearadh chun an leibhéal réamh-mheasta fáis san fhostaíocht a bhaint amach roimh 2022. Tá sé beartaithe 7,500 jab sa bhreis a chruthú chun bonn eacnamaíoch an Chontae a leathnú amach, chomh maith le sciar na bpost i ngníomhaíochtaí eolas-bhunaithe a mhéadú chun líon na bhfiontar a fhaigeann infheistíocht dhúchasach agus Infheistíocht Dhíreach Eachtrach (FDI) a mhéadú sa chontae.

Tá cur chuige ilghnéitheach ag teastáil chun an fhorbairt eacnamaíoch a chur chun cinn. Is iad seo a leanas na príomhghnéithe a bheidh i gceist:

- Na príomhionaid straitéiseacha do ghiniúint fostaíochta i gContae na Mí a aithint chun go ndéanfar an fás eacnamaíoch a chur chun cinn ar bhonn áitiúil;
- Dóthain talún a ndéantar criosú air a chur ar leataobh in ionaid atá oiriúnach d'úsáid tionscail agus fiontar;
- Dea-chaighdeán beatha a chur ar fáil trí shamhail fhorbraíochta “cónaithe is oibre” inbhuanaitheach a chur chun cinn agus a sholáthar sa Chontae, ag laghdú mar sin an méid daoine atá ag déanamh cianchomaitéireachta don obair
- Cur ar fáil agus éascú soláthair an bhonneagair fhisiciúil atá ag teastáil;
- Cúnamh a thabhairt do chomhlachtaí ábhartha maidir le cur ar fáil theileachumarsáid ardluais;
- Cúnamh a thabhairt do sholáthruithe fuinnimh maidir le inrochtanacht fhoinsí fuinnimh glana agus seasmhacha;
- Bearta oideachasúla/oiliúna a chur chun cinn agus a éascú chun a chinntiú go mbeidh fórsa saothair a bhfuil na scileanna ábhartha acu sa Chontae;
- Tailte oiriúnacha a ndearnadh criosú orthu a chur ar fáil ag ionaid straitéiseacha chun comhoibriú idir institiúidí tríú leibhéal agus fiontar ghnó, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, a chur chun cinn;
- Naisc agus comhpháirtíochtaí atá tairbheach go frithpháirteach a chruthú le gnólachtaí agus le hinsitiúidí tríú leibhéal, lena n-áirítear áiseanna taighde agus forbartha a bhunú;
- Ardchaighdeán chaomhnú/fheabhsúchán thírdhreacha agus timpeallachta a chur i bhfeidhm;
- Cinntiú go bhfuil bailte agus sráidbhailte mealltach ó thaobh na hinfeistíochta de i gcónaí, agus;
- Aitheantas a thabhairt don ról lárnach atá ag an turasóireacht agus gníomhaíochtaí bainteacha eile i mbonn eacnamaíoch an Chontae agus infheistíocht sa phríomhthionscal dúchasach seo a dhéanamh i gcónaí.

Tá na bearta atá molta sa Straitéis Forbartha Eacnamaíoch ag iarraidh cabhair a thabhairt do Chontae na Mí a chumas eacnamaíoch iomlán a chomhlíonadh le go mbeidh sé ina ionad sóisialta, sibhialta, tráchtála agus cónaithe rathúil, éagsúil agus beomhar a aithneofar go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta mar áit an-mhealltach agus uathúil le cónaí ann agus le gnó a dhéanamh ann.

Aithníonn forbairt na Straitéise Forbartha Eacnamaíoch go bhfuil buntáiste iomaíoch dosháraithe agus uathúil ag an gContae laistigh d'Éirinn, de bharr:

- a ionad straitéiseach laistigh den réigiún is mó fás in Éirinn;
- a ghaireacht do Cheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath agus a gcuid margaí;
- a ghaireacht d'Aerfort Bhaile Átha Cliath agus do Chalafort Bhaile Átha Cliath;

- a ionad laistigh de Chonair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath – Béal Feirste;
- a fórsa saothair ardoilte;
- a thimpeallacht tógtha agus nádúrtha ardchaighdeán, agus;
- a phraghasanna tithíochta níos iomaíocha.

Cuireann na buntáistí sin deiseanna infheistíochta eacnamaíoch agus tráchtála ar leith ar fáil. Mar sin féin, aithníonn an Straitéis treochtaí laistigh den Chontae atá ann cheana a bhfuil tionchar acu ar fheidhmíocht eacnamaíoch an Chontae, lena n-áirítear:

- Bonn teoranta na ngníomhaíochtaí eacnamaíoch i gceantair atá traidisiúnta don chuid is mó;
- easpa FDI;
- Easpa gníomhaíochtaí eolas-bhunaithe agus;
- Sceitheadh scileanna suntasach de bharr na dtreochtaí comaitéireachta amach ón gContae.

Is í príomhaidhm na Straitéise Eacnamaíoch ná dul i ngleic leis na treochtaí sin, chun bonn eacnamaíoch níos láidre a chur ar fáil laistigh den chontae agus a chinntiú go bhfuil an Contae ullmhaithe do na hathruithe geopholaitiúla a d'fhéadfadh tarlú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Tugtar liosta thíos de na suíomhanna atá cuimsithe sa Straitéis Eacnamaíoch, agus tugtar léaráid dóibh i Léarscáil 4.1,

- An Uaimh (Páirc Gnó & Teicneolaíochta ÚFT)
- Droichead Átha Theas (Páirc Gnó & Teicneolaíochta ÚFT agus tailte atá faoi úinéireacht phríobháideach)
- Dún Búinne Thuaidh (Tailte atá in aice le Ceann Ráille Áis Pháirceála agus Taistil an M3)
- Cill Dhéagláin (Tailte taobh ó thuaidh de Thimpeallán na Rátha)
- Páirc Gnó Cheanannais

### 4.5.1 Leagan eile Eacnamaíoch de Phlean Forbartha an Chontae 2013-2019

Chun go bhféadfaí an Straitéis seo a chur i bhfeidhm go spásúil, bhí gá ann beartais agus cuspóirí an Phlean a ailíniú le go mbeadh siad ag teacht le prionsabail na Straitéise mar a bhaineann siad le pleanáil reachtúil úsáide talún.

Bhí cur i bhfeidhm na 8 mbeart sonracha sa straitéis mar phríomhfhreagairt ag an Údarás Áitiúil d'fhonn méid na ndeiseanna fostaíochta áitiúla a mhéadú atá ar fáil don daonra cónaitheach. Aithníodh i mBeart 3 sa Straitéis, ach go háirithe, roinnt athbhreithnithe ar an bPlean Forbartha Contae 2013-2019 a bhí riachtanach chun an creat a chur ar fáil ar bhealach dearfach um infheistíocht agus chun fostaíocht a chruthú agus ag an am céanna deireadh a chur leis na bacainní féideartha nach mbeadh gá leo ar fhorbairt a chothóidh fostaíocht. Bhí na ceanglais a d'éascair ó Bheart 3 den Straitéis ina bpríomhchúis le hullmhú Éagsúlachta uimh. 3, mar sin tugadh faoi athbhreithniú cuimsitheach ar an bPlean Forbartha Contae.

Ar an 23 Bealtaine 2016, vótáil Comhaltaí Chomhairle Chontae na Mí ar son glacadh le hÉagsúlacht uimh. 3 ar Phlean Forbartha Contae na Mí 2013-2019 agus mar sin cuireadh tús leis an bpróiseas a spreag an rath eacnamaíoch sa Chontae go dtí seo.



## 4.6 Cúrsaí Eacnamaíochta ag Athrú

Tá an geilleagar tagtha slán as tréimhse dheacair agus táthar ag súil leis go mbainfidh sé amach rátaí fáis bhisiúla inbhuanaitheacha sa mheántéarma. Bhí an Olltáirgeacht Intíre (OTI) chun tosaigh ar gach geilleagar eile san Eoraip agus cláraíodh ráta fáis bliain i ndiaidh bliana de 8.2% in Éirinn in 2018<sup>3</sup>. Táthar ag súil leis go bhfanfaidh an figiúr seo seasmhach sna blianta atá romhainn agus táthar ag tuar go dtiocfaidh méadú 4.9% ar an príomhráta OTI in 2019 agus méadú 3.1% air in 2020<sup>4</sup>

Glactar go forleathan leis gurb é BREXIT and bhagairt is suntasaí atá ann do gheilleagar na hÉireann. Is féidir roinnt cásanna a shamhlú maidir leis sin; is cuma cén toradh a bhíonn ar an idirphlé, níl aon dabht ann ach go mbeidh tionchar mór aige ar ár ngeilleagar. Maidir leis sin, tarraingíonn an NPF aird ar *‘an ghné thras-teorainn agus uile-oileáin a bhaineann leis an straitéis spásúil. Má chuirtear le láidreacht an chaidrimh eacnamaíoch idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste, d’fhéadfadh sé sin cabhrú le iomaíochas an Réigiúin Oirthir agus Lár-Tíre a fheabhsú, agus ag an am céanna drochthionchar Brexit a mhaolú*<sup>5</sup>.

D’fhéadfadh cuideachtaí atá bunaithe in Éirinn agus a bhraitheann ar an RA dá n-easpórtáil a bheith buailte de bharr arduithe i gcostais ghnó mar thoradh ar tharaifí nó laghduithe ar luach airgeadra. Sa chás sin, beidh orthu a gcuid margaidh a éagsúlú chun leibhéil thrádála bhisiúla a choinneáil. Ag teacht le gealltanais an rialtais an trádáil Eorpach a éascú, leanfaidh Idir-Thrádáil Éireann ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do Ghnólachtaí Beaga agus Meánmhéide (SMEanna) a mbíonn ag trádáil trasna na Teorann agus leanfaidh Fiontraíocht Éireann ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta dóibh chun go bhfaighidh na gnólachtaí sin rochtain ar mhargaidh eachtracha. Ar an dea-uair don Chontae, déanann líon mór de na cuideachtaí atá bunaithe sa Chontae agus a fhaigheann tacaíocht ón Oifig Fiontair Áitiúil, déanann siad trádáil i dtreo Bhaile Átha Cliath agus is cosúil go maolódh sé sin an tionchar a bheidh ag Brexit ar na gnólachtaí sin. Beidh ar ghnólachtaí a bhraitheann cuid mhór ar an RA maidir le hamhábhair a iompórtáil nó earraí agus seirbhísí a easpórtáil dul i ngleic le dúshláin agus éiginnteachtaí suntasacha a bhainfidh le taraifí a thabharfaidh isteach nó éagsúlacht rialála idir an AE agus an RA mar chuid d’aon Chomhaontú um Tharraingt Siar.

Cé gur gá don Chontae féachaint chuige go seasfaidh in aghaidh na ndrochiarmhairtí a d’fhéadfadh a bheith ann de bharr BREXIT, d’fhéadfadh buntáistí teacht as freisin. Tá Éire in áit mhaith chun FDI a mhealladh ón RA; in 2015 bhí 3% den ghlaninfheistíocht dhíreach eachtrach ag an Tír, leath an méid a bhí ag an RA – cion iontach mór má chuirtear go bhfuil geilleagar agus daonra na hÉireann i bhfad níos lú ná geilleagar agus daonra na RA. Táthar ag súil leis go laghdóidh leibhéal na hinfeistíochta ó na SAM agus na hinfeistíochta neamh-AE sa RA tar éis Brexit agus infheisteoirí ag lorg bonn san AE (margadh i bhfad níos mó ná an RA, fiú amháin tar éis don RA an tAE a fhágáil). Is deis é sin d’Éirinn agus don Chontae seo ach go háirithe, ós rud é go bhfuil an Contae suite go straitéiseach in aice leis an Tairseach Náisiúnta agus go bhfuil fórsa saothair ardoilte a bhfuil ardoideachas aige le fáil ann.

<sup>3</sup> [Ioncam agus Caiteachas Náisiúnta an POS 2018](#)

<sup>4</sup> [Tráchtairacht Ráithiúil Eacnamaíoch, Fómhar 2019, ITES](#)

<sup>5</sup> Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027

## 4.6.1 Rathúlachtaí agus ag Breathnú níos faide ar aghaidh ná 2022

Ónar seoladh an Straitéis Eacnamaíoch, tá dea-thorthaí bainte amach againn - ní comhtharlú é sin, ach fuarthas na torthaí sin de bharr chur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí atá leagtha amach sa Straitéis Forbartha Eacnamaíoch. Tá rátaí fostaíochta tar éis méadú 1.47% ar bhonn bliantúil le 2,935 post breise cruthaithe sa Chontae, rud a fhreagraíonn do mhéadú 8% ar an bhfostaíocht. Bhí ról lárnach ag an gComhairle Contae i gcur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí, ar cuireadh srian ar a líon d;aoon ghnó agus a díriodh ar na príomhréimsí a fhreagraíonn do láidreachtaí an Chontae agus do na ceisteanna ar gá dó aghaidh a thabhairt orthu;

- 1) An cóimheas poist in aghaidh daonra a mhéadú,
- 2) Sceitheadh eacnamaíoch de bharr easchomaitéireacht a laghdú agus
- 3) Cailteanas san earnáil mhiondíola a laghdú agus an bonn fostaíochta sa Chontae a mhéadú trí níos mó fostaíochta ardchaighdeán eolas-bhunaithe a éascú.

Cuid de na dea-scéalta a bhí ann le déanaí ná forbairtí lárionad sonraí Facebook, Shire (Takeda) Pharma Group agus forbairt Avoca i nDún Búinne, a chuirfidh breis is 550 post ar fáil eatarthu sa Chontae san am atá le teacht. Is táscaire dearfach é forbairt EMeRI Nutrition i bPáirc Gnó ÚFT ar an ngníomhaíocht fostaíochta bhreise atá ag tarlú san Uaimh.

Leanfaidh an Straitéis Eacnamaíoch reatha ar aghaidh go dtí 2022; é sin ráite, táthar ag súil leis go mbeidh na ceisteanna céanna maidir le bonn teoranta na ngníomhaíochtaí eacnamaíoch, easnamh ÚFT srl., chomh hábhartha céanna tar éis 2022 is atá siad faoi láthair. Creidtear freisin go dtiocfaidh feabhas ar threochtaí na méadrach seo i gContae na Mí, agus go bhfeicfear feabhas sa bhonn eacnamaíoch áitiúil. Chun go mbainfí amach an sprioc a aithnítear sa Straitéis - 7,500 post nua a chruthú roimh 2022 - ní mór an ráta fostaíochta a mhéadú 1.74%. Ós rud é gurb é 2.16% an ráta fáis fostaíochta sa Stát, ceaptar go bhfuil an sprioc sin indéanta agus táthar ag súil leis go mbainfear amach an sprioc sin roimh 2022 fiú.

Cé gur tugadh go leor airde don ÚFT agus do na dea-thorthaí atá bainte amach ónar seoladh an Straitéis Forbartha Eacnamaíoch, ní mór tacaíocht a thabhairt i gcónaí don bhonn eacnamaíoch traidisiúnta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí eastóscacha (mianadóireacht agus cairéalú), próiseáil feola, an gnó agraibhia, innealtóireacht agus déantús troscáin srl. Tá fás tagtha ar sciar na ndaoine atá fostaithe sna hearnálacha traidisiúnta sa Chontae ó 11.4% in 2011 go 15.4% in 2016. De bharr an bhorraidh mhóir atá tagtha ar fhostaíocht chliant Fhiontraíocht Éireann (EI), tháinig an Contae sa 5ú háit i measc na gcontaetha ar fad sa tír sa bhliain dheiridh ó thaobh an líon post a cruthaíodh. Tá méadaithe feicthe i bhfostaíocht ghnólachtaí an Údaráis sa Chontae freisin, ó 0.4% go 0.5% den fhostaíocht iomlán. Is táscairí feidhmíochta dearfacha iad sin don Chontae ós rud é gur gnólachtaí móra den chuid is mó iad cliant-chuideachtaí EI, a mbíonn rochtain acu ar mhargaí idirnáisiúnta. Sa mhéid sin, ta buntáiste an Chontae i gcomparáid leis an Stát chomh seasmhach is a bhí riamh; bhí bearna 6.6 pointe céadtadáin ann idir an Contae agus an Stát in 2016. Dá réir sin, is cosúil go mbeidh deiseanna fostaíochta dearfacha ann amach anseo do chuideachtaí faoi úinéireacht Éireannach atá bunaithe sa Chontae.

## 4.7 Plean Forbartha Straitéis Eacnamaíoch & Fostaíochta

Ag cur le fuinneamh chur i bhfeidhm ráthúil na Straitéise Eacnamaíocha agus ag féachaint don ghá a aithnítear san SRSE go dtabharfaí aghaidh ar an dícheangal idir an áit a bhfuil daoine ina gcónaí agus an áit a bhfuil siad ag obair is géire a bhraitear san Oirthear Láir, tá clár uailmhianach maidir le scaipeadh níos leithne fáis eacnamaíoch a bhaint amach ar fud an Chontae á leagan amach ag an gComhairle. Ní fhéadfaidh cur i bhfeidhm na Straitéise a bhaint amach go rathúil go dtí seo gan tacaíocht shuntasach ó na gníomhaireachtaí fostaíochta náisiúnta, go háirithe ÚFT/Fiontraíocht Éireann (EI). Díreoidh an straitéis seo ar chinntiú go ndéantar na suíomhanna straitéiseacha a leagadh amach den chéad uair sa Straitéis Eacnamaíoch a 'leathnú amach', agus go ndéantar suíomhanna breise a thógáil freisin. Thug RSES tacaíocht don phróiseas seo tríd an tsamhail fhorbraíochta maidir le forbairt phobal 'cónaithe is oibre' a mholadh, samhail atá fabhráithe i gcur i bhfeidhm spásúil Straitéis Eacnamaíoch na Mí. Tacaíonn na suíomhanna straitéiseacha fostaíochta a aithnítear le forbairt dhlúthlonnaíochtaí atá nasctha le chéile trí chonairí ilmhódacha agus atá i gcomhréir leis na critéir a bhaineann le fás fostaíochta mar atá leagtha amach in Alt 4.4 den NPF. Is é sin le rá go mbeidh na suíomhanna sin gar do thairseach chriticiúil oibríthe oilte go bhféadfaí seirbhísí amhail soláthar uisce, acmhainn fuíolluisce, naisc leictreachais agus snáthoptaice a chur ar fáil go héasca; go bhfuil an poitéinseal ann go bhféadfaí an tionscal mór atá ann cheana a leathnú amach agus go bhféadfaí talamh a chur ar fáil do thionscal den chineál céanna.

Anuas ar na 5 Shuíomh Fostaíochta Straitéisí a aithnítear sa Straitéis Eacnamaíoch 2014-2022, aithnítear sa Phlean 7 suíomh sa bhreis a d'fhéadfadh páirt a ghlacadh san fhorbairt eacnamaíoch agus tacú le pobail inbhuanaithe a chruthú. Meascán de thailte nuachriosaithe agus de thailte a bhí criosaithe cheana féin atá i gceist leis na suíomhanna sin. An aidhm atá leis na suíomhanna sin a ainmniú mar shuíomhanna fostaíochta straitéisí ná cur chuige comhchosúil a ghlacadh maidir leis na suíomhanna a mhargú is a glacadh leis na suíomhanna a ainmníodh sa Straitéis Eacnamaíoch, a éascú. Tá an bhéim sin ag teastáil chun forbairt a spreagadh ar na tailte seo. Tá suíomhanna na dtailte sin léirithe ar Léarscáil 4.1. ar an taobh eile den leathanach agus seo a leanas iad:

- Tailte ar Bhóthar Bhaile Átha Troim, an Uaimh a aithnítear le haghaidh Úsáidí Ardteicneolaíochta, Trádstórála agus Dáilte<sup>6</sup>;
- Ceantar Máguaird Mhaigh Nuad (talamh a ainmníodh cheana le haghaidh úsáidí fostaíochta agus talamh bhreise);
- Ráth Tó, tailte idir an limistéar i Ráth Tó ina bhfuil mórchuid foirgneamh ann agus ionad eachaíochta Thigh na Sióg/Tattersalls, d'fhonn mol fostaíochta eachaíochta a chruthú (talamh atá ainmnithe le haghaidh úsáidí fostaíochta cheana, talamh breise a aithníodh);
- Ceanannas, tailte os comhair Chlub Gailf Dhiméin Cheanannais (talamh a ainmníodh cheana le haghaidh úsáidí fostaíochta);
- An Inse, tailte in aice le Stáisiún Traenach na hInse (tailte criosaithe don fhostaíocht cheana féin, tailte breise aitheanta);
- An Bóthar Buí, tailte taobh thoir de limistéar foirgnithe an Bhóthair Buí (tailte criosaithe don fhostaíocht cheana féin);
- Dún Seachlainn, tailte taobh ó dheas de lár an bhaile (talamh a ainmníodh cheana le haghaidh úsáidí fostaíochta agus talamh bhreise).

<sup>6</sup> Aithnítear cuid de na tailte seo le haghaidh úsáidí fostaíochta de réir Malairt Leagain 3 de Phlean Forbartha na hUaimhe. Glacadh leis an Malairt Leagain seo i R4 2019.

Plean



Léarscáil 4.1 Suíomhanna Straitéiseacha Fostaíochta

Is é beartas na Comhairle:

- BEA FE 2 Forbairt eacnamaíoch an Chontae a thacú agus a éascú i gcomhréir le Straitéis Eacnamaíoch 2014-2022 nó cibé straitéis a thiocfaidh ina dhiaidh. Beidh toimhde in aghaidh aon fhorbairt a dhéanann dochar do chur i bhfeidhm na Straitéise Eacnamaíoch.
- BEA FE 3 Soláthar phobail ‘chónaithe is oibre’ a chur chun cinn, áit a bhfuil fostaíocht, cónaitheacht agus áiseanna iompair inbhuanaithe suite i gcóngar dá chéile, rud a laghdódh treochtaí cianchomaitéireachta agus brú tráchta.
- BEA FE 4 Réimse áiteanna sa Chontae a aithint agus a chur chun cinn le haghaidh gníomhaíochtaí éagsúla fiontair lena n-áirítear páirceanna gnó agus teicneolaíochta idirnáisiúnta, ionaid do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide (SMEanna) agus do mhicreaghnóthais.
- BEA FE 5 Comhoibriú le gníomhaireachtaí forbartha áitiúla agus náisiúnta agus caidreamh a bhunú le fostóirí mórsála poiténsiúla agus le fostóirí mórsála atá ann cheana chun deiseanna jabchruthúcháin a mhéadú sa Chontae. Contae

BEA FE 6	Cinntiú go mbíonn forbairtí a bhfuil go leor daoine iontu suite in aice le gréasáin straitéiseacha iompair phoiblí.
BEA FE 7	Tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí nuathionscanta agus d'fhiontair thionsclaíocha bheaga ar fud an Chontae.
BEA FE 8	Tionscail bheaga dhúchasacha a chur chun cinn agus a éascú agus iad a lonnú in áiteanna a bhfuil bonneagar cumarsáide maith ann, mar aitheantas don ról níos tábhachtaí ná riamh atá acu chun fostaíocht áitiúil a chur ar fáil agus cúnamh a thabhairt chun an ghníomhaíocht eacnamaíoch a spreagadh i bpobail bheaga.
BEA FE 9	Tacú le húsáid ionaid i lár bailte d'fhiontair nua atá dírithe ar sheirbhísí.
BEA FE 10	Cinntiú go ndéantar tailte le haghaidh úsáidí fostaíochta a chríosú ar bhealach a chosnaíonn an infheistíocht sa ghréasán bóithre náisiúnta, i gcomhréir le Caibidil 2 de threoirlínte na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil maidir le Pleanáil Spásúil agus Bóithre Náisiúnta.
BEA FE 11	Riachtanas a bheith ann go mbeadh Plean bainistíochta réthaistil ag gach forbairt nua a bhfuil níos mó ná 100 fostaí aici, (Déan tagairt do Chaibidil 11 Caighdeán Bhainistíochta Forbartha agus Cuspóirí Críosaithe d'Úsáid Talún)
BEA FE 12	Tacú le himeachtaí ar thránna an Chontae a bhreithneofaí go hiomchuí agus nach mbeadh tionchar acu ar thimpeallachtaí íogaire cósta (e.g. córais dumhcha, bogaigh chósta agus inbhir) agus a chomhlíonadh ceanglais na Treorach maidir le Gnáthóga agus breithnithe timpeallachta eile.
Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:	
PleanCUS FE 1	Aghaidh a thabhairt ar an ráta easchomaitéireachta, arb é an ráta is airde in aon Chontae sa Stát é, trí phobail 'chónaithe is oibre' a chruthú i lonnaíochtaí straitéiseacha a bhfuil córas iompair inbhuanaitheach ag freastal orthu, rud a chuirfidh feabhas ar chaighdeán na beatha sna pobail sin, agus a spreagfaidh an saorálaíochas agus rannpháirtíocht sa phobal.
CUS FE 2	Leanúint de Chontae na Mí a chur chun cinn mar mhol eacnamaíoch agus fostaíochta atá suite go straitéiseach laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.
CUS FE 3	Leanúint ar aghaidh a bheith ag obair le príomhghníomhaireachtaí stáit agus le páirtithe leasmhara eile chun deiseanna fostaíochta a fhorbairt don Chontae.
CUS FE 4	Suíomhanna oiriúnacha a aithint agus tacaíochta a chur ar fáil d'áiseanna um obair chomhionaid, do mhoil dhigiteacha/ríomh-mhoil agus d'ionaid ríomhoibre ar fud an Chontae a fheidhmeodh mar mhoil for-rochtana d'fhostóirí bunaithe sa chathair agus a chuirfeadh socruithe solúbtha oibre chun cinn.
CUS FE 5	Oibriú le hUisce Éireann agus le soláthraithe bonneagair eile chun tacaíocht a thabhairt do sholáthar seirbhísí agus áiseanna a chuirfidh le fás eacnamaíoch an Chontae amach anseo agus iarracht a dhéanamh acmhainní bonneagair a chur ar leataobh le haghaidh úsáidí giniúna fostaíochta.
CUS FE 6	Talamh oiriúnach a cheannach (faoi réir an mhéid maoinithe atá ar fáil), lena n-áirítear más ábhartha, suíomhanna faoi úinéireacht Stáit atá as úsáid, chun

tionscnaimh fhiontraíochta chruthaitheacha agus nuálacha a chur ar bun agus chun gortanna fiontraíochta cnuasaithe a sholáthar.

## 4.7.1 Limistéir Eacnamaíocha – Limistéar Cathrach

### 4.7.1.1 Dún Búinne

Tá sé mar thosaíocht i gcónaí ag an gComhairle leas a bhaint as an acmhainneacht mhór a chuireann na tailte in aice le hOllpháirc an M3 i nDún Búinne Thuaidh ar fáil, atá mar cheann de na cúig phríomhshuíomh straitéiseacha a aithnítear i Straitéis Forbartha Eacnamaíoch Chontae na Mí. Tá sé i gceist an suíomh a úsáid le haghaidh deiseanna fostaíochta san earnáil ardteicneolaíochta measctha le húsáidí comhlántacha agus tacaíochta eile amhail úsáidí cónaithe agus pobail bunaithe ar shamhail an phobail inbhuanaithe. Tá an Chomhairle tiomanta go hiomlán i gcónaí do phobal ‘cónaithe is oibre’ beomhar a chruthú san áit seo i gcomhréir leis an RSES. Ag féachaint don mhéid teoranta talún i gContae na Mí atá suite laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, tá sé rithábhachtach tús áite a thabhairt do na tailte sin ó thaobh seirbhísí agus bonneagar de chun go soláthrfaí an méid forbartha ichineálach atá leagtha amach sa SRSE. Ina theannta sin, chuirfeadh forbairt na dtailte sin go mór leis an infheistíocht airgeadais phoiblí mhór a rinneadh cheana féin sa limistéar le cómhálartú iompair phoiblí a chruthú. An aidhm atá leis an bhforbairt ná an ráta suntasach easchomaitéireachta 77% ón limistéar seo a laghdú<sup>7</sup>. Aithníodh an limistéar seo mar áit ina a bhfuil an cumas ann airde foirgneamh a mhéadú, (Déan tagairt do Chaibidil 11 Caihdeáin Bhainistíochta Forbartha agus Cuspóirí Criosaithe d’Úsáid Talún)

Tá éirithe go han-mhaith le forbairtí ionad sonraí Facebook ar na tailte fiontair agus fostaíochta ag an bPortán, Cluain Aodha i gContae na Mí. I bhfianaise ghaireacht na dtailte sin don chábla snáthoptaice T50 agus an rochtain ar leictreachas ardvoltais, tá deis ann tuilleadh infheistíocht eacnamaíoch a chruthú sa cheantar trí thailte breise a aithint d’úsáidí fiontair agus fostaíochta. Déanfaidh na tailte breise sin cnuasú agus ceirtleán fhorbairtí cosúla sa suíomh seo a chur chun cinn. Tacaíonn beartas Náisiúnta agus Réigiúnach le héascú forbairtí ‘a éilíonn go leor talún’ ag suíomhanna dá leithéid Tacaíonn beartais CNP/SRSE le héascú forbairtí ‘a éilíonn go leor talún’ ag suíomhanna dá leithéid.

CUS FE 7	Comhpháirtíocht oideachais a chur chun cinn idir institiúidí tríú leibhéal inrochtana amhail Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, COBÁC, Coláiste na Tríonóide, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir, Coláiste Breisoideachais Dhún Búinne, gnólachtaí atá ann cheana agus gnólachtaí poitéinsiúla agus an Chomhairle. Dún Búinne a chur chun cinn mar bhonn fostaíochta a bhfuil rochtain dhíreach aige ar chéimithe oilte agus bunú ghnólachtaí nuathionscanta a chur chun cinn sa cheantar.
CUS FE 8	Forbairtí ilchineálacha agus ionaid inbhuanaithe a chur chun cinn ina bhfuil seirbhísí / áiseanna áitiúla fostaíochta, cónaithe agus oideachais lonnaithe i gcóngar dá chéile.
CUS FE 9	Forbairt shineirgí idir Dún Búinne agus Maigh Nuad a chur chun cinn trí champais Eolaíocht na Beatha / SMART Park a chruthú i gcomhpháirtíocht agus i gcomhar le hinstitiúidí tríú leibhéal seanbhunaithe.

<sup>7</sup> Sonraí a fuarthas ó POWSCAR 2017.

#### 4.7.1.2 Maigh Nuad

Tá Ceantar Máguaird Mhaigh Nuad i gContae na Mí suite ar imeall thuaidh an bhaile ollscoile dinimiciúil, Maigh Nuad. Cuimsíonn na tailte sin 139 heicteár thart ar 1.5 km thoir thuaidh ó lár an bhaile. Tá na tailte suite in áit mhealltach agus lán de charachtar in aice le hEastáit Carton House, áit a bhfuil óstán ardchaighdeán a úsáidtear chun críocha gnó agus áineasa. Tá fás ag teacht ar phobal mac léinn agus cónaithe an bhaile, agus tá naisc traenach agus mhótarbhealaí sheanbhunaithe aige le Baile Átha Cliath agus leis an Iarthar.

Aithníonn RSES an cumas atá ag Maigh Nuad spás a chur ar fáil d'fhás suntasach fostaíochta agus cónaithe agus ainmníodh mar Eochairbhaile é dá bharr. Maíonn RSES nach mór do Chomhairlí Contae Chill Dara agus na Mí Comhphlean Ceantair Áitiúil a ullmhú agus a ghlacadh chun feabhas a chur ar an gcomhoibriú a bheidh ag teastáil chun Maigh Nua agus a cheantar máguaird i gContae na Mí a fhorbairt, (tagairt CBR 4.35). Leagann an CBR amach go leagfaidh an Comhphlean Ceantair Áitiúil síos teorainn don bhailie agus go ndéanfaidh sé limistéir straitéiseacha tithíochta agus fostaíochta agus ceangaltais don infheistíocht sa bhonneagar a aithint agus níos mó comhórdaithe agus forbartha céimnitheach a chur chun cinn i dtaobh tailte a bhfuil seirbhísí ar fáil iontu cheana a fhorbairt. Mar sin, cuirfidh an Comhphlean Ceantair Áitiúil ar chumas Ceantar Máguaird Mhaigh Nuad ról gníomhach a bheith aige i bhforbairtí nua an bhaile ollscoile seo.

Tá forbairt Cheantar Máguaird Mhaigh Nuad á chur chun cinn ag an gComhairle mar leathnú amach nádúrtha den bhaile. Tá sé i gceist ag an gComhairle an tsamhail fhorbhraíochta 'cónaithe is oibre' a leanúint, arna tacú ag an RSES, agus cuirfear béim ar leith ar sholáthar úsáidí straitéiseacha fostaíochta san ionad seo. I bhfianaise chomh cóngarach is atá Ceantar Máguaird Mhaigh Nuad le campais na hOllscoile, d'fhéadfadh an tsamhail chónaithe roinnt chóiríocht do mhic léinn a chur ar fáil freisin. Cuireann na tailte in aice le Carton deis ar fáil tuilleadh feabhais a chur ar an táirge turasóireachta rathúil atá ann cheana.

Ba mhaith leis an RSES aird a tharraingt ar na deiseanna móra atá ann chun fostaíocht eolasbhunaithe a fhorbairt ag díriú isteach ar TFC agus ar dhéantúsaíocht trí champas taighde agus teicneolaíochta a fhorbairt i gContae Chill Dara siar ón gcampas atá ann cheana. Tá sé rithábhachtach go ndéanfaí a thuilleadh forbartha ar Ollscoil Mhá Nuad mar áis taighde agus oideachais den chéad scoth má theastaíonn uainn geilleagar an bhaile agus an réigiúin a fhorbairt agus tá cumas ann sineirgí a chruthú le fostóirí seanbhunaithe amhail Intel agus Hewlett Packard. Rinne RSES tailte ag Maigh Gadaí laistigh de Cheantar Máguaird Mhaigh Nuad i gContae na Mí a aithint don fhostaíocht atá bunaithe ar an Eolaíocht agus an Teicneolaíocht. Leagann Plean Forbartha an Chontae amach go mbeidh an Ceantar Máguaird mar phointe lárnach don fhostaíocht san earnáil eolaíochta agus teicneolaíochta agus go bhfuil tuilleadh cumais ann chun úsáidí turasóireachta a fhorbairt freisin. Tá na húsáidí fostaíochta bunaithe ar na cuspóirí atá leagtha amach sa Straitéis Eacnamaíoch a dhíríonn isteach ar Eolaíochtaí na Beatha, an Ardteicneolaíocht, an Bhteicneolaíocht, TFC, Taighde & Forbairt agus a bhfuil mar aidhm acu leas a bhaint as na sineirgí atá ann le hinsitiúidí tríú leibhéal, insitiúidí amhail Ollscoil Mhá Nua agus fostóirí móra eile atá lonnaithe sa bhForéigiún (Intel, Hewlett Packard). Tá sé mar aidhm ag an Straitéis Eacnamaíoch an limistéar a shainathint mar ionad barr feabhais sa gheilleagar eolasbhunaithe, ag féachaint go háirithe dá shuíomh in aice le Conair Faisnéise an M4. Is é an cuspóir ná 'comhpháirtíocht dhinimiciúil' a chur chun cinn idir cuideachtaí ilnáisiúnta, Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide

Dhúchasacha (SMEanna), agus institiúidí tríú leibhéal amhail Ollscoil Mhá Nuad, i dtimpeallacht cineál campais a bhfuil ardchaighdeán deartha aige. Tá a fhios ag an gComhairle go bhfuil spéis ann chun ospidéal príobháideach agus na háiseanna leighis a bhaineann leis a fhorbairt i gCeantar Máguaird Mhaigh Nuad. Chuirfeadh forbairt den chineál sin go mór leis an bhfostaíocht sa cheantar agus d'fhéadfadh áiseanna don taighde leighis a bheith i gceist leis freisin.

Tugtar aitheantas in CBR 4.33 don riachtanas atá ann bonneagar straitéiseach a sheachadadh ar bhonn comhtháite, mar seo a leanas: *'Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt leanúnach Mhaigh Nuad, arna comhordú le seachadadh an bhonneagair straitéisí lena n-áirítear naisc do choisithe agus do rothaithe idir lár an bhaile agus Glasbealach na Canálach Ríoga, leathnú amach na naisc DART agus na mbóithre a bhfuil mar chuid de Chuarbhealach Eachtrach Mhaigh Nuad; agus é sin a dhéanamh ar bhealach a thacaíonn leis an bhforbairt agus le fás an daonra amach anseo agus a chuireann leis na sinéirgí atá ann faoi láthair le hOllscoil Mhá Nuad, d'fhonn geilleagar eolasbhunaithe a chur chun cinn.'*

Cuimsíonn an Plean Forbartha cuspóirí tacaíocha maidir le seachadadh Chuarbhealach Eachtrach Mhaigh Nuad atá suite i gCeantar Máguaird Mhaigh Nuad; féach Caibidil 5, Straitéis Réthaistil. Fuair cuid den chuarbhealach seo i gContae Chill Dara maoiniú ón gCiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (LIHAF). Cuid ríthábhachtach d'aon togra forbartha i gCeantar Máguaird Mhaigh Nuad ná an cumas atá ann naisc inbhuanaithe leis an stáisiún traenach a sheachadadh. Aithníonn RSES Maigh Nuad mar phríomhlonnaíocht ar an gconair thiar thuaidh agus measann sí go dtacóidh leictriúchán líne Mhaigh Nuad, a bhfuiltear ag súil lena sheachadadh roimh 2027, le fás céimnitheach Léim an Bhradáin agus Mhaigh Nuad.<sup>8</sup>

Tacaíonn an Plean Straitéiseach don Cheantar Cathrach (MASP) le giniúint fostaíochta ag suíomhanna straitéiseacha laistigh den cheantar cathrach chun an bonn fostaíochta áitiúil a neartú agus chun an brú ar ghréasán iompair na cathrach a laghdú, lena n-áirítear; ceantair fostaíochta nua i Sord agus ag Aerfort Bhaile Átha Cliath/i bFine Gall Theas; Maigh Nuad; Bré; Na Clocha Liatha; Dún Búinne-An Portán; agus Léim an Bhradáin.

CUS FE 10	I gcomhréir le CBR 4.33 den Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch, tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt leanúnach Mhaigh Nuad, arna comhordú le seachadadh an bhonneagair straitéisí lena n-áirítear naisc do choisithe agus do rothaithe idir lár an bhaile agus Glasbealach na Canálach Ríoga, leathnú amach na naisc DART agus bóithre a bhfuil mar chuid de Chuarbhealach Eachtrach Mhaigh Nuad; agus é sin a dhéanamh ar bhealach a thacaíonn leis an bhforbairt agus le fás an daonra amach anseo agus a thógann ar na sinéirgí atá ann faoi láthair le hOllscoil Mhá Nuad, d'fhonn geilleagar eolasbhunaithe a chur chun cinn.
CUS FE 11	Na príomhnaisc agus comhpháirtíochtaí le hOllscoil Mhá Nuad a chur chun cinn, lena n-áirítear an limistéar a ainmniú mar ionad barr feabhais sa gheilleagar eolasbhunaithe.
CUS FE 12	Comhoibriú le Comhairle Contae Chill Dara chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an limistéar mar áit a mheallann go leor fostaíochta sna hEolaíochtaí Beatha, san Ardteicneolaíocht, sa Bhiteicneolaíocht, TFC, Taighde & Forbairt. Oibreoidh an chomhairle i gcomhar le Comhairle Contae Chill Dara, le hUisce Éireann agus le

<sup>8</sup> Alt 5.4 Plean Straitéiseach do Cheantar Cathrach Bhaile Átha Cliath



gníomhaireachtaí eile chun a chinntiú go ndéanfaí an príomhbhonneagar atá ag teastáil don fhorbairt amach anseo a sheachadadh.

CUS FE 13 Turasóireacht ar ardchaighdeán, gníomhaíochtaí fóillíochta agus gníomhachtaí bainteacha eile a fhorbairt agus a chur chun cinn, chun cur leis na taitneamhachtaí atá sa cheantar cheana féin, amhail Teach agus Eastát Carton, baile Mhaigh Nuad agus Ollscoil Mhá Nuad, chun ionad turasóireachta a bhfuil tábhacht náisiúnta leis a chur ar fáil.

CUS FE 14 Tá sé mar thosaíocht ag an gComhairle cumas mór na dtailte i gCeantar Máguaird Mhaigh Nuad a bhaint amach, tailte atá ainmnithe mar shuíomh straitéiseach fostaíochta, chun mol fostaíochta uathúil a chruthú atá dírithe ar champas ardteicneolaíochta/biteicneolaíochta ar na tailte, arna thacú ag pobal ‘cónaithe is oibre’ a bhfuil meascán d’úsáidí fostaíochta, cónaithe, pobail, leighis agus turasóireachta ann. Tá sé seo le cur chun cinn tar éis ullmhúchán na Máistirphleananna. Déanfar na Máistirphleananna sin a chomhaontú i scríbhinn le Coiste Feidhmiúcháin Chomhairle Contae na Mí sula gcuirfear isteach aon iarratas Pleanála. D’fhéadfaí foirgnimh níos airde a thógáil sa limistéar seo, rud a phléifear mar chuid den Mháistirphlean.

(Déan tagairt le do thoil d’Imleabhar Ráiteas Scríofa Cheantar Máguaird Mhaigh Nuad chun mionsonraí a fháil faoi na ceangaltais atá ann i dtaca leis an Máistirphlean)

## 4.7.2 Limistéir Eacnamaíochta – Croílimistéar

### 4.7.2.1 Conair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste

Aithnítear conair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath – Béal Feirste sa Chreat Náisiúnta Pleanála (NPF) mar *‘an ceirtleán eacnamaíoch is mó in oileán na hÉireann’*. Is ionann an chonair seo agus an bealach isteach chuig an oileán agus tá sé mar bheartas ag an NPF *‘poitéinseal eacnamaíoch na conaire a chur chun cinn agus í a fhorbairt mar limistéar spásúil uathúil’*.

Nascann an Chonair sin an dá phríomhchathair mórsála ar an Oileán agus tá daonra iomlán - idir Thuaisceart Éireann agus Phoblacht na hÉireann - d’os cionn 3.3 milliún duine sa limistéar thart timpeall uirthi, limistéar ina bhfuil Droichead Átha, Dún Dealgan agus an tIúr. Tá sé de chumas ag an gConair seo an t-aon phol fáis poitéinsiúil de chathracha péireáilte mórsála a chur ar fáil ar an Oileán - scála a shroicheann an tagarmharc Eorpach daonra 5 mhilliún a chuireann ar a chumas dul san iomaíocht le réigiúin chathracha eile san AE. Tá tábhacht idirnáisiúnta ag an gConair de bharr an riachtanais atá ann gníomhú in aghaidh dhrochthionchar BREXIT trí bheartas spásúil eacnamaíoch réamhghníomhach a chur i bhfeidhm. Tá deiseanna breise ann freisin chun tuilleadh Infheistíochta Dhíriúcháin Eachtraigh (FDI) a mhealladh chuig mol Cógaisíochta an Lú ag lár na Conaire, mar shampla, nó chuig an gcnuas ríomhíocaíochtaí. Trína mais chriticiúil a mhéadú, tiocfaidh méadú ar an daonra agus ar an bhfostaíocht ar bhealach inbhuanaithe atá dírithe ar chnuasaigh agus speisialachais chliste, rud atá ag teacht le Straitéis Lonnaíochta agus Eacnamaíoch an Réigiúin mar a leagtar amach í sa SRSE. Cuireann an Chonair naisc straitéiseacha fairsinge ar fáil freisin ar fud an Oileáin tríd an líonra TEN-T agus trí bhealach Bhaile Átha Cliath- Ros Láir.

### 4.7.2.2 Ionad Fáis Réigiúnach – Droichead Átha

Leagtar amach sa SRSE ról agus feidhm Ionaid Fáis Réigiúnaigh, is é sin a bheith mar phointe lárnach don fhás daonra agus don fhorbairt eacnamaíoch agus cur leis an bhfás náisiúnta agus réigiúnach.

Is léiriú é ar shuíomh straitéiseach na lonnaithe ar feadh Chonair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste agus a acmhainneacht poist agus infheistíocht a mhealladh gur ainmníodh Droichead Átha mar Ionad Fáis Réigiúnach sa CNP. Cuireann a nasctha is atá an baile le Baile Átha Cliath agus Béal Feirste, agus le Droichead Átha agus an tIúr béim ar na deiseanna atá ann sineirgí agus naisc eacnamaíocha a fhorbairt ar feadh an conaire sin.

Aithnítear sa SRSE freisin acmhainneacht tailte i gCeantar Máguaird Theas Dhroichead Átha chun freastal ar infheistíocht eacnamaíoch nuair a scríobhtar i gcuid 4.5 den Straitéis go ndéanfar *“tacaíocht a thabhairt d’fhorbairt inbhuanaitheach na dtailte a ndearnadh criosú orthu cheana i gCeantair Máguaird Thuaidh agus Theas an bhaile, ag cur béim go háirithe ar chur chun cinn Pháirc Gnó ÚFT mar shuíomh don infheistíocht eacnamaíoch...”*<sup>9</sup>

Anuas air sin, tá stráice mór tailte fostaíochta ag Bryanstown a bhfuil sé d’acmhainn acu rannchuidiú suntasach a dhéanamh d’fhorbairt eacnamaíoch an cheantair.

Tá an Chomhairle tiomanta do Chomhphlean Uirbeach a fhorbairt don cheantar seo i gcomhar le Comhairle Contae an Lú agus an ceantar a fhorbairt i gcomhpháirtíocht léi ar bhealach comhordaithe agus comhlántach. Feictear cumas eacnamaíoch na dtailte seo sna rátaí fáis agus fostaíochta a bhí ag an gceantar i rith na tréimhse idir-áireamh, nuair a mhéadaigh líon na ndaoine fostaíthe 44%.<sup>10</sup>

Maidir le háiseanna calafoirt sa cheantar, tacaíonn an SRSE le ról Calafort Droichead Átha i CBR 4.12. Thacaigh na TPRanna leis an iniúchadh maidir le Calafort Bhaile Átha Cliath a leathnú chun freastal ar áis nua calafoirt ar an gcósta thoir, ach níor leanadh leis sin sa SRSE. Cuireadh tograí chun cinn roimhe seo maidir le calafort domhainmhara, ionad lóistíochta agus páirc ghnó den chéad scoth a fhorbairt ag Baile Mhic Gormáin, Contae na Mí.<sup>11</sup> Aithnítear buntáistí eacnamaíochta féideartha áis den chineál sin ag an suíomh seo.

Is iad seo a leanas na cuspóirí forbartha eacnamaíocha don cheantar seo atá lonnaithe ar an M1 agus a aithnítear san CNP mar bhealach isteach chuig an oileán:

CUS FE 15	Straitéis a fhorbairt i gcomhar le Comhairle Contae an Lú agus le páirtithe leasmhara eile chun forbairt agus leathnú a dhéanamh ar Dhroichead Átha mar chuid de chomhfhís agus Plean Uirbeach do Dhroichead Átha <sup>12</sup> .
CUS FE 16	Leanúint ar aghaidhde chumas eacnamaíoch chonair an M1 a thacú agus a chur chun cinn, ag tógáil ar na láideachtaí atá ann cheana. Cuirfear béim ar an gconair a fhorbairt mar limistéar spásúil sainiúil a bheidh infheicthe go hidirnáisiúnta.
CUS FE 17	Páirc Ghnó ÚFT Dhroichead Átha (Bóthar Dhuain Uabhair) agus an talamh atá taobh léi a fhorbairt le haghaidh infheistíocht eacnamaíoch. Tá neart cumas forbartha breise i bPáirc Ghnó ÚFT, agus tabharfaidh an Chomhairle tús áite dó seo i gcomhar leis an ÚFT.

<sup>9</sup> Ráiteas Scríofa do Dhroichead Átha i gCuid 4.5. den SRSE ar leathanach 64

<sup>10</sup> Sonraí a fuarthas ó POWSCAR 2016

<sup>11</sup> Thug Cuid 4.1.5 de Phlean Forbartha Contae na Mí 2013-2019 ‘Conair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste M1 & Soláthar Áise Calafóirt Domhainmhara ag Oirthear na Mí’ le fios go bhfuil an tionscadal ag an gcéim réamh-fhéidearacha agus measúnaithe timpeallachta. Agus é seo á scríobh, ní raibh aon dul chun cinn déanta maidir leis an tionscadal seo.

<sup>12</sup> Mar a éilíonn athbhreithniú an choiste teorainn.

CUS FE 18	Comhpháirtíocht oideachasúil a chur chun cinn idir institiúidí tríú leibhéal inrochtana amhail Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan agus Insitiúid Bhreiseoideachais Dhroichead Átha, gnólachtaí atá ann cheana agus an Chomhairle.
CUS FE 19	Ceantar Máguaird Theas Dhroichead Átha a chur chun cinn mar bhonn fostaíochta agus bunú gnólachtaí nuathionscanta a chur chun cinn sa cheantar.
CUS FE 20	Forbairt thailte fostaíochta ag Bryanstown agus Bóthar an Mhuilinn/Bóthar an Mhéirse a chur chun cinn mar chuid den phobal ‘cónaithe is oibre’ sna háiteanna sin.
CUS FE 21	Tuilleadh forbartha den fostaíocht ardluacha agus sna seirbhísí airgeadais i gCeantar Máguaird Dhroichead Átha a chur chun cinn.
CUS FE 22	Iarracht a dhéanamh cumas turasóireachta an mhoil turasóireachta tábhachtach i réigiún Ghleann na Bóinne a chur chun cinn a mhéid agus is féidir, réigiún ina bhfuil Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA, Brú na Bóinne, agus ina bhfuil Suíomh Chath na Bóinne ag an Seandroichead chomh maith le ceantar chósta Oirthir na Mí a théann ó Bhaile Uí Mhornaín go Baile Mhic Gormáin, agus cosaint chomhshaoil ghnáthóga agus thírdhreacha íogaireacha an chósta á áirithiú.

#### 4.7.2.3 Eochairbhaile- An Uaimh

Tá an-tábhacht ag baint leis an nasc iarnróid le Baile Átha Cliath chun mealltacht na hUaimhe a chinntiú mar lárionad infheistíochta agus fostaíochta agus bheadh tionchar dearfach aige sin ar dhaonra an bhaile a bhfuiltear ag súil leis go méadóidh sé go 50,000 sa bhfadtearma a fhás.

Tá sé mar aidhm ag an straitéis forbartha seo cothromaíocht a bhaint amach sa soláthar fostaíochta ionas go mbeidh rochtain ag cónaitheoirí na hUaimhe ar dheiseanna fostaíochta nach bhfuil i bhfad ó bhaile, rud a laghdóidh leibhéal na comaitéireachta sa cheantar ina iomláine. Cinnteoidh an straitéis seo go n-aithnítear an príomhacht atá ag an Uaimh, agus go ndéantar an príomhacht sin a chosaint agus a chur chun cinn, fad is a chinnteofar thar am go ndéanfar roinnt príomhionad fostaíochta tacaíochta eile a fhorbairt mar atá luaite thuas, rud a bhainfidh amach cothromaíocht i leithroinnt na ndeiseanna fostaíochta ar fud an Chontae. Féadfaidh foirgnimh níos airde a thógáil san Uaimh, in áiteanna oiriúnacha agus ag féachaint d’úsáid na talún atá in aice lámhe, agus do phatrún agus nádúr na talún sin. Déanfar é sin a phlé mar chuid den Phlean Ceantair Áitiúil (LAP) nua.

Is ionann Páirc Ghnó agus Teicneolaíochta ÚFT san Uaimh agus ceann amháin de na príomhshuíomh straitéiseach fostaíochta sa Chontae. D’aithin an Straitéis go bhfuil thart ar 23.5ha talamh ar fáil le haghaidh forbartha laistigh den Pháirc ÚFT agus go bhféadfaí spás a chur ar fáil sna tailte sin do ghníomhaíochtaí eacnamaíochta a bhfuil go leor daoine nó táirgí ag teastáil uathu, lena n-áirítear seirbhísí agus déantúsaíocht Ardteicneolaíochta – eolasbhunaithe E1. Rinneadh tailte fostaíochta eile a aithint i mBaile Fargáin san Uaimh (thart ar 40 heicteár) a d’fhéadfadh spás a chur ar fáil d’fhorbairtí den chineál céanna, forbairtí a bhfuil go leor talún ag teastáil uathu amhail lárionaid sonraí. Rinneadh tailte straitéiseacha fostaíochta a aithint taobh ó dheas den bhaile ar Bhóthar Bhaile Átha Troim. Mar a mhaíonn CBR 47 den RSES: *‘Tacaíocht a thabhairt d’fhorbairt thailte straitéiseacha fostaíochta ar Bhóthar Bhaile Átha Troim san Uaimh, faoi réir thorthaí na measúnachta comhshaoil cuí agus an phróisis phleanála.’*

Tá sé mar aidhm ag an Straitéis Eacnamaíoch cur leis an rath a bhí ar Pháirc Tionsclaíoch an Mhullaigh Bhuí agus tailte Tionsclaíoch Lios Cartáin, agus rinneadh tailte breise a aithint in aice leis

na suíomhanna sin chun fás leanúnach na n-earnálacha dúchasacha agus na nGnóthas Beag agus Meánmhéide (SME) a éascú.

Déantar cur chuige réamhghníomhach maidir le margaíocht agus seachadadh na forbartha eacnamaíoch sna tailte seo a chur chun cinn go láidir sa Straitéis Forbartha Eacnamaíoch.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

CUS FE 23	Eochairbhaile na hUaimhe a chur chun cinn mar phríomhionad fostaíochta sa Chontae ionas go gcuirfear deiseanna fostaíochta ar fáil nach bhfuil i bhfad ó bhaile don daonra mór cónaithe, rud a laghdóidh leibhéal na comaitéireachta sa cheantar ina iomláine.
CUS FE 24	Leathnú amach iarnród Dhún Búine/Ollpháirc an M3 go dtí an Uaimh i rith athbhreithniú Meántearma na Straitéise Réigiúnaí Spásúla agus Eacnamaíche, i gcomhréir le Tábla 8.2 den Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch. <sup>13</sup>
CUS FE 25	Tábhacht an tOspidéal Réigiúnach a aithint mar spreagadh do dheiseanna móra fostaíochta i gcomhréir le CBR 4.44 den Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch.
CUS FE 26	I gcomhréir le CBR 4.42 den Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch, tacaíocht a thabhairt do sheachadadh an bhonneagair bóithre d'fhonn tailte straitéiseacha cónaithe agus fostaíochta a chur ar fáil le haghaidh forbairt inbhuanaithe agus chun nascthacht agus réthaisteal daoine agus seirbhísí san Uaimh a fheabhsú.
CUS FE 27	An Uaimh a chur chun cinn mar bhonn fostaíochta agus bunú gnólachtaí nuathionscanta a chur chun cinn sa cheantar.
CUS FE 28	Comhpháirtíocht oideachasúil a chur chun cinn idir institiúidí tríú leibhéal inrochtana amhail COBÁC, Coláiste na Tríonóide, DCU, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir, gnólachtaí atá ann cheana agus an Chomhairle.
CUS FE 29	Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Pháirc Gnó & Teicneolaíochta ÚFT na hUaimhe mar cheann de na suíomhanna straitéiseacha le haghaidh infheistíocht eacnamaíoch i gContae na Mí, mar a aithnítear i Straitéis Forbartha Eacnamaíoch 2014-2022.
CUS FE 30	I gcomhréir le CBR 4.47 den Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch, tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt thailte straitéiseacha fostaíochta ar Bhóthar Bhaile Átha Troim san Uaimh, faoi réir thorthaí na measúnachta timpeallachta cuí agus an phróisis Phleanála.
CUS FE 31	Forbairt na dtailte Fostaíochta Straitéisí ag Baile Fargáin a chur chun cinn le haghaidh fiontar ginearálta ardteicneolaíochta agus úsáidí fostaíochta (criosú E1/E2).
CUS FE 32	Leanúint ar aghaidh an Uaimh a fhorbairt mar Lár Baile Leibhéal II agus mar phríomhshuíomh miondíola sa Chontae. Molfar siopadóireacht chomparáideach éagsúil sa bhaile chun ligean an mhiondíola chomparáidigh chuig an réigiún mór a chosc.

<sup>13</sup> Faoi réir Dhréacht-threoir Aire, Lúnasa 2019

CUS FE 33	Tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm Phlean Ríocht Phoiblí 'An Uaimh 2030' chun an baile a dhéanamh níos mealltaí mar áit chun siopadóireacht, cuartaíocht agus gnó a dhéanamh ann, i gcomhréir le CBR 4.43 den Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch.
CUS FE 34	Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt Pháirc Tailteann amach anseo mar mhol spóirt nua-aimseartha a bheidh ina acmhainn thábhachtach eacnamaíoch, spóirt agus chultúrtha don Chontae agus don Réigiún. Is éard a bheidh i gceist leis an uasghrádú sin ná Páirc Tailteann a uasghrádú, agus úsáidí bainteacha agus comhlántacha a chur leis i gcomhréir leis an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch.
CUS FE 35	Leathnú oiriúnach d'Eastáit Tionsclaíochta Lios Cartúin agus an Mhullaigh Bhuí a éascú.

## 4.7.3 Bailte Fáis Féinchothabhála

### 4.7.3.1 Cill Dhéagláin

Lonnaithe ar an teorainn le Fine Gall, is é Cill Dhéagláin an dara baile is mó sa Mhí, agus tá sé i measc na mbailte is mó fáis sa chontae. Idir 2011-2016 d'ardaigh an daonra 11.7%, agus tá daonra iomlán 12,679 annois. Is ionad fostaíochta agus seirbhísí tábhachtach é a chuireann ar fáil 2,000 post, nó thart ar 5% den iomlán sa Chontae. Tá go leor de na poist sin bunaithe i lár an bhaile, a rinneadh athchóiriú air le déanaí, agus i roinnt páirceanna gnó agus tionsclaíochta i dtuaisceart an bhaile. Tá na hearnálacha iompair, dáileacháin, miondíola agus mórdíola tábhachtach sa bhaile de bharr é a bheith suite in áit thairbheach gar Chalafort Bhaile Átha Cliath agus d'Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá buntáiste iomaíochta Chill Dhéagláin bunaithe ar an suíomh ar leith atá aige ar an teorainn idir Fine Gall agus Contae na Mí. Tá an baile gar d'Aerfort Bhaile Átha Cliath agus tá naisc shármhaithe aige le lár Bhaile Átha Cliath.

Aithníonn an Chomhairle go bhfuil deiseanna ann tuilleadh feabhais a dhéanamh ar fheidhmíocht eacnamaíoch Chill Dhéagláin trí leas a bhaint as a ghaireacht d'Aerfort Bhaile Átha Cliath agus as an naschtacht náisiúnta agus idirnáisiúnta atá aige dá bharr. Mar a tugadh le fios roimhe seo, tá roinnt páirceanna gnó/tionsclaíochta ar an mbaile a bhfuil rochtain acu ar Mhótarbhealach an M2. Agus é ainmithe sa Straitéis Forbartha Eacnamaíoch mar cheann de na 5 lonnaithe straitéiseach thábhachtach a d'fhéadfadh Infheistíocht Dhíreach Eachtrach (FDI) a mhealladh, léirítear an tábhacht a bhaineann le Cill Dhéagláin mar ionad ina bhféadfadh fás fostaíochta tarlú. Aithníonn an Straitéis tailte fostaíochta ag timpeallán na Rátha mar shuíomh straitéiseach le haghaidh infheistíochta isteach. Tá Máistirphlean ullmhaithe ag an gComhairle chun a chinntiú go mbíonn cur chuige pleanáilte ann maidir le forbairt an tsuímh agus go mbíonn na tailte á mhargú ag Foireann Forbartha Eacnamaíoch na Comhairle d'infheisteoirí ionchasacha i gcomhar le comhghníomhaireachtaí fostaíochta eachtracha. Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil tailte straitéiseacha fostaíochta atá críosaithe faoi láthair agus a rinne Fine Gall a aithint ag Baile Mhic Doinn in aice leis an suíomh straitéiseach fostaíochta i gCill Dhéagláin. De bharr leagan amach na dtailte, is ó thimpeallán na Rátha amháin a bhfuil rochtain ar thailte fostaíochta Bhaile Mhic Doinn i bhFine Gall.

Aithníonn na Treoirínte Pleanála Réigiúnacha, 2010-2022, an cumas atá ag Cill Dhéagláin leas a bhaint as na deiseanna le haghaidh fás eacnamaíoch a bhfuil ann de bharr a ghaireacht d'Aerfort Bhaile Átha Cliath agus do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus d'aithnigh sé an baile mar Bhaile Fáis Eacnamaíoch Táinisteach'. Tacaíonn na Treoirínte seo le comhdhlúthú na forbartha

eacnamaíoch i gCill Dhéagláin, rud a chabhródh le lonnaithe níos inbhuanaithe a chruthú ann. Déantar tagairt freisin de shinéirgí a chruthú idir Cill Dhéagláin agus Ráth Tó a chuirfeadh go mór leis na deiseanna fostaíochta áitiúla trí leas agus úsáid a bhaint as an bhfórsa saothair ardoilte atá ina chónaí sna bailte seo. Maíonn Alt 3.7.5 de na Treoiríne Pleanála Réigiúnacha go bhfuil Cill Dhéagláin: “ag aistriú ó bheith ina chúlchríoch dórtúir go dtí áit uirbeach, chathrach.” Aithníonn RSES go bhfuil Cill Dhéagláin<sup>14</sup> mar cheann de na bailte réigiúnacha a bhfuil na rátaí fáis is airde sa Tír le feiceáil ann le 10 mbliana anuas (>32%) ach a bhfuil leibhéal íseal fostaíochta ann.

Tugann RSES le fios ‘gur ionaid thábhachtacha fostaíochta agus seirbhísí na bailte sin. Ar a bharr sin, tá sé de chumas ag cuid de na lonnaithe sin, amhail Cill Dhéagláin agus Ráth Tó, a mbonn fostaíochta a threisiú agus iad féin a fhorbairt mar ionaid thábhachtacha fostaíochta de bharr a suíomh straitéiseach, an nascthacht atá acu le lonnaithe eile mórthimpeall, agus an fórsa saothair oilte atá ina chónaí iontu. Mar aitheantas ar leathnú amach Metro North go dtí Sord i rith saolré an Chreata Náisiúnta Pleanála, tacóidh an Chomhairle le daingniú na nasc agus na nascthachta idir Cill Dhéagláin agus Sord, d’fhonn na naisc atá ann cheana idir Cill Dhéagláin agus lár Bhaile Átha Cliath a fheabhsú níos mó agus d’fhonn modhanna iompair níos inbhuanaithe a chur chun cinn. Chuige sin, déanfar úsáid chomaitéirí den Metro chun taisteal go lár Baile Átha Cliath agus go hAerfort Bhaile Átha Cliath chun críocha fostaíochta a éascú.

Le seachadadh nasc traenach go dtí an Uaimh, cuirfear stáisiún ar fáil i nDún Seachlainn. Ar a bharr sin, déanfaidh alíniú railí soir ó Dhún Seachlainn cur isteach gabhail nua chomh fada le Cill Dhéagláin/Ráth Tó a éascú sa todhchaí, rud a chuirfidh go mór le hinmharthanacht eacnamaíoch an tionscadail iarnróid agus a chruthódh pobail inbhuanaithe sna bailte sin a bheidh daonra thart ar 40,000 acu amach anseo, déan tagairt le do thoil doCUS FE 40.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

CUS FE 36	Forbairt an eochairshuímh straitéiseach fostaíochta a aithníodh sa Straitéis Forbartha Eacnamaíoch do Chontae na Mí a chur chun cinn – tailte a ndearnadh criosú orthu le haghaidh úsáidí fostaíochta taobh ó thuaidh de thimpeallán na Rátha i gCill Dhéagláin.
CUS FE 37	Leanúint ar aghaidh forbairtí fostaíochta nua a mhealladh go Cill Dhéagláin ag baint leas as an ardchaighdeán bonneagair bóithre atá sa cheantar seo agus as a ghaireacht don M50, d’Aerfort Bhaile Átha Cliath agus do Chalafort Bhaile Átha Cliath.

#### 4.7.3.2 Dún Seachlainn

Tá poitéinseal Dhún Seachlainn sa todhchaí nasctha go dlúth le seachadadh Chéim 2 de Thionscadal Iarnróid Bhaile Átha Cliath-An Uaimh. Má thógtar an t-Iarnród seo iompóidh Dún Seachlainn isteach ina mhol don fhás eacnamaíoch agus cónaithe de bharr an tsuímh atá aige ar chonair ilmhódach a bhfuil naisc bóithre agus iarnróid dhírigh aici le Baile Átha Cliath agus leis an réigiún i gcoitinne.

Ós rud é go bhfuil an chosúlacht ann go ndéanfar an t-Iarnród a sheachadadh agus go bhfuil an baile chomh gar sin do Mhórchéantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath, d’fhéadfadh an baile infheisteoirí a mhealladh chun fostaíocht a chruthú ann. Is áit mhealltach don phobal mar áit chónaithe a bheidh sa bhaile freisin de bharr an nascthacht atá aige le Baile Átha Cliath agus an Uaimh tríd an ngréasán bóithre áitiúla agus an tseirbhís rialta busanna.

<sup>14</sup> I measc na mbailte a thaifead na rátaí fáis is airde sa tír le deich mbliana anuas (>32%), agus a bhfuil leibhéal níos ísle fostaíochta acu tá; Cill Dhéagláin, Baile Brigín, Baile Coimín, Claonadh, Cionn Sáile-Draigneán, Lusca, An Inse-Baile an Bhiataigh, Ráth Tó, agus Na Solláin.

Chun go mbeidh Iarnród na hUaimhe inmharthana, tá sé ríthábhachtach go mbeadh tairseach chriticiúil daonra ina gcónaí ar fud na conaire traenach. Beidh tionchar mór ag suíomh an stáisiúin traenach nua ar úsáid an Iarnróid sin, i.e. bheadh ailíniú ón oirthir níos inrochtana ón mbaile. Déanfar suíomh an stáisiúin a phlé mar chuid den tionscadail Iarnróid. Tá tuilleadh fáis i ndaonra Dhún Seachlainn ag teastáil le go ndéanfaí an t-Iarnród a sheachadadh. É sin ráite, tá sé ríthábhachtach go mbainfí amach cothromaíocht idir fostaíocht agus fás daonra chun pobal ‘cónaithe is oibre’ a cruthú sa bhaile.

Tá na tailte fostaíochta i nDún Seachlainn i ndeisceart an bhaile agus tá tailte breise ar fáil ina bhfuil spás ann le haghaidh tuilleadh forbartha. Is áiteanna tábhachtacha don fhostaíocht áitiúil iad an Pháirc Ghnó agus an Eastáit Tionsclaíochta atá ann cheana.

D’fhonn a chinntiú go mbíonn na deiseanna fostaíochta ar chomhchéim le fás an daonra, táthar ag moladh go ndéanfaí an talamh fostaíochta thiar theas ó Dhún Seachlainn a ainmniú agus a leathnú mar shuíomh straitéiseach fostaíochta. Cabhróidh an t-ainmniú seo le Foireann Forbhartha Eacnamaíoch na Comhairle na tailte sin a mhargú and le mórbhóthar dáileora a sheachadadh a nascaidh an baile leis an Mótarbhealach M3

Ar bharr tacaíocht a thabhairt do sheachadadh an Iarnróid, tacaíonn an Chomhairle freisin le hathbhreithniú a dhéanamh ar Ordú Iarnróid an tionscadail seo, le cinntiú go ndéantar aon stáisiún traenach a thógtar a lonnú san áit is fearr chun siúl agus rothaíocht ó lár an bhaile agus ó thailte cónaitheach a spreagadh, agus go bhfreastalódh sé chomh maith ar na lonnaithe mórthimpeall amhail Ráth Tó agus Cill Dhéagláin.

CUS FE 38	Forbairt an eochairshuímh straitéiseach fostaíochta a chur chun cinn – tailte a ndearnadh criosú orthu le haghaidh úsáidí fostaíochta thiar theas ó Dhún Seachlainn.
CUS FE 39	Scrúdú a dhéanamh, i gcomhar le hIarnród Éireann agus le páirtithe leasmhara eile, ar fhéidearthacht ghabhail Iarnróid nua ag fágáil Iarnród na hUaimhe-Bhaile Átha Cliath ag Dún Seachlainn agus ag dul chomh fada le Cill Dhéagláin agus Ráth Tó.
CUS FE 40	Tacaíocht a thabhairt d’fhorbairt leanúnach na páirce gnó atá ann cheana i nDún Seachlainn.

### 4.7.3.3 Ceannanas agus Baile Átha Troim

Is é Ceannanas an príomhionad eacnamaíoch i dtuaisceart an Chontae. Aithníonn an Straitéis Eacnamaíoch tailte ag Páirc Gnó Cheannais mar cheann den 5 shuíomh straitéiseach sa Chontae. Ainmníodh na tailte sin mar Limistéar Fóirithinte sa Léarscáil Réigiúnach Náisiúnta um Chúnamh Stáit don Eoraip 2014-2020. Rinneadh Crios Straitéiseach Fostaíochta de thart ar 33 heictear a chriosú mar thailte E1/E3 in 2016 i gcomhréir le cur i bhfeidhm spásúil Straitéis Eacnamaíoch Chontae na Mí 2014-2022. Tá na tailte sin lonnaithe soir ó dhéas ó Cheannanas agus tá siad inrochtana ó mhótarbhelach an M3. Rinneadh iad a aithint le haghaidh úsáidí fostaíochta ardteicneolaíochta/ard-déantúsaíochta agus le haghaidh oifigí de chineál campais, agus úsáidí lóisteachta, ollstórála, dáileacháin agus bainistíocht slabhraí soláthair. Cabhróidh na tailte seo linn cothromaíocht a bhaint amach i ndáileadh na ndeiseanna fostaíochta i dtuaisceart na Mí.

Is baile fáis féinchothabhála é Baile Átha Troim; baile a bhfuil oidhreacht chultúrtha agus tógtha uathúil aige agus a aithnítear sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (RSES) mar bhaile oidhreachta meánaoiseach. Baile é a raibh Cómheas Poist: Cónaitheoirí’ den Fhórsa Saothair 0.67 agus 2,500 post aige in 2016. Is é Baile Átha Troim an dara hionad fostaíochta is mó sa Chontae,

tar éis an Uaimh. Is í an fhís atá ann do Bhaile Átha Troim sa todhchaí ná leas iomlán a bhaint as na deiseanna fostaíochta áitiúla atá ar fáil agus deiseanna turasóireachta an bhaile a leahtnú amach. Thacaigh malairt leagain ar Phlean Forbartha Bhaile Átha Troim lenar glacadh i R3 2019 le forbairt leanúnach eacnamaíoch an bhaile trí fhorbairt pobail cónaithe is oibre a éascú, lena n-áirítear píosa tábhachtach bonneagair bóthair don bhaile. Ainmníodh Baile Átha Troim mar áit atá i dteideal leas a bhaint as an gCiste um Athbheochan agus Forbairt Uirbeach (URDF) (mar bhaile a bhfuil níos lú ná 10,000 duine ina gcónaí ann ach a bhfuil níos mó ná 2,500 post ann). Deis mhaoinithe é sin don todhchaí. Ina thaobh seo, tá cur chuige réamhghníomhach glactha ag an gComhairle le maoiniú agus cead Pleanála a fháil chun Leabharlann agus Ionad Cultúrtha Bhaile Átha Troim a fhorbairt.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

CUS FE 41	Forbairt Cheannanais agus Bhaile Átha Troim mar chnuasach turasóireachta a chur chun cinn agus feabhas a chur ar nascthacht an dá háit lena chéile. Go bhforbhródh an dá bhaile straitéis chun déileáil le bearnaí sa mhargadh turasóireachta mar chuid dá straitéis forbartha foriomlán, m.sh. an turasóireacht cócaireachta, mol réigiúnach bia, tionscail chruthaitheacha, srl; Oidhreacht thógtha agus nádúrtha Cheannanais agus Bhaile Átha Troim a chosaint i gcónaí agus na tréithe sin a chur chun cinn mar bhunús don turasóireacht
CUS FE 42	Forbairt bhreise Pháirc Gnó Cheannanais a chur chun cinn, atá mar cheann den chúig phríomhshuíomh straitéiseach a aithnítear i Straitéis Forbartha Eacnamaíoch Chontae na Mí 2014-2022;
CUS FE 43	Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt an tsuímh straitéisí taobh ó dheas de bhóthar R147 (Bóthar na hUaimhe) i gCeannanas, áit a ndearnadh tailte le cuspóir criosaithe E1/E3 a aithint. Rinneadh iad a aithint le haghaidh úsáidí fostaíochta ardteicneolaíochta/ard-déantúsaíochta agus le haghaidh oifigí de chineál campais, agus úsáidí lóisteachta, ollstórála, dáileacháin agus bainistíocht slabhraí soláthair;
CUS FE 44	Tacaíocht a thabhairt do thionscail agus fiontair atá i gCeannanas cheana féin agus tógáil ar stádas Cheannanais mar chuid de limistéar Chúnamh Réigiúnach AE agus breathnú ar shruthanna císitiúcháin eile ar nós tionscnamh REDZ a bhfuil mar aidhm acu an fiontar a chur chun cinn sa Chontae;
CUS FE 45	Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an mbonn dúchasach fiontair, lóistíochta, déantúsaíochta agus miondíola i gCeannanas.
CUS FE 46	Forbairt rathúil Pháirceanna Gnó Oaktree agus Bhaile an Scrológaigh a chur chun cinn agus a éascú.
CUS FE 47	An fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe i mBaile Átha Troim agus sa Cheantar Máguaird a chur chun cinn trí na limistéir fáis eacnamaíoch a chuireann deiseanna fostaíochta ar fáil go háitiúil a chur chun cinn agus trí mhéid na cianchomaitéireachta a laghdú.
CUS FE 48	Forbairt Gnó ardleibhéil agus/nó Ceancheathrúna Corparáidigh lena n-áirítear ÚFT a éascú, ar Bhóthar na hUaimhe, Baile Átha Troim.
CUS FE 49	Oibriú i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí, Fáilte Éireann agus le páirtithe leasmhara eile chun seirbhísí ionad cuairteoirí a fhorbairt ag áitrimh Theach an Mhargaidh ar Shráid an Chaisleáin, d'fhonn áiseanna do chuairteoirí i mBaile Átha Troim agus i réigiún Ghleann na Bóinne i gcoitinne, lena n-áirítear Caisleán Bhaile Átha Troim, a fhorbairt agus a chur chun cinn.



CUS FE 50 Maoiniú a lorg do limistéir i mBaile Átha Troim nach mbaintear a dhóthain úsáide astu, tríd an gCiste um Athbheochan agus Forbairt Uirbeach (URDF).

## 4.7.4 Bailte Féinchothabhála

### 4.7.4.1 An Inse/Baile an Bhiataigh

Mar chuid den fhís don Inse/do Bhaile an Bhiataigh, tá sé beartaithe Baile an Bhiataigh a fhorbairt mar lár baile bhríomhar agus An Inse a athchóiriú chun go bhfeidhmeoidh sé mar ionad tacaíochta. Mhéadaigh líon na ndaoine atá ina gcónaí san Inse/i mBaile an Bhiataigh, ach d'uireasa aon fhorbairt ar ghiniúint fostaíochta tá bonn fostaíochta íseal sna lonnaíochtaí sin. In 2016 ba é 0.16 an cóimheas Poist: Fórsa Saothair in Oirthear na Mí, an cóimheas is ísle sa Chontae. Mar gheall ar a ghaire is atá an limistéar go Droichead Átha agus Baile Átha Cliath, ba dhúshlán é fostóir mór a tharraingt ach tá deiseanna ann chun fiontair bheaga-mheánmhéide a tharraingt a d'fhéadfadh leas a bhaint as an bhfórsa oibre oilte agus an nascacht a sholáthraíonn an limistéar chuig Baile Átha Cliath agus Droichead Átha. Bheadh an-tábhacht ag baint lena leithéid d'fhostaíocht chun an cóimheas a fheabhsú agus lonnaíocht níos inbhuanaithe a chruthú.

Le go bhféadfaidh an lonnaíocht feidhmiú ar bhealach inbhuanaithe, beidh gá le soláthar miondíola an bhaile a leathnú. Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le ríocht phoiblí ardchaighdeán maidir le gnólachtaí nua a mhealladh go dtí an ceantar agus maidir le timpeallacht tharraingteach chónaithe agus oibre a chruthú agus tá sí ag tabhairt faoi Phlean Ríochta Poiblí a ullmhú. Ar a bharr sin, tá cur chuige réamhghníomhach á ghlacadh ag an gComhairle chun an Ríocht Phoiblí a fheabhsú trí thalamh a cheannach ag an mbealach isteach go dtí trá Bhaile an Bhiataigh d'fhonn foirgneamh sainchomhartha nua a fhorbairt a chuirfidh saoráidí agus seirbhísí ag an trá ar fáil don phobal áitiúil agus do thurasóirí.

Ceann de na príomhghnéithe a bhaineann leis an straitéis forbartha don Inse/Bhaile an Bhiataigh ná tógáil bhóthar spíne ag nascadh bóthar R150 ag Bunscoil an Spioraid Naofa le timpeallán Bhóthar Eastham. Laghdóidh sé sin an brú tráchta ar fud bhóthar an Chósta agus feabhsóidh sé an t-aistriú tráchta i lár an bhaile, rud a chuirfidh feabhas ar an Ríocht Phoiblí.

Tá ceantar straitéiseach fostaíochta aitheanta ag an gComhairle san Inse chun déileáil leis na fadhbanna inbhuanaithe atá sa cheantar faoi láthair. D'fhéadfadh na tailte sin freastal ar dheis fiontair a mbeadh an-chuid daoine ag teastáil uathí. Chabhródh sé sin fadhb an leibhéil ard comaitéireachta sa cheantar a chur ina ceart. Táthar ag súil leis freisin go mbainfeadh daoine níos mó úsáide as an stáisiún traenach san Inse agus go soláthrófaí carrchlós poiblí dá ndéanfaí forbairt ar na tailte fostaíochta sin. Freastalódh sé sin ar an gcarrchlóis atá ann cheana in aice leis an áit súgartha a athfhorbairt. D'fhéadfaí an spás lárach sin in aice le Limistéar Ardshaoráide ar bhruacha na hAiní a athfhorbairt mar Pháirc Phoiblí/limistéar taitneamhachta don phobal i gcoitinne ag teacht leis an bPlean Ríochta Poiblí, chomh luath agus a chuirfí i gcrích é. Bheadh an spás sin mar mhol lárach don phobal ag cruthú meon láidir pobail san Inse chomh maith le timpeallacht chónaithe is oibre níos fearr a chur ar fáil. Chabhródh sé freisin leis an earnáil turasóireachta a chur chun cinn, rud a chruthódh tuilleadh fostaíochta sa cheantar.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

CUS FE 51 Oirthear na Mí a chur chun cinn mar bhonn fostaíochta agus bunú gnólachtaí nuathionscanta a chur chun cinn sa cheantar.

CUS FE 52 Fostaíocht bunaithe ar thionscail, déantúsaíocht, dáileachán, ollstóráil, teicneolaíocht agus oifigí de chineál campais a chur chun cinn ar thailte straitéiseacha fostaíochta

	taobh ó thuaidh den R150, díreach siar ó stáisiún traenach na hInse. Déanfar tograí fiontair agus fostaíochta a fhorbairt ag an am céanna le háiseanna páirceála agus taistil agus le nascthacht fheabhsaithe a chur ar fáil do choisithe idir an stáisiún traenach agus na forbairtí cónaithe atá níos faide ó thuaidh san Inse. Is éard a bheidh i gceist leis sin ná pobal inbhuanaithe cónaithe is oibre a fhorbairt chun déileáil le fadhb na heaschomaitéireachta ó cheantar na hInse/Bhaile an Bhiataigh.
CUS FE 53	Leanúint ar aghaidh tacaíocht a thabhairt do sheachadadh an Bhóthair Spíne Thuaidh-Theas idir Baile an Bhiataigh agus an Inse.
CUS FE 54	An Straitéis Riochta Poiblí do Bhaile an Bhiataigh agus don Inse a chur i bhfeidhm.
CUS FE 55	Áis nua Pháirceála agus Taistil a éascú ag Stáisiún Traenach na hInse, i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le hIarnród Éireann.
CUS FE 56	Tacaíocht a thabhairt do dhearadh agus tógáil foirgneamh d'ardchaighdeán ailtireachta d'fhonn Saoráidí Trá ag an mbealach isteach go dtí trá Bhaile an Bhiataigh a chur ar fáil, rud a fheabhsóidh soláthar na saoráidí agus seirbhísí atá ar fáil ar an trá.

#### 4.7.4.2 Ráth Tó

Is é Ráth Tó an ceathrú baile is mó i gContae na Mí faoi láthair. Mar a aithnítear sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch, tá Ráth Tó ar cheann de na bailte a thairfead na rátaí fáis daonra is airde sa tír le deich mbliana anuas (>32%), agus a bhfuil leibhéal níos ísle fostaíochta acu.<sup>15</sup> Feidhmíonn sé go príomha mar lonnaíocht chomaitéireachta, le hós cionn 75% den fhórsa saothair ag taisteal taobh amuigh de Chontae na Mí don fhostaíocht in 2016, 70% díobh ag taisteal go dtí Réigiún Bhaile Átha Cliath agus 36% ag taisteal go dtí Lár Bhaile Átha Cliath. Léiríonn sé sin go soiléir an t-idirchaidreamh dlúth atá idir Ráth Tó agus Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Is é ceann de na príomhdhúshláin atá roimh an mbaile ná méid na comaitéireachta as Ráth Tó a laghdú agus an bonn fostaíochta sa bhaile a leathnú amach. Ceann de na foinsí fostaíochta poitéinsiúla is fearr a aithníodh sa cheantar ná an deis atá ann an caidreamh idir Ráth Tó agus an tionscal eachaí a dhaingniú, lena n-áirítear Ráschúrsa Thigh na Sióg agus áiseanna Idirnáisiúnta Eachaíochta Tattersalls, acmhainní eachaí tábhachtacha a bhfuil clú domhanda orthu.

Is é an príomhdhúshlán pleanála atá roimh Ráth Tó ná an t-aistriú a dhéanamh, bunaithe ar fhianaise agus ar phlean, ó bheith ina lonnaíocht chomaitéireachta mhí-oiriúnach le bheith ina lonnaíocht inbhuanaithe bunaithe ar an tsamhail phobail 'chónaithe is oibre' atá á cur chun cinn i Straitéis Eacnamaíoch Chontae na Mí 2014-2022. Cabhróidh sé sin leis an mbaile leas a bhaint as an fórsa saothair ardoilte agus léannta atá ina gcónaí faoi láthair ar an mbaile. Dhéanfaidh ailíniú ráilí soir ó Dhún Seachlainn cur isteach gabhail nua chomh fada le Cill Dhéagláin/Ráth Tó a éascú sa todhchaí, rud a chuirfeadh go mór le hinmharthanacht eacnamaíoch an tionscadail iarnróid agus a chruthódh pobail inbhuanaithe sna bailte sin a mbeidh daonra thart ar 40,000 acu amach anseo; déan tagairt le do thoil do CUS FE 40.

Aithníonn an RSES an poitéinseal atá ag an mbaile a bhonn fostaíochta a threisiú agus é féin a fhorbairt mar ionad fostaíochta tábhachtach de bharr a shuíomh straitéiseach, a nascthacht leis na lonnaíochtaí mórthimpeall, agus a chumas chun fórsa saothair oilte a chur ar fáil. Tacóidh fás an bhaile sa todhchaí le forbairt áiseanna breise do chuariteoirí agus turasóirí ag Tigh na Sióg agus Tattersalls a chur chun cinn agus le forbairt Mhol Eachaí sa cheantar seo a bheidh clú domhanda air. Díreoidh forbairt sa todhchaí ar láithreáin athfhorbraíochta/inlíonta i lár an bhaile d'fhonn líon na láithreán folamh a laghdú. Déanfar foráil freisin do leathnú amach inbhuanaithe lár an bhaile chun

<sup>15</sup> CSO POWSCAR, 2016

taclú le deiseanna fostaíochta a mhéadú agus seirbhísí a chur ar fáil do chónaitheoirí atá ann cheana agus do dhaoine a bheidh ina gcónaí ar an mbaile sa todhchaí. Go hachomair, díreoidh straitéis forbartha Ráth Tó isteach ar jabchruthúchán agus ar sholáthar an bhonneagair shóisialta agus phobail atá riachtanach chun pobal inbhuanaithe atá beomhar agus gníomhach a chruthú.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

CUS FE 57	Iarracht a dhéanamh Ráth Tó a fhorbairt mar mhol fostaíochta de bharr an fhórsa saothair ardoilte agus léannta atá aige.
CUS FE 58	Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt mhol eachaíochta i Ráth Tó a bhaineann leas iomlán as na háiseanna eachaí i Tattersalls agus i dTigh na Sióg a bhfuil clú domhanda orthu agus a chinntíonn go leanann an Contae ar aghaidh de bheith ina cheannaire sa tionscal eachaí in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, sa phóru, sa rásaíocht, sna comórtais, agus sa traenáil.
CUS FE 59	Na tailte straitéiseacha fostaíochta idir Ráth Tó agus an mol eachaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta i dTigh na Sióg a chur chun cinn agus a thacú.

#### 4.7.4.3 An Bóthar Buí

Feidhmíonn An Bóthar Buí don chuid is mó mar bhaile comaitéireachta atá ag fás de bharr a ghaireacht agus a inrochtaineacht do gheilleagar cathrach Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá naisc straitéiseacha bóthair agus iarnróid aige leis an Ardchathair agus leis an iarthuaisceart agus é lonnaithe ar an iarnród idir Bhaile Átha Cliath agus Sligeach. Tháinig méadú mór ar dhaonra an Bhóthair Bhuí i rith na tréimhse is deireanaí idir daonáirimh ó 2,929 duine i 2011 go 3,239 duine i 2016. Ba ionann an méadú sin de 10.6% agus an méadú ba mhó a tharla ar fud na 'mBailte Beaga' agus tá sé i bhfad níos airde ná an meánfhás náisiúnta de 3.8%. Cuimsíonn tuairim is 44% de dhaonra an bhaile an fórsa saothair, agus astu siúd tá 66% fostaithe, figiúr atá níos airde na meán an Chontae. Taistealaíonn 37.2% den fhórsa oibre a bhfuil cónaí orthu sa Bhóthar Buí (530 duine) chuig Baile Átha Cliath agus a bhruachbhaile le haghaidh oibre, agus meánam de 55 nóiméad caite ar an turas.

Mar gheall ar láthair straitéiseach an Bhóthair Bhuí gar do chonair eolais an M4, tá deis mhór ann d'fhás ar fhorbairt eacnamaíoch agus gnó sa bhaile. Ina thaobh seo, rinneadh suíomh mór ar imeall oirthearach an bhaile a ainmniú mar shuíomh straitéiseach fostaíochta (thart ar 31 heicteár), suíomh atá oiriúnach le haghaidh forbartha agus le haghaidh úsáide mar lárionad sonraí nó le haghaidh úsáidí eile atá ag teacht le cuspóir criosaithe E1/E3, bunaithe ar shuíomh straitéiseach an bhaile agus gaireacht an tsuímh don ghréasán náisiúnta cáblaí snáthoptaice. Anuas air sin, ta dhá shuíomh i lár an bhaile a thacóidh le comhdhlúthú sa chroí uirbeach. Chomh maith leis sin, tá a dhóthain spáis i bPáirc Ghnó an Bhóthair Bhuí chun forbairtí tionsclaíochta agus fiontair nua a bhunú. Braitheann fás fostaíochta ar chumas an bhonneagair agus caighdeán na timpeallachta é a sheasamh.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

<sup>16</sup> CUS FE 60	Fiontair atá bunaithe ar fhorbairt Faisnéise a chur chun cinn; Ardteicneolaíocht, Biteicneolaíocht, TFC, Taighde & Forbairt a bhfuil mar aidhm acu leas a bhaint as na sineirgí atá ann le hinsitiúidí tríú leibhéal, insitiúidí amhail Ollscoil Mhá Nua agus fostóirí móra eile atá lonnaithe sa bhforéigiún (Intel, Hewlett Packard);
-------------------------	---

<sup>16</sup> Ollscoil Mhá Nuad, ar a dtugtaí Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, roimhe seo

CUS FE 61	Na príomhnaisc agus comhpháirtíochtaí le hOllscoil Mhá Nuad a chur chun cinn, lena n-áirítear an limistéar a ainmníú mar ionad barr feabhais sa gheilleagar eolasbhunaithe;
CUS FE 62	Bunú earnálacha fostaíochta atá ag teacht chun cinn a éascú sna tailte straitéiseacha fostaíochta soir ón mbaile a ainmníodh mar thailte criosaithe E1/E3, lena n-áirítear (ach ní hamháin) tionscail, Innealtóireacht, TFC, Eolaíocht, Anailísíocht Sonraí, Lárionaid Sonraí agus Seirbhísí Gnó agus Airgeadais, chomh maith le hInfheistíocht Dhíreach Eachtrach eile.
CUS FE 63	Oibriú le Eirgrid chun a chinntiú, a mhéid is indéanta, go gcuirfí bonneagar cumhachta ar fáil le haghaidh forbairt na dtailte criosaithe fostaíochta laistigh de chonair an M4.
CUS FE 64	Forbairt agus éagsúla eacnamaíoch an Bhóthair Bhuí a chur chun cinn, a spreagadh agus a éascú agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt Ghlasbealach na Canálach Ríoga agus d'fhorbairt fiontair bhainteacha eile a d'fhéadadh eascairt as.

#### 4.7.4.4 Steach Maoilín

D'fhorbair Steach Maoilín mar lonnáiocht chomaitéireachta go príomha de bharr a ghaireacht de Bhaile Átha Cliath, agus a naisc bhóthair agus iarnróid le Mótarbhealach M1 Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste agus le Stáisiún Traenach Bhaile Mhic Gormáin.

Feidhmíonn an baile mar ionad fostaíochta áitiúil a fhreastalaíonn ar limistéar Oirthear na Mí i gcoitinne. Tá cumas fáis ag Páirc Gnó Thuaisceart na Cathrach. De bharr shuíomh na Páirce Gnó sin, a cuimsíonn óstán a bhfuil áiseanna comhdhála aige, i gcóngar Chonair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath go Béal Feirste ar an M1, agus de bharr na naisc iompair atá aici le hionaid fáis réigiúnacha agus náisiúnta, is áit mhealltach í d'infheisteoirí. Mar sin, tá cumas ard ann le haghaidh forbairt eacnamaíoch, de bharr shuíomh straitéiseach an bhaile ar chonair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste, rud a chabhróidh le fadhb an leibhéil ard easchomaitéireachta sa cheantar a chur ina ceart.

Sa straitéis forbartha do Steach Maoilín díreofar ar an lonnáiocht a fhorbairt mar ionad áitiúil seirbhíse agus fostaíochta.

Tá Campas Gnó na Cathrach Thuaidh suite go straitéiseach amach ón M1 ag Acomhal 7 ach mar gheall ar easpa nasc bóthair díreach ó Steach Maoilín leis an gcampas cuireadh bac ar shineirge a fhorbairt idir an baile agus an crios fostaíochta seo.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

CUS FE 65	Forbairt na dtailte fostaíochta i bPáirc Ghnó Thuaisceart na Cathrach a éascú agus ag an am céanna nascbhóthar riachtanach a thógáil idir na tailte seo agus Bóthar Bhaile Mhic Gormáin.
CUS FE 66	Leanúint ar aghaidhde chumas eacnamaíoch chonair an M1 a thacú agus a chur chun cinn, ag tógáil ar na láideachtaí atá ann cheana. Cuirfear béim ar an gconair a fhorbairt mar limistéar spásúil sainiúil a bheidh infheicthe go hidirnáisiúnta.

## 4.8 Ionaid Sonraí

Le roinnt blianta anuas, tá borradh mór tagtha ar líon na lárionad sonraí a tógadh ar fud an domhain agus táthar ag súil leis go leanfaidh an treocht seo ar aghaidh sna blianta beaga atá amach romhainn. Eascraíonn an t-éileamh seo as an mborradh mór atá le feiceáil i riachtanais bhainistíochta sonraí,

riachtanais atá mar thoradh, i measc nithe eile, ar an bhfás atá tagtha ar riachtanais TF, seirbhísí gréasánbhunaithe agus teicneolaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn.

Bíonn go leor talún ag teastáil chun lárionaid sonraí a fhorbairt, agus bíonn riachtanais spáis éagsúla acu ag brath ar an gcineál luas rochtana ar shonraí a fhreastalaíonn siad orthu. Bíonn riachtanais bhonneagair chomhchoiteanna ag gach lárionad sonraí amhail rochtain do línte leictreachais ardvoltais, cáblaí snáthoptaice ardchumhachta, deashlándáil láithreáin agus inrochtaineacht. Ag féachaint ar na riachtanais bhonneagair atá ag lárionaid sonraí, chuaigh foireann Pleanála agus Eacnamaíoch na Comhairle i gcomhairle le cinnirí tionscail agus le páirtithe leasmhara agus tá cur chuige ceannródaíoch arna stiúradh ag Plean ullmhaithe acu chun suíomhanna oiriúnacha do lárionaid sonraí a aithint sa Chontae. Feileann sé go mbeadh ardluasanna aisghabhála ar fáil in áiteanna atá an-ghar don Limistéar Cathrach, áit ar féidir rochtain dhíreach ar cháblaí snáthoptaice T50 agus leictreachas ardvoltais a sholáthar - dhá thréith atá ag na tailte a aithníodh i nDún Búinne agus i nDún Búinne Thuaidh. Tugtar tacaíocht don staid bheartais seo sa Chreat Náisiúnta Pleanála—úsáidí nach bhfuil mórán daoine ag teastáil uathu a lonnú taobh amuigh d'fháinne an M50 in áit ar leith, ach an áit sin a bheith nasctha leis an gceantar ina bhfuil go leor tógála déanta cheana—agus feictear air mar chumasóir fáis bunriachtanach do Bhaile Átha Cliath.<sup>17</sup> Is iad seo a leanas roinnt de na suíomhanna a mheastar a bheith oiriúnach chun a leithéid d'fhorbairt a dhéanamh: tailte fostaíochta ar thailte atá críostaithe go hiomchuí i gCeantar Máguaird Theas Dhroichead Átha, i mBaile Fargáin agus ag Bóthar Bhaile Átha Troim san Uaimh, tailte fostaíochta ag an mBóthar Buí agus tailte in aice le Gléasra Stroighne Lagan ar imeall Chionn Átha Gad a bhfuil rochtain acu ar línte leictreachais ardvoltais, agus rochtain ar chábla snáthoptaice an M4 sa dhá chás dheireanacha. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag obair le cinnirí tionscail agus le páirtithe leasmhara chun suíomhanna atá oiriúnach d'fhorbairt lárionaid sonraí a aithint.

Is é beartas na Comhairle:

**BEA FE 13** Forbairt lárionaid sonraí a thacú agus a éascú i suíomhanna oiriúnacha ag a mbeadh an bonneagar tacaíochta de réir na gceadúnas ábhartha a fháil.

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

**CUS FE 67** Leanúint ar aghaidh suíomhanna a aithint sa Chontae atá oiriúnach le haghaidh forbairt lárionaid sonraí agus gnó bunaithe ar TFC.

**CUS FE 68** Forbairt thailte laistigh den Limistéar Cathrach le haghaidh soláthar lárionaid sonraí agus forbairtí atá bunaithe ar TFC a chur chun cinn agus a thacú.

## 4.9 An Méid Talún Críosaithe a Chothaíonn Fostaíocht atá ar Fáil

Bíonn cur chuige níos leithne ag teastáil ó phleanáil i leith fhorbairt na fostaíochta sa todhchaí ná a bhíonn ag teastáil in earnálacha eile de bharr nádúr agus riachtanais na forbartha san earnáil eacnamaíoch agus fostaíochta, nádúr agus riachtanais atá níos ilghnéithí ná riamh. D'fhonn freagra a thabhairt ar nádúr agus riachtanais na hearnála sin, tá cur chuige spriocdhírthe glactha ag an gcomhairle maidir le roghnú tailte laistigh den Chontae, rud a chinntíonn go bhfuil a dhóthain tailte críosaithe ann, agus go mbíonn a dhóthain éagsúlachta le fáil sna tailte sin, chun inbhuanaitheacht agus fás cothromaithe a bhaint amach sa Chontae.

<sup>17</sup> Creat Náisiúnta Pleanála leathanach 37

Glactar leis sa Chreat Náisiúnta Pleanála go bhfuil sainriachtanais ar leith ag earnálacha fostaíochta ar leith. Agus go mbíonn sainriachtanais an-suíomhoiriúnaithe ag na hearnálacha a bhaineann le geilleagar na faisnéise agus le forbairt eolais ach go háirithe. Is dual do na hearnálacha seo iad féin a lonnú i gceantair uirbeacha a bhfuil *‘fórsa saothair níos ardoilte iontu agus a chuireann ar fáil sruth talann agus nuálaíocht áitiúil a shamhlaímid le hinstiúidí taighde tríú leibhéal’*<sup>18</sup>. Is dual dóibh freisin dea-naschtacht idirnáisiúnta a bheith acu agus bíonn siad lonnaithe an-ghar d’aerfoirt idirnáisiúnta. Mar atá léirithe sa Chreat Náisiúnta Pleanála, tá an Chomhairle freagrúil do na treochtaí sin agus in 2014 d’fhorbair sí cur chuige spriocdhírithé chun dul i ngleic leis na ceisteanna sin: Straitéis Eacnamaíoch do Chontae na Mí 2014-2022.

Chun cur i bhfeidhm na Straitéise Eacnamaíche a éascú, glacadh le Leagan Malartach uimh. 3 i bhForbairt Chontae na Mí 2013-2019, ullmhúchán do chur i bhfeidhm na straitéise eacnamaíoch sa Chontae. Chuir an Chomhairle cur chuige an-roghnaitheach chun cinn maidir le criosú thailte le haghaidh earnálacha fostaíochta ar leith agus leanann sí uirthi ag baint úsáide as an gcur chuige Pleanbhunaithe seo agus í ag aithint tailte fostaíochta laistigh den Chontae sa Phlean seo.

### 4.9.1 Achoimre

Den chuid is mó, is í aidhm Straitéis Forbartha Eacnamaíoch an Phlean seo ná soláthar tailte atá oiriúnach d’úsáidí fostaíochta a éascú, ag féachaint do na riachtanais phleanála spásúla, bhonneagair, timpeallachta agus iompair atá ann agus a gcomhoiriúnacht le húsáidí tailte in aice láimhe.

De bharr an chur chuige spriocdhírithé agus pleanbhunaithe seo, dírtear úsáidí fostaíochta ar leith chuig tailte criosaithe oiriúnacha laistigh d’ionaid uirbeacha ainmnithe. Tá sé mar bheartas ag an bPlean tacaíocht agus cosaint a thabhairt don bhonn eacnamaíoch atá sa Chontae cheana agus éagsúlú an gheilleagair a chur chun cinn trí infheistíocht isteach a dhéanamh i bpríomhionaid fáis, chomh maith leis na tionscail a bhaineann le talmhaíocht, foraoiseacht agus turasóireacht a chur chun cinn i gceantair tuaithe.

Is é beartas na Comhairle:

**BEA FE 14** Cinntiú go bhfuil a dhóthain talamh a ndearnadh criosú air sa Chontae chun gníomhaíochtaí eacnamaíochta atá ag teacht le ceanglais na Straitéise Eacnamaíche 2014-2022, nó aon Straitéis athsholáthair/nuashonraithe, a chur ar bun. Déanfar a leithéid de thalamh a chosaint ar aon fhorbairt neamhoiriúnach a dhéanfadh dochar d’fhorbairt gníomhaíochtaí fostaíochta agus eacnamaíoch fadtéarmacha.

Leagtar amach go mion i gCaibidil 11 Caighdeáin Bhainistíochta Forbartha agus Cuspóirí Criosaithe Talamhúsáide na cuspóirí criosaithe talamhúsáide atá infheidhme maidir le Pleananna reachtúla talamhúsáide i gContae na Mí.

## 4.10 An Geilleagar Glas

Tagraíonn an téarma Geilleagar Glas don chur chuige inbhuanaithe i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a ghlactar go minic anois, agus ar gá é a ghlacadh chun infheistíocht a mhealladh. Is éard atá i gceist leis an gcur chuige seo ná spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus foirgnimh neamhéifeachtúla a uasghrádú. Tagraíonn an téarma Geilleagar Glas do réimse leathan earnálacha a bhfuil comhchuspóir acu *‘earraí agus seirbhísí a chur ar fáil ar bhealach inbhuanaithe a laghdaíonn an tionchar ar an timpeallacht agus a chuireann leis an ngeilleagar ciorclach’*<sup>19</sup>. In Éirinn, cuimsíonn sé

<sup>18</sup> Leathanach 56 den Chreat Náisiúnta Pleanála.

<sup>19</sup> Plean Gníomhaíochta na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta 2017

sin gníomhaíochtaí amhail táirgeadh bia inbhuanaithe, turasóireacht, seirbhísí airgeadais ghlasa, táirgí agus seirbhísí glasa, bainistíocht dramhaíola agus uisce, fuinneamh inathnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh. Aithnítear sa CNP forbairt an gheilleagair ciorclaigh agus an bhithgeilleagair agus tacaíonn sé leo.

Leagan Plean Gníomhaíochta an Rialtais do Phoist 2017 béim *‘ar an tábhacht a bhaineann leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, seasmhach ó thaobh na haeráide agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de’*. Aithníonn an Chomhairle an ról tábhachtach atá ag an ‘nGeilleagar Glas’ chun iomaíochas an Chontae agus na tíre ar fad a chur chun cinn<sup>20</sup>. Cuireann an bhéim a leagtar go hidirnáisiúnta ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus ar éifeachtúlacht acmhainne a bhaint amach deiseanna iontacha ar fáil d’fhiontair dhúchasacha táirgí agus seirbhísí nuálacha a fhorbairt agus a easpórtáil.

De bharr go bhfuil an Contae suite in aice leis an Tairseach Náisiúnta agus an-ghar do na bealaí trína tharchuirtear go leor gréasán fuinnimh (leictreachas agus gás), tá cumas ann d’fhorbairt eacnamaíoch sa todhchaí. Tá sé mar aidhm ag an bPlean seo cumas iomlán an fhuinnimh ghlais a aithint agus a fhorbairt, lena n-áirítear an bhithmhais le ghaidh táirgeadh fuinnimh / déantúsáíochta agus easpórtáil leictreachas glas chuig an eangach náisiúnta. Tá sé mar aidhm ag an bPlean tacaíocht a thabhairt do thionscail agus do ghnólachtaí ar mhaith leo fuinneamh a ghiniúint laistigh dá suíomhanna féin agus fuinneamh barrachais a easpórtáil chuig an eangach náisiúnta.

Is é beartas na Comhairle:

**BEA FE 15** Tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí atá ann cheana agus do ghnólachtaí nua ar mhaith leo acmhainní a athúsáid agus a athchúrsáil a mhéid agus is féidir, samhail ghnó nua a chruthú agus an nuálaíocht agus éifeachtúlacht a chur chun cinn.

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

**CUS FE 69** Oibriú i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha chun a chinntiú go nglactar cur chuige inbhuanaithe i dtaca le forbairt fiontair agus cruthú fostaíochta ar fud na n-earnálacha ar fad i ngeilleagar na Mí, de réir na gcreat náisiúnta don Gheilleagar Glas atá ábhartha do gach earnáil.

**CUS FE 70** Dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad, le gníomhaireachtaí fiontair agus ionadaithe earnála d’fhonn cur chuige glas a ghlacadh i dtaobh na forbartha eacnamaíoch; agus comhoibriú le eochairchomhlachtaí tionscail agus oideachais chun tionscnaimh atá bunaithe sa Mhí a chur chun cinn ar fud gach earnáil eacnamaíoch.

## 4.11 Geilleagar na Tuaithe

Is ceist chasta í forbairt agus cothabháil an gheilleagair tuaithe, agus tá an rialtas tiomanta do thacú léi. Léirítear é sin sa líon tionscnamh rialtais atá ar fáil faoi láthair chun fiontair sa gheilleagar tuaithe a chur chun cinn agus a thacú. Aithníonn an Creat Náisiúnta Pleanála *‘an ról atá ag ceantair tuaithe chun ár ngeilleagar a spreagadh agus timpeallacht ardchaighdeán a chothabháil’* agus tá sé mar aidhm aige forbairtí fiontraíochta agus nuálaíochta a chur chun cinn agus a mhealladh go dtí na

<sup>20</sup> Chun tuilleadh eolais a fháil faoi bheartas Chomhairle Contae na Mí maidir le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa, féach ar chaibidil?

*ceantair seo, go háirithe nuair is féidir aschur ísealcharbóin a bhaint amach*<sup>21</sup>. Tá bearta ag teastáil chun tacú le fiontraíocht tuaithe agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide nuálacha tuaithe chun deiseanna fostaíochta amach anseo a chruthú sa gheilleagar tuaithe. Cabhróidh an Ciste um Athnuachan agus Forbairt Tuaithe a bunaíodh mar chuid de Thionscadal Éireann 2040 leis an ngeilleagar tuaithe a athbheochan. *PleanPleanPleanPleanPlean*

Faoi láthair, faoin 'bPlean Gníomhaíochta do Phoist 2017', tá gealltanús tugtha ag an Rialtas suas go dtí €60 milliún i maoiniú iomaíoch a chur ar fáil sa tréimhse go dtí 2020 chun tacú le comhionscnaimh. Tá an Rialtas tiomanta freisin do chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (2017) agus déanfaidh sé Clár LEADER an AE 2014-2020 a sheachadadh, clár a bhfuil buiséad €250 aige agus a chuimsíonn buiséad suas go dtí €30 milliún in aghaidh na bliana le haghaidh scéimeanna forbartha tuaithe eile amhail scéimeanna Athnuachana Bailte & Sráidbhailte, CLÁR agus an clár Fóillíochta Tuaithe. Aicmítear an tionscamh REDZ (Crios Forbartha Geilleagraí Tuaithe) laistigh den CEDRA (Coimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch Limistéar Tuaithe) agus tá sé i gceist go gcomhlánfadh sé an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte agus go bhfreastalódh sé ar thionscadail a chuirtear ar bun idir bailte agus an ceantar máguaird, tionscadail a bhaineann leas iomlán as acmhainní áitiúla amhail an turasóireacht, an cultúr, an oidhreacht agus réimsí eile a thacaíonn le gníomhaíochtaí eacnamaíoch tuaithe.

Cabhróidh an infheistíocht faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 leis *'an Údarás ról lárnach a bheith aige i gcruthú fostaíochta i gceantair Ghaeltachta thar tréimhse an phlean*. Tá tionscadail reatha atá maoinithe ag Údarás i mBaile Ghib agus Ráth Chairn agus tá sé mar chuspóir ag an bplean seo i dteannta le fóram Eacnamaíoch Údarás na Gaeltachta agus Ghaeltacht na Mí leanúint ar aghaidh ag tacú le forbairt eacnamaíoch i gceantair Ghaeltachta an Chontae.

Oibríonn Oifig Fiontair Áitiúil (OFA) na Mí i gcomhar leis na tionscnaimh thuasluaite chun tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí atá ann cheana agus do ghnólachtaí nuathionscanta, trí chláir chúnaimh airgeadais, oiliúna, mheantóireachta agus forbartha bainistíochta a chur ar fáil.

Aithníonn an Creat Náisiúnta Pleanála freisin an ról tábhachtach atá ag an Teileachumarsáid i bhforbairt gheilleagar na tuaithe. Leis an bhfás iontach atá ag teacht ar naisc dhigiteacha agus ar na deiseanna cianoibre atá ann d'fhiontair nua, beidh sé de chumas ag na fiontair spás a dhéanamh d'fhostaíocht atá dírithe ar na tionscail atá dírithe ar na hearnálacha TFC, ilmheán agus cruthaitheacha i réimsí amhail an agraitheicneolaíocht, an turasóireacht, an t-iompar agus go háirithe, an bitheilleagar agus an geilleagar ciorclach breisluacha.

Chun an t-iomaíochas agus an nascacht a choimeád i gceantair tuaithe, tá an Rialtas ag tacú le soláthar seirbhísí leathanbhanda ardluais do gach gnólacht, feirm agus teaghlach in Éirinn leis an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda.<sup>22</sup> Plean.

Tá na saincheisteanna a bhaineann le BREXIT agus leis an ngeilleagar tuaithe aitheanta ag an rialtas agus tá sé mar aidhm aige, trí thionscnaimh amhail ciste BREXIT tacú le gnólachtaí atá íogaireach ó thaobh a bhfreagairt don athrú atá le tarlú sa timpeallacht eacnamaíoch.

Tá an chuid is mó d'fhostaíocht dhúchasach an Chontae sna tionscail déantúsaíochta traidisiúnta, mar a mhínítear sa Straitéis Forbartha Eacnamaíoch. Braitheann na gníomhaíochtaí seo cuid mhaith ar mhargadh na RA (lena n-áirítear Tuaisceart Éireann), rud atá mar chúis leis an éiginnteacht a bhaineann le Brexit agus an dóchúlacht go mbeidh easpórtálacha ón tír seo go dtí an RA níos costaisí i ndiaidh Brexit (de bharr an dóchúlachta atá ann go bhfágfaidh an RA an Cómhargadh agus an t-Aontas Custam agus go bhfágfaidh sí Taraif Sheachtrach an AE freisin). Chun béim a chur ar

<sup>21</sup> Leathanach 139 Dréachtchreat Náisiúnta Pleanála

<sup>22</sup> I mí na Samhna 2019, cheadaigh an Rialtas ceapadh an tairgeora tosaíochta chun an tionscadal a sheachadadh.



mheallacht an Chontae mar bhonn do ghnó, déanfaidh an Comhairle an Contae líonrú tuaithe, cnuasú agus brandáil a chur chun cinn agus a thacú, d'fhonn sainréimsí Infheistíochta FDI níos lú a mhealladh isteach i gceantair tuaithe an Chontae agus sciar na ngnólachtaí a dhéanann easpórtáil agus a bhfuil cumas easpórtála acu a mhéadú.

Ní thugann aon earnáil eacnamaíoch ar leith freagra iomlán ar na dúshláin atá os comhair cheantair tuaithe. Is cosúil gurb é an freagra is fearr ná éagsúlacht bearta a fhorbairt chun leas a bhaint as an bpoitéinseal atá ag gach ceantar tuaithe ar leith. I ngach ceantar den Chontae, tá ról ann don fhorbairt tuaithe chun cur le fás eacnamaíoch ginearálta an Chontae. Spreagfaidh an Chomhairle an éagsúlacht trí sainacmhainní an Chontae a chur chun cinn, a shuíomh straitéiseach laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, an fórsa saothair ardoilte dhúchasach atá ar fáil chomh maith leis an buntáiste a bhaineann le cónaí ag tairseach Oirthear Ársa na hÉireann. Cuirfidh an Chomhairle cineálacha forbartha fostaíochta tuaithe atá oiriúnach chun cinn, amhail an talmhaíocht (cúraíocht, déiríocht, caorach, gairneoireacht agus orgánach), eachaí, foraoiseacht, turasóireacht (siúlóid, rothaíocht, fóillíocht, iascaireacht, gailf, gníomhaíochtaí uiscebhunaithe, tránna agus oidhreacht chultúrtha), baint mhianraí agus fiontair tuaithe. Go hachomair, cuireann an Plean seo an fhorbairt eacnamaíoch chun cinn le go gcomhlíonfar riachtanais na gceantar tuaithe, agus ag an am céanna aithníonn sé an gá atá ann a dtimpeallacht agus a n-oidhreacht a chosaint.

#### 4.11.1 Fiontar Tuaithe

Tá sé mar bheartas ag an gCreat Náisiúnta Pleanála *'iomaíochas cheantair tuaithe a fheabhsú trí tacaíocht a thabhairt don nuálaíocht sa bhforbairt eacnamaíoch agus fiontar tuaithe agus an geilleagar tuaithe a aistriú i dtreo earnálacha nua ach go háirithe iad siúd a bhfuil aschur ísealcharbóin nó saor ó charbón acu'*. Glacann an Plean seo leis go bhfuil gá ann geilleagar tuaithe a fhorbairt a chuireann fostaíocht inmharthana agus inbhuanaithe ar fáil don phobail atá ann cheana. Tá gá ann freisin le soláthar / coinneáil seirbhísí a threisiú, pobail tuaithe a athnuachan agus forbairt eacnamaíoch cheantair tuaithe a chur chun cinn. Léirítear é sin sa riachtanas atá ann le gnólachtaí ar scála beag a fhorbairt agus a chur chun cinn i gceantair tuaithe. Ós rud é go bhfuil an Contae suite go straitéiseach laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, cuireann a naisc iompair den scoth, agus a ghaireacht d'ílimad institiúidí tríú leibhéal sruth leanúnach d'oibrithe ardoilte ar fáil. Chomh maith leis sin, de bharr go bhfuil rochtain aige ar ionaid uirbeacha a fhreastalaíonn bonneagar cumarsáide ardluais orthu, tá an Contae suite go hídéalach chun earnálacha fostaíochta nua agus nuálacha a mhealladh isteach ina cheantair tuaithe. Cuireann an Chomhairle córas tacaíochta cuimsitheach ildhisCIPLÍneach ar fáil do ghnólachtaí ar mhian leo iad féin a lonnú sa Chontae.

Is é beartas an Chomhairle é tacaíocht a thabhairt do lonnú fiontair tuaithe mheánmhéide agus mhórsála má thaispeántar, chun sástacht na comhairle, gur fearr spás a dhéanamh don fhiontar i gceantar tuaithe seachas in ionad lonnaíochta ainmnithe agus má chomhlíonann sé na saincheisteanna bainistíochta maidir le forbairt chaighdeánach atá i bhfeidhm. Glactar leis freisin go bhfuil cineálacha fiontar tuaithe ann, go mór mór iad siúd a bhaineann le próiseáil acmhainní nádúrtha agus a fhreastalaíonn ar phobail tuaithe, a bhfuil ról an-tábhachtach acu i bhforbairt phobail tuaithe inbhuanaithe. Tá roinnt fiontar ráthúil den chineál sin sa Chontae cheana féin, go háirithe sna hearnálacha próiseála agus forbartha bia.

Is ionann cur chun cinn agus tacaíocht mhicreaghnóthas (a mbíonn suas go dtí 10 bhfostaí acu) agus ceann de na príomhréimsí a bhfuil ann chun deiseanna fostaíochta inbhuanaithe a chruthú i gceantair tuaithe. Beidh sé mar aidhm ag an gComhairle forbairt san earnáil sin a éascú trí chinntiú go gcuirtear ar fáil gortanna fiontraíochta in ionaid leibhéil íochtaí (Bailte Beaga agus Sráidbhailte) chomh maith le machnamh a dhéanamh faoina n-oiriúnacht sna nóid tuaithe agus, más gá, i gceantair nach bhfuil go leor tógála déanta iontu. Go háirithe, déanfar machnamh ar bhonn cás ar chás ar na deiseanna atá ann

foirgnimh talmhaíochta neamhúsáidte a athchóiriú agus foirgnimh nua a thógáil chun spás a dhéanamh de a leithéid de héagsúlú / fiontar, laistigh den choimpléacs feirme foriomlán.

Leagan Plean Gníomhaíochta um Athfhorbairt Tuaithe an Rialtais “*Fíorú Acmhainneacht na Tuaithe*” béim ar an bpoitéinseal a d’fhéadfadh a bheith ag an turasóireacht ghníomhach i bhfás eacnamaíoch cheantair tuaithe. *“Is eochairearnáil fáis an turasóireacht eachtraíochta ar fud an domhain agus aithnítear í mar thosaíocht don earnáil turasóireachta in Éirinn sna blianta atá amach romhainn. Cuireann forbairt agus cur chun cinn na hearnála sin deiseanna ar fáil don fhás, go háirithe i gceantair tuaithe, trí chabhrú le gnólachtaí leas a bhaint as acmhainní turasóireachta a gceantair ar bhealach atá inbhuanaithe agus gníomhaíochtaí áineasa amhail canúáil, slatiascaireacht agus cnocadóireacht a chur chun cinn”*. Sainithníodh forbairt na Straitéise Glasbhealaí nua chun tacú le turasóireacht ghníomhach i gceantair tuaithe mar phointe ghníomhaíochta sa Phlean Gníomhaíochta. Ós rud é go bhfuil oidhreacht chultúrtha agus turasóireacht tuaithe chomh saibhir ag an gContae cheana féin, tá sé suite go maith chun go bhféadfadh sé tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an táirge turasóireachta atá aige agus é féin a iompú isteach i gceann de na háiteanna is mó san earnáil a bhfuil turasóireacht éagsúlaithe le fáil ann.

Is é beartas na Comhairle:

BEA FE 16	Tacaíocht a thabhairt do lonnú fiontair tuaithe mheánmhéide agus mhórsála sa chás go dtaispeánfaí, chun sástacht na Comhairle, gur fearr spás a dhéanamh don fhiontar i gceantar tuaithe seachas in ionad lonnaíochta ainmnithe agus má chomhlíonann sé na tosca bainistíochta atá i bhfeidhm maidir le forbairt chaighdeánach.
BEA FE 17	Tacaíocht a thabhairt, i gcomhar le OFA na Mí agus le gníomhaireachtaí eile, d’fhorbairt tionscail dhúchasach agus ghnólachtaí nuathionscanta in ionaid fostaíochta tuaithe (sráidbhailte agus lonnaíochtaí) sa Chontae, ar an gcoinníoll go gcomhlíonann siad na tosca suiteála, deartha agus timpeallachta atá i bhfeidhm.
BEA FE 18	Tacaíocht a thabhairt don fhiontraíocht tuaithe agus d’fhorbairt mhicreaghnólachtaí (a mbíonn níos lú ná 10 bhfostaí acu, de ghnáth) i gceantair tuaithe áit a mbíonn miontionchar ann don timpeallacht agus don tírdhreach agus forbairtí nach ngineann go leor tráchta. Ní bheidh an beartas seo infheidhme i gcás suíomhanna atá inrochtana ón nGréasán Bóithre Náisiúnta.
BEA FE 19	Tacaíocht a thabhairt do bhunú tionscadail talmhaíochta inbhuanaithe, gnó agraibhia, gairneoireachta, foraoiseachta, fuinneamh inathnuaite agus fiontair tuaithe eile in áiteanna oiriúnacha ar fud an Chontae.
BEA FE 20	Tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm na Straitéise nua Forbartha Tuaithe LEADER 2014-2020, nó aon Straitéis leasaithe/nuashonraithe a thiocfaidh ina diaidh, don Chontae.
BEA FE 21	Tacaíocht a thabhairt don Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta criosanna féideartha REDZ eile a aithint ar fud an Chontae agus cúnaimh a thabhairt do phobail áitiúla iad féin a ullmhú le haghaidh deiseanna maoinithe sa todhchaí.
BEA FE 22	Tacaíocht a thabhairt do na páirithe leasmhara ar fad i bhforbairt clár don Nuálú Talmhaíochta/ Agraithicneolaíocht, Talmhaíocht Ghlas, Nuálaíocht Bhia, agus don Bhia Sainréimse do thomhaltóirí.

BEA FE 23	Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt áiseanna turasóireachta gníomhach, in áiteanna oiriúnacha laistigh den Chontae má chomhlíonann siad na tosca bainistíochta maidir le forbairt chaighdeánach atá i bhfeidhm.
BEA FE 24	Machnamh a dhéanamh ar bhonn cás ar chás ar na deiseanna atá ann foirgnimh talmhaíochta neamhúsáidte a athchóiriú agus foirgnimh nua a thógáil chun spás a dhéanamh le haghaidh éagsúlú feirme / fiontar laistigh den choimpléacs feirme foriomlán.

### 4.11.1.1 An Tionscal Eachaíochta

Tá méid maith daoine fostaithe go díreach nó go hindíreach sa tionscal eachaíochta, tionscal a chuireann go mór leis an ngeilleagar i gContae na Mí. Tá trí ráschúrsa sa Mhí, ag Tigh na Sióg, san Uaimh agus i mBaile an Bheileogaigh, anuas ar na rásaí bliantúla ar an trá ag an Inse. Ina theannta sin, tá roinnt graífheirmeacha ar fud an Chontae agus tá áislann Idirnáisiúnta Eachaíochta Tattersalls gar do Ráth Tó. Tá deis ar fáil don tionscal eachaíochta sa Chontae an earnáil a chothú agus a fhás tríd an bhfostaíocht mhéadaithe le háiseanna eachaíochta a chomhtháthú agus a éagsúla do ghníomhaíochtaí gaolmhara fóillíochta agus spóirt.

ED POL 25	Tacú leis an earnáil eachaíochta sa Chontae agus í a chur chun cinn mar sholáthraí eacnamaíochta agus fostaíochta.
ED POL 26	Tacú leis na ráschúrsaí agus na háiseanna gaolmhara ag Tigh na Sióg, an Uaimh agus Baile an Bheileogaigh agus leis an imeacht rásaíochta ag an Inse le cinntiú go mbeidh na hionaid sin inmharthana fós maidir leis an bhforbairt fhadtéarmach le haghaidh gníomhaíocht fostaíochta agus eacnamaíochta.

Déan tagairt le do thoil do Chaibidil 9 Straitéis Forbartha Tuaithe chun tuilleadh eolais a fháil maidir le fiontar tuaithe. Cuirtear tuilleadh faisnéise ar fáil i gCaibidil 11 Caighdeáin Bhainistíochta Forbartha agus Cuspóirí Críosaithe Talamhúsáide faoi na húsáidí a cheadaítear i gcriosanna Ceantair Tuaithe (CT) agus i Nóid Tuaithe (NT).

## 4.12 Miondíol

### 4.12.1 Réamhrá

Tá an earnáil mhiondíola ríthábhachtach sa gheilleagar náisiúnta; cuireann sí 270,000 post ar fáil agus cruthaíonn sí<sup>23</sup>, an sciar is mó den fhostaíocht earnála. Tá ról riachtanach ag an earnáil i bhfás an gheilleagair intíre toisc gurb í an t-aon earnáil amháin í a fhaightear i nach mór gach baile agus sráidbhaile sa tír. Eascraíonn go leor buntáistí ó earnáil mhiondíola láidir a bheith ann; mealltar daoine isteach sna bailte, rud a chruthaíonn idirchaidreamh sa phobal (rud a laghdaíonn an t-aonrú sóisialta), a thacaíonn leis an bhfostaíocht áitiúil, agus a laghdaíonn an gá a bhíonn ag daoine achair fhada a thaisteal chun dul chuig na siopaí, rud a laghdaíonn an spleáchas atá acu ar an gcarr. Tugadh faoin Straitéis Mhiondíola reatha do Chontae na Mí ag am a bhfuil an earnáil seo ag fás i gcomparáid leis an am a rinneadh an Straitéis Mhiondíola do Phlean Forbartha 2013-2019 a chur le chéile. Ag an am sin, bhí an geilleagar tar éis dul trí tréimhse chúngaithe leanúnach a raibh drochthionchar aige ar an earnáil

<sup>23</sup> Plean Gníomhaíochta do Phoist, 2015, Eanáir 2015, An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, lch. 121.

mhiondíola. Léiríonn na tuartha is déanaí go bhfuil feabhas tagtha ar rátaí fostaíochta agus sa leibhéal ioncaim indiúscartha, agus go bhfuil tionchar dearfach ag an dá thoisic sin ar fhás na hearnála. Tá sé mar bheartas ag an bPlean seo leathnú sna leibhéil fáis san earnáil mhiondíola a chur chun cinn agus cur chuige spriocdhírthe agus pleanbhunaithe a sholáthar d'fhorbairt na hearnála sa toadhcháil.

Déan tagairt le do thoil do Chaibidil 11 Caighdeáin Bhainistíochta Forbartha agus Cuspóirí Criosaithe maidir le hÚsáid Talún agus d'Aguisín 4 Straitéis Mhiondíola chun tuilleadh eolais a fháil.

## 4.13 Comhthéacs Beartais

Tá treoirchoiméid maidir le miondíolachán mar bhonn eolais do chomhthéacs beartais an Phlean maidir le miondíol ag an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach. Cuimsíonn siad seo “Regional Spatial and Economic Strategy, Guidelines for Planning Authorities: Retail Planning” arna eisiúint in 2012 ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil; agus “Retail Strategy for the Greater Dublin Area, 2008-2016”, arna fhoilsiú in 2008 thar ceann Údarás Bhaile Átha Cliath agus an Lár-Oirthir.

### 4.13.1 An Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch 2019- 2031

Aithníonn an RSES go gcuireann an earnáil mhiondíola go mór leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch agus leis an bhfostaíocht sa réigiún. Ní dhearnadh straitéis Mhiondíola 2008 do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath a uasdátú go fóill agus maíonn an SRSE go ‘dtacóidh an Tionól Réigiúnach Oirthir agus Lár-Tíre (TROLT) le hullmhú straitéise nua miondíola a dhéanfaidh an t-ordlathas miondíola a thabhairt suas chun dáta chomh maith le riachtanais spás urláir nua a leagan amach. Maíonn CBR 6:10:

*‘Tacóidh EMRA le hullmhúchán na Straitéise/Straitéisí Miondíola don Réigiún i gcomhréir le Treoirlínte um Pleanáil Mhiondíola na n-Údarás Pleanála 2012, nó aon nuashonrú eile a bhíonn ann ina dhiaidh sin, ar mhaithe leis an ordlathas miondíola a thabhairt suas chun dáta agus riachtanais spás urláir a chur i bhfeidhm sa Réigiún.’*

Leagan Tábla 6.1 den RSES amach an tOrdlathas Miondíola don Réigiún. Ainmnítear An Uaimh, Maigh Nuad agus Droichead Átha mar ionaid Leibhéal 2 (láir bhailte mhóra agus láir bhailte Chontae), ainmnítear Cill Dhéagláin, Dún Seachlainn, Ceannanas, Baile Átha Troim agus An Inse/Baile an Bhiataigh mar ionaid Leibhéal 3 (láir bhailte agus/nó dhúiche agus láir bhailte fho-Chontae).

### 4.13.2 Guidelines for Planning Authorities: Pleanáil Mhiondíola (RCORÁ) 2012

Chun go dtacóidh an Phleanáil leis an earnáil mhiondíola trí fhorbairt mhiondíola a chur ar fáil agus beocht na mbailte a chothabháil, leagan na Treoirlínte Pleanála Miondíola amach 5 chuspóir uileghabhálacha lena n-áirítear:

- Cinntiú go bhfuil an fhorbairt mhiondíola stiúrtha ag Plean
- Cur chuige céimnitheach a úsáid laistigh de bhailte
- Iomaíochas a chinntiú san earnáil mhiondíola trí thionscadail ardchaighdeáin atá in áiteanna oiriúnacha a dhearadh

- Rochtain ar dheiseanna miondíola a fheabhsú trí modhanna iompair níos inbhuanaithe a sholáthar
- Torthaí deartha uirbigh ardchaighdeán a chur ar fáil.

Tá Lámhleabhar Deartha Miondíola (Aibreán 2012) ag gabháil le Treoirlínte Pleanála Miondíola 2012. Cuireann an Lámhleabhar sin prionsabail ardchaighdeán bunaithe ar fhianaise ar fáil d'Údarás phleanála, forbróirí agus dearthóirí chun a chinntiú go ndíreoidh an Phleanáil amach anseo maidir leis an earnáil mhiondíola isteach ar áiteanna beomhara, ardchaighdeán a chruthú.

### 4.13.3 Straitéis Mhiondíola do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath (2008)

Cumhdaíonn Straitéis Mhiondíola reatha Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath an tréimhse 2008-2016 agus cuireann sí ar fáil treoir agus beartais don fhorbairt mhiondíola ag leibhéal straitéiseach. Tá sé mar aidhm aici a chintíú go gcuirtear i bhfeidhm cur chuige inbhuanaithe agus comhordaithe maidir le measúnú agus soláthar fhorbairt mhiondíola i Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath. Bunaíodh an straitéis ar na coinníollacha eacnamaíocha a bhí ann roimh a tharla an cúlú eacnamaíoch. Tá sé de cheanglas sna Treoirlínte Pleanála Miondíola go ndéanfaí Straitéis Mhiondíola a ullmhú do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath. Ós rud é go bhfuil an straitéis atá ann faoi láthair as dáta, táthar ag súil leis go bhforbrófar Straitéis Mhiondíola don Tionól Réigiúnach Oirthir agus Lár-Tíre i rith saolré an Phlean. Mura ndéantar an Straitéis Mhiondíola a nuashonrú, glacfar leis go bhfuil an doiciméad reatha infheidhme.

Maidir le Contae na Mí, tacaíonn an Straitéis Mhiondíola do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath, 2008-2016 leforbairt leanúnach na hUaimhe mar phríomhionad miondíola an Chontae (Lár Baile Mhóir & Lár Baile Chontae Leibhéal 2). Aithníonn an Straitéis Dún Búinne, Dún Dhéagláin, Dún Seachlainn, Ceannanas, Baile Átha Troim, An Inse/Baile an Bhiataigh & An Bóthar Buí mar ionaid Leibhéal 3 (Ionaid Bhaile Mhóir agus/nó Ionaid Dhúiche agus Ionaid Bhaile Fho-Chontae). Forálann Straitéis Mhiondíola 2008 go bhforbróidh Dún Búinne stádas Leibhéal 2 de réir a chéile roimh 2028. Maíonn an Straitéis na nithe seo a leanas: *'Aistriú Dhún Búinne mar ionad Leibhéal 3 go dtí ionad Leibhéal 2 thar achar ama 15-20 bliain a éascú trí iarnród a fhorbairt chun freastal ar an bhfás daonra sa cheantar, an fás sin a threorú trí Chreatphlean Comhtháite Talamhúsáide chomh maithe le Plean Iompair agus Plean Ceantair Áitiúil a fhorbairt do Dhún Búinne.'*

## 4.14 Fís an Phlean Fhorbartha

Is í an aidhm is tábhachtaí a bheidh ag straitéis mhiondíola an Chontae ná na coinníollacha oiriúnacha a chruthú inar féidir timpeallacht mhiondíola bhisiúil agus bheomhar a chur chun cinn sa Chontae thar shaolré an Phlean seo agus ina dhiaidh. Athbhreithniú ó bhonn a dhéanamh ar na cúinsí atá ann faoi láthair agus machnamh a dhéanamh faoi na feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh sa todhchá, lena n-áireofar feabhsuithe sa riocht phoiblí agus sa soláthar spás úrláir a chur sa chomhthéacs náisiúnta agus réigiúnach chun a chinntiú go mbíonn an oiread gníomhaíochta miondíola ar siúl sa chontae agus is féidir.

Déan tagairt le do thoil do Chaibidil 11 Caighdeán Bhainistíochta Forbartha agus Cuspóirí Criosaithe maidir le hÚsáid Talún chun tuilleadh eolais a fháil maidir le hathnuachan lár an bhaile/riocht phoiblí/comhforbairt áite.

## 4.15 Straitéis Mhiondíola na Mí

Rinneadh an Straitéis Mhiondíola a bhí ag an gContae roimhe seo a ullmhú ag am ina raibh an margadh miondíola ag titim go mór mar gheall ar an gcúlú eacnamaíoch agus cor chun donais an gheilleagair náisiúnta. Rinneadh an straitéis reatha a ullmhú i gcomhthéacs téarnamh eacnamaíoch náisiúnta ina bhfuil an margadh miondíola ag feabhsú, le méaduithe móra i líon na ndíolachán. Ní mór an dóchas sin a mhaolú laistigh de chomhthéacs ina bhfuil leibhéal éiginnteachta ann de bharr eachtraí geopholaitiúla agus tréimhse leanúnach ina bhfuil an tomhaltóir atá ‘comhfhiosach faoi phraghsanna’ i réim. Ina theannta sin, tá tionchar suntasach ag an tsiopadóireacht ar líne ar an earnáil mhiondíola agus is réimse í ar gá do mhiondíoltóirí aghaidh a thabhairt air má theastaíonn uathu a bheith iomaíoch i gcónaí.

Tá sé mar aidhm ag an straitéis iomaíochas an Chontae a chothabháil agus a fheabhsú, déileáil le róchaiteachas miondíola agus leithdhaileadh spásúil den spás úrláir mhiondíola atá cothrom, éifeachtach agus inbhuanaithe a chinntiú ar fud an Chontae. Leagann an Straitéis Mhiondíola béim ar chinntiú go gcoinníonn an Contae a ról agus a thábhacht i dtaobh nósanna siopadóireachta dhaoine áitiúla, an réigiúin agus go náisiúnta. Ba chóir go ndéanfaí é sin a bhaint amach trí thairiscint iomaíoch an Chontae ó thaobh na siopadóireachta de a fheabhsú go mór mór ina lárionaid siopadóireachta. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go gcuirfidh an Chomhairle le chéile Straitéis Mhiondíola le haghaidh Droichead Átha i gcomhar le Comhairle Contae an Lú. Beidh sé sin mar dhlúthchuid den chomhfhís agus den Chomhphlean Uirbeach atá acu do bhaile Dhroichead Átha<sup>24</sup>.

## 4.16 Suirbhé & Anailís – Príomhthorthaí

Rinneadh suirbhé cuimsitheach de theaghlach sa Chontae i Meitheamh 2017<sup>25</sup> chun nósanna siopadóireachta reatha a dheimniú agus rinneadh suibhé ‘Scrúdú Sláinte’ ar na lonnaíochtaí ardleibhéil ar fad freisin. Cuireadh Ráth Tó san áireamh sa Scrúdú Sláinte seo de bharr an daonra ard atá aige agus a fhorbairt mar bhaile dórtúir laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Leagann an suirbhé béim ar na leibhéil arda cailteanas don Chontae ó chaiteachas comparáide; é sin ráite, tugadh faoi deara feabhsuithe i lonnaíochtaí amhail An Uaimh, Ceannanas agus Baile Átha Troim, áit a thaispeáin an suirbhé gur fhan formhór na bhfreagróirí sa Chontae agus siopadóireacht chomhparáide á dhéanamh acu. Bhí 90% de na freagróirí sásta nó an-sásta lena n-eispéireas siopadóireachta san Uaimh. Léiríonn sé sin go raibh tionchar dearfach ag na feabhsuithe a rinneadh ar éagsúlacht na n-úsáidí atá ar fáil agus na feabhsuithe a rinneadh ar an riocht phoiblí ar earnáil mhiondíola an bhaile. Ba í éagsúlacht níos leithne earraí an phríomhchúis a thug daoine chun an Contae a fhágáil, agus luadh éascaíocht agus gaireacht ionad eile dá mbailte mar chúis freisin.

### **Éascaíocht (Príomhshiopadóireacht Bhia) - Na pointí is tábhachtaí**

- Coinníodh 78.56% den chaiteachas éascaíochta sa Chontae, suas ó 77% nuair a cuireadh le chéile an straitéis dheiridh
- Choinnigh Ceannanas (ard) 97.56% i gcomparáid le Baile an Bhiataigh (íseal) nár choinnigh ach 50% sa Chontae.
- Mheall Droichead Átha 50% de na siopadóirí ó cheantar Oirthear na Mí
- Rinne 93% de na freagróirí a siopadóireacht bhreisithe sa Chontae ag a siopa áitiúil nó ag an siopa áise is gaire.

Ba í a gaireacht an phríomhchúis a roghnaigh daoine áit shiopadóireachta ar leith. Tugadh faoi deara sna suirbhéanna a rinneadh nach meallann bailte an Chontae go leor daoine taobh amuigh dá

<sup>24</sup> Féach an Tuarascáil maidir le hAthbhreithniú Theorainn Dhroichead Átha, Feabhra 2017, RSES.

<sup>25</sup> Chuir an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2018 moill ar fhoilsiú Phlean Forbartha Chontae na Mí.

siopacheantar féin. Is dual do dhaoine turas siopadóireachta a dhéanamh chuig bailte eile chun ‘lá saor’ a bheith acu ach tá an cineál sin siopadóireachta in easnamh sa Chontae.

#### **Comparáid (Éadach & Bróga) - Na pointí is tábhachtaí**

- Déanann 64.5% de na freagróirí a bpríomhshiopadóireacht chomparáide taobh amuigh den Chontae, méadú ón 58.9% a taifeadadh an uair dheireanach a rinneadh an suirbhé.
- Comhlíonann An Uaimh ról miondíola comparáide réigiúnach – coinníonn sé 62.5% laistigh dá shiopacheantar féin, nó laghdú ón 70% a taifeadadh an uair a rinneadh an suirbhé deireanach. Chomh maith leis sin, meallann sé 55% & 68% den chaiteachtas ó shiopacheantair Bhaile Átha Troim agus Cheannanais. Tá feabhas mór taghtar ar an gcéadtadán a choinníonn Ceannanas ón 37% a taifeadadh a uair dheireanach a rinneadh an suirbhé.
- Coinníonn Cill Dhéagláin 27% den chaiteachtas comparáide ar earraí ina shiopcheantar féin, feabhas mór ar an figiúir a taifeadadh le linn na straitéise miondíola deiridh nuair nár choinnigh sé ach c.11% - is é Baile Bhlainséir an áit is mó a mheallann siopadóirí ón gceantar i gcónaí (29%).
- Den chaiteachtas ar fad a fhágann an Contae ó lonnaíochtaí an chósta thoir, téann an chuid is mó de go Droichead Átha (63%), figiúir atá laghdaithe ó 78.8% ón am a cuireadh le chéile an straitéis mhiondíola dheiridh.
- Ba í éagsúlacht níos leithne earraí an phríomhchúis a thug daoine chun siopadóireacht a dhéanamh taobh amuigh den Chontae.

#### **Siopadóireacht le haghaidh earraí troma- Troscáin agus Earraí Leictreacha – Na pointí is tábhachtaí**

- Ba é an caiteachtas a cailleadh ar earraí troma ná 57.5%.
- Deimhnítear arís na treochtaí céanna i ligean caiteachais a ar earraí comparáide, le Baile Bhlainséir ar an áit is mó a mheallann siopadóirí ón gceantar i gcónaí.
- Feidhmíonn An Uaimh maith go leor ag coinneáil 77% den chaiteachtas ar earraí troma, le 67.5% coinnithe ag Ceannanas sa chatagóir seo, feabhas mór ar an bhfigiúir 48.65% a taifeadadh sa suirbhé deireanach a rinneadh.
- Mhaígh formhór na bhfreagróirí suirbhé i mBaile Átha Troim go ndéanann siad a gcuid siopadóireachta san Uaimh (17.07%) agus i mBaile Átha Troim (46.34%).
- Siopacheantar Chill Dhéagláin – déantar 57.5% den siopadóireacht d’earraí troma taobh amuigh den chontae le 26% den siopadóireacht á dhéanamh i mBaile Bhlainséir.
- Siopacheantar Bhaile an Bhiataigh – is fadhb don Chontae í an choinneáil chaiteachais sa cheantar seo le 75% den chaiteachtas á dhéanamh i nDroichead Átha, ach beidh sé deacair dul i ngleic leis an bhfadhb sin de bharr an daonra ard atá sa cheantar agus a ghairacht do Dhroichead Átha.
- É sin ráite, de réir mar a chonacthas sa straitéis roimhe seo, tá feidhmíocht mhaith ag Ceantar Máguaird Dheisceart Dhroichead Átha i gcónaí.

### **4.16.1 Tráchttaireacht**

Deimhníonn an suirbhé gurbh í gaireacht oirthear na Mí do shiopacheantar Dhroichead Átha agus Cill Dhéagláin do Bhaile Bhlainséir an phríomhchúis go bhfuil caiteachtas comparáide ar earraí troma á cháilleadh. Luann an Straitéis Mhiondíola nach aon ionadh é seo de bharr go bhfuil na háiteanna sin

an-ghar do na ceantair i gceist. Is áit an-mhealltach do shiopadóirí í Baile Bhlainséir, agus is é Baile Bhlainséir an ionad is mó a mheallann caiteachas comparáide amach ón gContae. Siopaí comparáide a ghineann an chuid is mó de na turais go Baile Bhlainséir, Cathair Bhaile Átha Cliath agus Gleann na Life. Léiríonn torthaí an tsuirbhé ar theaghlaigh an gá atá ann éagsúlacht agus réimse na siopaí comparáide a mhéadú sa Chontae. Chabhródh sé sin le cailteanas caiteachais chuig ionaid eachtracha a mhaolú.

## 4.17 Ordlathas Miondíola

Deimhníonn Straitéis Mhiondíola an Chontae go bhfuil ordlathas miondíola ann, rud a leagtar amach i dTábla 3.1 ar an gcéad leathanach eile. Tá an t-ordlathas sin ag teacht leis an Ordlathas Miondíola atá le fáil i Straitéis Mhiondíola Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath a cuireadh i gcrích in 2008.



Tábla 4.1

Leibhéal	Cineál Ionaid	Ionad	Cineál Seirbhísí
<b>Leibhéal 1</b>		Ceann ar bith	
<b>Leibhéal 2</b>	Lár Phríomhbhaile/ Bhaile Chontae	An Uaimh	Ba chóir go gcuirfeadh ionaid Leibhéal 2 réimse iomlán seirbhísí miondíola ar fáil, ó shiopaí nuachtáin go siopaí speisialaithe, siopaí ilrannacha, siopaí áise de gach cineál, ionaid shiopadóireachta agus leibhéal ard úsáidí meascáithe. Ba chóir go mbeadh iompar poiblí éifeachtach ag freastail ar ionaid Leibhéal 2.
<b>Leibhéal 3</b>	Lár Bailte Móra/ Nó Lár Dhúiche nó Lár Bailte Fho-Chontae	Cill Dhéagláin, Dún Búinne*, Dún Seachlainn, Ceannanas, Baile Átha Troim, An Inse/ Baile an Bhiataigh, An Bóthar Buí	Athróidh ionaid Leibhéal 3 i dtéarmaí scála a soláthar agus méid a siopacheantair. Go ginearálta, áit nach bhfuil an baile gar d'aon príomhbhaile amhail Cill Dhéagláin/Dún Búinne/An Bóthar Buí agus áit a bhfuil siopacheantar mór i gceist, ba chóir go mbeadh réimse leathan siopadóireachta comparáide ann le meascán úsáidí agus seirbhísí. Ba chóir go mbeadh ar a laghad ollmhargadh amháin ann agus siopa illrannach comparáide ar scála níos lú chun freastail ar na riachtanais áitiúla.
<b>Leibhéal 4</b>	Bailte beaga, sráidbhailte agus ionaid áitiúla	Áiteanna éagsúla laistigh den chontae lena n-áirítear (ach ní go heisiach) Baile Átha Buí, Baile Íomhair, Cluain Aodha, Damhliag, Cill Mheasáin, An Obair, An Seanchaisleán, Ráth Tó, Baile Shláine agus Steach Maoilín.	Go ginearálta, ba chóir go gcuirfeadh ionaid Leibhéal 4 ollmhargadh amháin ar fáil ag brath ar mhéid an ionaid le réimse teoranta siopaí áitiúla, seirbhísí tacaíochta amhail ionad sláinte, áiseanna pobail agus úsáidí áineasa. Ba chóir go gcomhlíonfadh a leithéid d'ionad riachtanais laethúla an phobail áitiúil agus an cheantair mhórchimpeall.
<b>Leibhéal 5</b>	Sráidbhailte beaga	Áiteanna éagsúla	Ba chóir go gcomhlíonfadh na hionaid sin riachtanais laethúla na gcónaitheoirí mórthimpeall. D'fhéadfadh na siopaí seo feidhmiú mar chroílár tuaithe le hoifig an phoist gar den bhunscoil áitiúil nó den chumann CLG nó mar shraith shiopaí i gceantar uirbeach amhail ionad Siopadóireachta an Chaisleáin Duibh san Uaimh
<b>Eile</b>		Ceantar Máguaird Dheisceart Dhroichead Átha	Tá roinnt mhaith forbartha miondíola i gceantar máguaird Dhroichead Átha de bharr an bhaint atá aige le Droichead Átha, arbh ionad dara leibhéal é san ordlathas miondíola náisiúnta. Tá Ionad Siopadóireachta Southgate (Lár an Cheantair) lonnaithe ag Colpe Cross ar imeall theas Dhroichead Átha agus tá comhchuid oifigí lonnaithe ann freisin. Tá feidhm sholáthair mhiondíola thábhachtach ag Droichead Átha ag freastail ar riachtanais na bpobal áitiúil agus mórthimpeall.

\*Forbróidh Dún Búinne de réir a chéile mar Ionad Leibhéal 2 sna 20 bliain atá amach romhainn a bhí leis an stádas atá aige sa Straitéis Mhiondíola do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath

## 4.18 Ríomhthráchtáil

Tá tábhacht mhór ag an tsiopadóireacht ar líne, nó an ‘ríomhthráchtáil’, i margadh miondíola na hÉireann, agus bíonn cuid dá ghnó ar líne, ar a laghad, ag formhór na siopaí iolbhraínsí.<sup>26</sup> Measann E-commerce Europe go n-úsáideann 82% de phobal na hÉireann atá os cionn 15 bhliain d’aois an t-idirlíon agus go mbíonn 1.9 den phobal sin ag siopadóireacht ar líne, ag caitheamh €3,143 an duine sa bhliain ar an meán, nó €5.9bn san iomlán in 2015.

Tá taifead déanta ag Innéacs Visa do Chaiteachais Thomhaltóirí na hÉireann ar dhíolacháin sna bealaí íocaíochta ar fad ó 2014 ar aghaidh. In Eanáir 2017, chuir Innéacs Visa béim ar an difear atá ann idir díolacháin ar líne agus díolacháin duine le duine; tá an caiteachas ar an dara ceann ag titim -0.7% bliain i ndiaidh bliana - laghdú beag, ach is é sin an ceathrú laghdú den chineál céanna le ceithre mí anuas. I gcodarsnacht leis seo, tá caiteachas ar shiopadóireachta ar líne ag fás go tréan i gcónaí. D’ardaigh an caiteachas +12.3% bliain i ndiaidh bliana, le ráta fáis i bhfigiúirí dúbailte don séú mhí as a chéile.<sup>27</sup>

Is é sin le rá go bhfuil an tsiopadóireacht ar líne mar cheann de na réimsí is mó atá ag fás sa mhargadh miondíola le deich mbliana anuas. Cé gur deis é seo do mhiondíoltóirí ardán díolacháin eile a fhorbairt, bhí cailteanas mór ag go leor miondíoltóirí traidisiúnta sa díolachán agus, dá bhrí sin, is iomaitheoir mór na díolacháin ar líne nó an ‘ríomhthráchtáil’. Mar fhreagra air sin, tá go leor miondíoltóirí ag forbairt úsáidí áineasa comhshuite (go háirithe bia agus deochanna) in aice leis an miondíolachán chun ‘eispéireas’ a thabhairt do chustaiméirí nach féidir a thabhairt ar líne. Ar an bpríomhshráid, áit nach bhfuil spás úrláir mór ann, tá úsáidí áineasa amhail bialanna agus caiféanna tar éis teacht in áit aonaid chíosa atá folamh. Áit a mbíonn tionchar mór ag an tsiopadóireacht ar líne ar chailteanas díolacháin, tá deis ann do láir bhailte rud éigin a chur ar fáil nach féidir a fháil ar líne, áit margaidh ina bhfuil eispéireas nua agus idirghníomhaíocht shóisialta le fáil ann.

## 4.19 Príomhlimistéir Mhiondíola agus Suíomhanna le Deiseanna Miondíola a Aithint

I gcomhréir leis an treoir atá leagtha amach sna Treoirínte Pleanála Miondíola, aithníonn Straitéis Mhiondíola an Chontae Príomhlimistéir Mhiondíola d’ionaid chéad agus dara leibhéal laistigh d’Ordthas Miondíola an Chontae. Aithníonn an Straitéis Mhiondíola roinnt Shuíomhanna do Dheiseanna Miondíola i ngach baile ar leith a mheastar a bheith mar áiteanna oiriúnacha le haghaidh forbairt mhiondíola. I gcomhréir le cuspóirí na dTreoirínte Pleanála Miondíola, ba chóir forbairt mhiondíola nua a lonnú laistigh nó gar do na príomhlimistéir mhiondíola, más féidir sin.

## 4.20 An Riachtanas atá ann do Spás Úrláir Mhiondíola Breise

Tá sé ar cheann de phríomhriachtanais na *dTreoirínte Pleanála Miondíola* go gcuirfeadh straitéisí miondíola ar fáil measúnú leathan den spás úrláir mhiondíola breise atá ag teastáil i gcontaetha ar leith thar shaolré a gcuid straitéisí. Déantar riachtanais an Chontae maidir le spás úrláir breise a mheas ag féachaint do na hathruithe atá sa daonra, do thuartha maidir leis an daonra, d’fhaisnéis nuashonraithe maidir le caiteachas, spás úrláir miondíola, ceadanna reatha Pleanála agus torthaí suirbhé 2017 ar theaghlaigh agus siopadóirí.

<sup>26</sup> <https://www.ecommerce-europe.eu/research-figure/ireland/>

<sup>27</sup> <https://www.visa.ie/about-us/press-releases/irish-consumer-spending-increases-plus-4-percent-year-on-year-in-january-1801988?returnUrl=/about-us/press-releases/listing>

Leagann Straitéis Mhiondíola an Chontae amach treoir leathan maidir leis an gcineál agus méid spáis úrláir bhreise a bheidh ag teastáil chun spás a dhéanamh do chaiteachas thar amscála na Straitéise. Déantar achoimre a thabhairt dó sin i dTábla 4.2 thíos:

**Tábla 4.2: Poitéinseal Spás Úrláir Chontae na Mí**

Bliain	Siopaí Áise m. cearnach.	Comparáid m. cearnach Cás 1	Comparáid m. cearnach Cás 2	Earraí Troma m. cearnach.
2011	15,431	124	124	<b>-19,983</b>
2019	31,071	13,723	38,527	<b>-7,614</b>
2022	<b>35,617</b>	<b>20,368</b>	<b>48,446</b>	<b>-1,570</b>

Tugtar faoi deara go bhfuil roinnt ceadúnas reatha do scéimeanna láir bhaile ann nár cuireadh i bhfeidhm go fóill agus nár cuireadh san áireamh sna figiúirí spás úrláir thuas. Tagraíonn na ceadúnais a bhaineann leis na suíomhanna sin den chuid is mó do sholáthar ionaid shiopadóireachta. Mar shampla, tugadh cead do mhórscéim lár baile i gCeanannas, ach de bharr go bhfuil leibhéal teoranta spás úrláir ag teastáil ón mbaile ní dócha go rachaidh an fhorbairt nua chun cinn ag an scála agus sa bhformáid a bhí beartaithe di ar dtús<sup>28</sup>. Beidh tionchar ag athruithe a tharla ar fhormáid agus ar phatrúin mhiondíola le roinnt blianta anuas ar chur i bhfeidhm ceadanna pleanála miondíola stairiúla.

Tá an Chomhairle tiomanta i gcónaí d'fhorbairt mhiondíola a chur chun cinn ag scála oiriúnach in eochairshuíomhanna. Beidh gá breithiúnas cás ar chás a dhéanamh ar an spás úrláir ábhartha agus aon mhórfhorbairt mhiondíola á meas. Is é an rud is tábhachtaí agus iarratais phleanála á mheas amach anseo ná breathnú ar an áit a mbeidh an spás úrláir miondíola suite. Ba chóir tosaíocht a thabhairt do chur chun cinn athfhorbairt agus athbheochan láir bhailte i gcónaí.

Aithníonn na torthaí a fuarthas sna suirbhéanna ar theaghlaigh agus siopadóirí agus atá mar bhonn eolais ag an straitéis mhiondíola go bhfuil cailteanas mór caiteachais chomparáide ón gContae. Tá sé mar phríomhchuspóir an leibhéal cailteanais sin a laghdú i rith saolré na straitéise miondíola.

## 4.21 Treoir Straitéiseach faoi Leithdháileadh Spás Úrláir Miondíola

Cuireann Straitéis Mhiondíola an Chontae creat le haghaidh beartas straitéiseach ar fáil do leithdháileadh spásúil spás úrláir nua laistigh den Chontae. Cuirtear san áireamh sa mheasúnú treochtaí éiritheacha an mhargaidh mhiondíola chomh maith le meastacháin ghinearálta den éileamh a bheidh ann sa todhchaí, bunaithe ar athruithe réamh-mheasta sa daonra áitiúil, caiteachas tomhaltóirí agus an poitéinseal láimhdeachais atá ann. Is éard atá i gceist leis sin ná treoir straitéiseach a thabhairt faoi shuíomh agus scála forbairtí miondíola móra.

Déanfar spás úrláir mhiondíola nua le haghaidh úsáidí miondíola comparáide a chur chun cinn laistigh den Uaimh agus Dún Búinne ach go háirithe, chomh maith le dreasachtaí a chur ar fáil chun déileáil le fadhb na suíomhanna atá folamh.

Tá sé ríthábhachtach réimse agus caighdeán an spáis úrláir chomparáide a fheabhsú laistigh den Chontae chun a chinntiú go gcuireann an Contae lena thairscint mhiondíola agus go bhfaigheann sé

<sup>28</sup> Cead Pleanála reatha a rachaidh in éag in 2020.

cuid den chailteanas caiteachais atá ann de bharr ionaid iomaíochas amhail Bhaile Bhlainséir ar ais. Mar Lár Baile an Chontae, ba chóir An Uaimh, ach go háirithe, a chur chun cinn agus a fhorbairt mar ionad le haghaidh spás úrláir den leibhéal is airde.

I dtéarmaí áisiúlacht an tsoláthair mhiondíola, tá sé soiléir go bhfuil easpa soláthar áise in ionaid áirithe, go mór mór i nDún Búinne agus sa Bhóthar Buí. É sin ráite, de bharr ceadanna pleanála a deonaíodh in 2017, tabharfar aghaidh anois ar an easpa sin. Cuirfear forbairt mhiondíola áisiúil chun cinn sna hionaid uirbeacha seo, ach go háirithe, chun an rogha iomaíoch agus éagsúlacht an mhargaidh mhiondíola a fheabhsú. D'oscail siopa áise mór i nDún Búinne (2018), rud a chabhróidh go mór aghaidh a thabhairt ar an gcaillteanas caiteachais ón gceantar.

Ó thaobh forbairt trádstórais mhiondíola de, tá freastal maith sa Chontae. Tá dhá pháirc trádstórais mhiondíola mhóra san Uaimh agus tá páirc mhiondíola eile i gCill Dhéagláin. Rinneadh leibhéal na n-aonad folamh a ísliú san Uaimh ach tá sé fós ard i gCill Dhéagláin. Tá sé leagtha amach leis an straitéis miondíola nach bhfuil gá le spás urláir breise den chineál sin sa Chontae. Glacfar cur chuige an-chúramach maidir le tuilleadh forbartha a dhéanamh sa réimse sin thar thréimhse an Phlean, seachas na páirceanna agus limistéir atá ann cheana agus a aithnítear in Imleabhar 2 a chur i gcrích.

**Tábla 4.3: Poitéinseal táscach Spás Úrláir do Shiopaí Áise**

Ionad	2026
An Uaimh	4,000-8,806
Baile Átha Troim	1,000-1,450
Ceanannas	800-1,250
Cill Dhéagláin	1,000-1,872
Dún Seachlainn	1,200-2,322
Dún Búinne	2,000-4,744
An Bóthar Buí	1,000-1,450
An Inse-Baile an Bhiataigh	1,000-1,450
Ráth Tó	500-1,545
Steach Maoilín	500-895
Eile	1,000-1,125
Iomlán	<b>14,000-26,909</b>

**Tábla 4.4 Poitéinseal táscach Spás Úrláir do Shiopaí Comparáideacha**

Ionad	2026
An Uaimh	4,00-6,388
Baile Átha Troim	1,250-1,750
Ceanannas	1,000-1,500
Cill Dhéagláin	1,500-2,100
Dún Seachlainn	700-977
Dún Búinne	1,640-3,200
An Bóthar Buí	400-500
An Inse/Baile an Bhiataigh	400-500

<b>Ráth Tó</b>	200-876
<b>Steach Maoilín</b>	200-226
<b>Eile</b>	500-768
<b>Iomlán</b>	<b>11,790-18785</b>

Leagann Táblaí 4.3 agus 4.4 amach an poitéinseal táscach spás úrláir atá ann do shiopaí áise agus comparáide sna príomhbhailte laistigh den Chontae de réir ról gach lonnaíocht in Orlathas Miondíola an Chontae, treochtaí éiritheacha sa mhargadh miondíola agus meastacháin ghinearálta den éileamh sa todhchaí, bunaithe ar athruithe réamh-mheasta sa daonra áitiúil, caitechas tomhaltóirí agus poitéinseal láimhdeachais.

Do mhiondíolachán earraí áise agus comparáide araon, gheobhaidh An Uaimh, atá mar Eochairbhaile sa Chontae, thart ar aon trian den phoitéinseal spás úrláir miondíola iomlán a leithdháiltear. Tá daonra na hUaimhe tar éis fás os cionn 30,000 agus tá sé ag fás ag ráta ard i gcónaí.

Leithdháilfear an chéad sciar is mó eile de spás úrláir phoiteinsiúil ar Dhún Búinne. Mar Bhaile Mór Fáis II, tá Dún Búinne tar éis fás (ó 2011-2016) ag ráta níos ísle i gcomparáid leis an Uaimh; é sin ráite, táthar ag súil leis go bhfásfaidh an lonnaíocht go mór i rith saolré an Phlean Fhorbartha mar chuid de Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath.

Léiríonn na leithdháilte a thaispeántar i dTáblaí 4.3 & 4.4 maidir le spás úrláir breise do shiopaí áise agus comparáide i gCeannanas, Baile Átha Troim agus Cill Dhéagláin an stádas atá ag na bailte sin agus an fás atá réamh-mheasta dóibh i rith saolré an Phlean. Léiríonn ráta fáis dhaonra Dhún Seachlainn idir 2011-2016 agus na leibhéil níos airde d'aonaid fholmha sa suirbhé ar úsáid talún a rinneadh don straitéis mhiondíola seo go bhfuil dóchúlacht níos lú ann go bhfuil poitéinseal níos mó ann do spás úrláir breise i nDún Seachlainn ná atá san Uaimh nó i nDún Búinne. Tá siopa bia áise a cuireadh i gcrích i nDún Seachlainn in 2018 tar éis cur leis an soláthar miondíola i lár an bhaile. Beag beann ar an leibhéal ard gníomhaíochta cónaithe atá i nDún Seachlainn agus an dóchúlacht mhór atá ann go mbeidh fás mór sa daonra ann, ní dócha go mbeidh a thuilleadh spáis úrláir ag teastáil thar shaolré an Phlean.

Thaifead an Bóthar Buí agus an Inse/Baile an Bhiataigh fás daonra ard i nDaonáireamh 2016 agus tabharfaidh ceadanna pleanála a deonaíodh in 2017 aghaidh ar aon easpa mór atá sa spás úrláir miondíola atá ar fáil sna ceantair sin. Cuireadh tús leis an siopa bia áise a thógáil san Inse in 2019. Moltar cuid bhreise spás úrláir a chur ar fáil do na lonnaíochtaí seo ag teacht leis na réamh-mheastacháin ar fhás daonra sa todhchaí atá ann cheana. I gceantar nach bhfaca ach fás nádúrtha beag, tá an Chomhairle sásta foráil a dhéanamh do spás úrláir teoranta chun spás a dhéanamh d'fheabhsuithe cáilíochtúla sa tairscint mhiondíola atá ar fáil do na daoine atá ina gcónaí sa cheantar cheana. Beidh roinnt dúshlán roimh cheantar Bhaile an Bhiataigh/na hInse thar thréimhse an Phlean, lena n-áirítear cur i gcrích inbhuanaithe d'fhorbairt lár an bhaile i mBaile an Bhiataigh, cur i bhfeidhm na straitéise riochta poiblí agus mol a fhorbairt do sheirbhísí trá thar thréimhse an Phlean, forbairtí a chuirfidh go mór le hathnuachan an cheantair.

Tugtar aitheantas do bhonn mór daonra agus ráta íseal aonaid mhiondíola fholmha Ráth Tó trí leithdháileadh níos airde a dhéanadh ó thaobh spás úrláir poitéinsiúil do shiopaí áise agus comparáide a thabhairt, a bhfuil an cumas acu freastail ar an daonra atá ann cheana. Ag an am céanna, leanfaidh Steach Maoilín ar aghaidh ag feidhmiú mar lonnaíocht bheag ó thaobh an mhiondíola de.

Ag breathnú ar an bpoitéinseal atá ann chun spás úrláir breise miondíola a chur ar fáil sa Chontae, ní cheart breathnú ar na figiúirí atá i dTáblaí 4.3 agus 4.4 thuas mar uasteorainneacha, ach breathnú orthu mar mheastachán den spás úrláir nua a bheidh ag teastáil chun riachtanais an fháis sa daonra atá ann cheana agus a tharlóidh go nádúrtha thar amach anseo agus caiteachas sa Chontae a chomhlíonadh. Freagraíonn na figiúirí don spás úrláir poitéinsiúil os cionn an spáis úrláir atá ann faoi láthair ach ní chuireann siad san áireamh na scéimeanna miondíola a fuair ceadúnais ach nár cuireadh i bhfeidhm sa Chontae. D'fhéadfadh na figiúirí atá i dTáblaí 4.3 agus 4.4 a bheith faoi réir anailís breise i gcomhthéacs Forbartha Baile nó Phleananna Ceantair Áitiúil amach anseo. D'fhéadfaí spás úrláir breise a mholadh agus d'fhéadfadh an spás sin a chur in áit spáis úrláir atá imithe as dáta nó nach bhfuil suite in áit oiriúnach a thuilleadh. Is é an rud is tábhachtaí don chineál forbartha seo ná breathnú ar an áit a bheidh an spás úrláir suite.

## 4.22 Critéir le haghaidh Measúnú Forbairtí Miondíola

I gcomhréir leis an doiciméad 'Retail Planning – Guidelines for Planning Authorities' (Aibreán 2012), ba cheart go ndíreodh forbairtí suntasacha nua ar lár bailte sa Chontae go príomha (Leibhéal 2&3). Ba cheart go mbeadh forbairtí nua i mbailte beaga agus sráidbhailte (Leibhéal 4&5) ar scála oiriúnach agus nach ndéanfaí ach na bunriachtanais mhiondíola áitiúla a chomhlíonadh.

Ba cheart go mbeadh forbairt mhiondíola in ionaid Leibhéal 2 agus 3 lonnaithe laistigh de phríomhlimistéir mhiondíola na n-ionad sin. Ní bhreathnófar ar fhorbairt mhiondíola taobh amuigh de na príomhlimistéir aitheanta ach amháin in imthosca eisceachtúla áit a bhfuil an tÚdarás Pleanála sásta nach bhfuil aon suíomh eile ar fáil agus go bhfuil an fhorbairt riachtanach chun riachtanais an cheantair a chomhlíonadh.

I ngach cás, nuair atá forbairtí miondíola nua a mheasúnú, cuirfear i bhfeidhm an cur chuige céimnitheach. Déanfaidh sé seo tábhacht mhiondíola lár an bhaile a chothabháil agus cosnóidh sé inmharthanacht agus beocht lár bhailte. Cuirfear chun cinn meascán oiriúnach d'úsáidí lae agus oíche agus déanfar cinnte de go gcuirfear san áireamh úsáidí conaithe, sibhialta, cultúrtha, áineasa, tráchtála agus sóisialta. Cuirfidh an tÚdarás Pleanála forbairtí a mbíonn tionchar dearfach acu chun cinn, forbairtí a chuireann luach leis na háiteanna ina ndéantar iad agus a mhéadaíonn an éagsúlacht iontu.

Éileoidh an Chomhairle go mbeidh ardchaighdeán deartha ag gach forbairt mhiondíola. Tá sé seo an-tábhachtach de bharr an róil infheicthe atá ag an miondíolachán i sráid-dreach bhailte agus sráidbhailte.

Cuireann Caibidil 11 Caighdeáin Bhainistíochta Forbartha agus Cuspóirí Criosaithe maidir le hÚsáid Talún treoir maidir le Forbairt Mhiondíola ar fáil, agus cuirfidh Ráitis Bhailte agus Pleananna Ceantair Áitiúil réimse prionsabal agus beartas deartha ar fáil a fhreagraíonn do na tosca áitiúla.

## 4.23 Aghaidheanna Siopaí

Is cuid thábhachtach do character shráid iad aghaidheanna siopaí mar gurbh é an chuid is infheicthe den fhoirgneamh iad ag leibhéal na sráide. Cruthaíonn aghaidheanna siopaí atá deartha go maith agus a bhfuil dea-bhail orthu eispéireas taitneamhach ar fáil don siopadóir agus do dhaoine eile atá ag dul thar bráid. Ba chóir do gach togra maidir le forbairt mhiondíola cloí le Treoirlínte Chomhairle Contae na Mí maidir le hAghaidheanna Siopaí agus Comharthaíocht 2017.

Déan tagairt freisin do Chaibidil 11 Caighdeáin Bhainistíochta Forbartha agus Cuspóirí Criosaithe maidir le hÚsáid Talún chun tuilleadh eolais a fháil faoi na riachtanais atá ann maidir le haghaidheanna siopaí.

Is é beartas na Comhairle:

BEA FE 27	Straitéis Mhiondíola na Mí 2020-2026 a chur i bhfeidhm.
BEA FE 28	Féachaint do bheartais agus cuspóirí na Straitéise Miondíola do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2008-2016 agus d'aon doiciméad eile a thagann ina háit.
BEA FE 29	An Uaimh a chur chun cinn agus a spreagadh le go gcoinneoidh sé a stádas mar Lár Baile Contae Leibhéal 2 atá iomaíoch agus tábachtach sa Réigiúin Oirthir agus Lár-Tíre.
BEA FE 30	Tacaíocht a thabhairt do bheocht agus inmharthanacht ionaid ainmnithe atá ann cheana agus oibriú i gcomhar le Feabhas Miondíola Éireann, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad chun timpeallacht iomaíoch agus sláintiúil a chruthú don tionscal miondíola sa todhchaí.
BEA FE 31	Cinntiú go bhfreagraíonn fás i spás úrláir sa todhchaí don ordlathas lonnaíochta miondíola a ainmníodh.
BEA FE 32	Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na gCroílímistéar Miondíola i ngach ceann de na lonnaíochtaí miondíola atá ainmnithe i Straitéis Mhiondíola Chontae na Mí agus ról agus feidhmíocht na gCroílímistéar Miondíola a dhaingniú.
BEA FE 33	Cloí leis an bprionsabal um Chur Chuige Céimnitheach agus na bhfeidhmeanna miondíola lonnaithe taobh amuigh de na croílímistéir mhiondíola á mheas.
BEA FE 34	Cabhrú le forbairt na bpríomhshuíomhanna deise a aithníonn Straitéis Mhiondíola Chontae na Mí 2020-2026 sna croílímistéir mhiondíola ar fad.
BEA FE 35	Athmhúscailt agus athúsáid réadmhaoine/aonad siopaí folamh agus tearcúsáide a chur chun cinn chun cabhrú le hathnuachan sráideanna agus lonnaíochtaí sa Chontae.
BEA FE 36	Éagsúlacht bhisiúil cineálacha agus scálaí miondíola a chur chun cinn sna Croílímistéir Mhiondíola ar fad, chomh maith le húsáidí a fheabhsaíonn an miondíolachán, go háirithe úsáidí áineasa
BEA FE 37	Cabhair a thabhairt do na hOFAnna tacú le gnólachtaí miondíola a bhfuil láithreachtaí shráide acu cheana féin i ngach Croílímistéar Miondíola ardán díolacháin ar líne a chur i bhfeidhm freisin.

Tá sé mar chuspóir ag Comhairle Contae na Mí:

CUS FE 71	Feabhsuithe timpeallachta, conláiste agus áineasa a chur i bhfeidhm agus a éascú sa riocht phoiblí, lena n-áirítear srianadh a chur i bhfeidhm ar úsáid fheithicilí, más iomchuí, sna Croílímistéir Mhiondíola atá ann cheana.
CUS FE 72	Gníomhaíochtaí sráide amhail féilte, ócáidí, margaí sráide agus margaí feirmeoirí / tuaithe a chur chun cinn sna hionaid mhiondíola ar fad atá ann cheana.

## 4.24 Turasóireacht

### 4.24.1 Réamhrá

Tá an-mhianach sa Chontae mar cheann scríbe do thurasóirí, go háirithe de bharr a oidhreacht shaibhir, a thírdhreach tuaithe ardchaighdeáin, a bhailte agus sráidbhailte mealltacha, agus a chósta álainn. Bíonn tionchar ilghnéitheach ar an gContae ag na feachtais a chuireann Éire chun cinn thar lear mar cheann scríbe do thurasóirí. Ní hamháin go gcuireann margáiocht turasóireachta ráthúil le líon na ndaoine a thugann cuairt ar an gContae agus lena ioncam, acht tacaíonn an teachtaireacht dhearfach a thugtar faoin thimpeallacht nádúrtha agus faoi dhaoine cairdiúla an Chontae leis an Rialtas i réimsí eile den fhorbairt eacnamaíoch amhail infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh. Bhí ról tábhachtach ag an turasóireacht sa téarnamh geilleagrach le blianta beaga anuas agus tá sé ríthábhachtach i dtéarmaí na ndeiseanna a chuireann sé ar fáil do ghnóilachtaí agus don fhostaíocht ar fud an chontae. Tá sé bearthaithe ag an rialtas cur leis an bhfás sin trí Oirthear Ársa na hÉireann a chur chun cinn mar cheann scríbe do thurasóirí. Aithnítear Gleann na Bóinne mar chliabhán Oirthear Ársa na hÉireann agus aithnítear an Contae go háirithe mar thairseach don cheann scríbe seo, mar gheall ar an réimse suíomhanna agus séadchomharthaí atá aige, go háirithe Láithreán Oidhreachta Domhanda EOCNA Bhrú na Bóinne. Déanann Fáilte Éireann an Contae a mhargú mar cheann scríbe ina insítear scéal na hÉireann trí réimse éagsúil eispéireas údarásacha agus corraitheacha.<sup>29</sup>

Cé gur áit an-mhealltach é an Contae do thurasóirí lae, tá gá ann feabhas a chur ar eispéaras na gcuairteoirí chun an t-achar ama a fhanann siad a mhéadú agus chun a chinntiú go mbaineann an Contae tairbhe iomlán as fás na hearnála turasóireachta. Trí straitéisí agus cláir a chur i bhfeidhm, tá sé mar aidhm ag na gníomhaireachtaí turasóireachta a chinntiú go bhfuil cuairteoirí ar an eolas faoin réimse leathan tairiscintí atá ar fáil ar fud an Chontae, agus go ndéantar iad a sheoladh chuig na háiteanna sin, rud a chabhraíonn le líon na ndaoine a thugann cuairt orthu a bhainistiú.

## 4.25 Comhthéacs Beartais

### 4.25.1 Straitéis Turasóireachta Ghleann na Bóinne 2020, (Oifig Turasóireachta Ghleann na Bóinne 2016)

Cruthaíodh Plean Turasóireachta Ghleann na Bóinne chun díriú isteach ar chumas fáis réimsí éagsúla, agus eochairthionscadail a aithint a spreagfaidh forbairt na turasóireachta agus a ardóidh branda Ghleann na Bóinne go dtí an chéad leibhéal eile trí nuálaíocht mhargáiochta a chur i bhfeidhm. Is í an aidhm is práinní atá ag an bPlean ná tacaíocht a thabhairt do chruthú fostaíochta trí ghníomhaíocht turasóireachta a mhéadú. Le teacht isteach chlár Oirthear Ársa na hÉireann agus leis an ardú feasachta faoi Ghleann na Bóinne mar cheann scríbe turasóireachta náisiúnta, tá béim níos mó curtha ar chumas an réigiúin an turasóireacht a fhorbairt. Tá sé mar aidhm ag an bPlean cur leis na forbairtí sin chun go mbainfeadh táirge turasóireachta an réigiúin barr a chumais amach.

<sup>29</sup> Daoine, Áit agus Beartas; An Turasóireacht a fhás suas go dtí 2025.



## 4.25.2 Daoine Áit agus Beartas - An Turasóireacht a Fhás suas go dtí 2025, (An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, 2014)

Is creat beartais an doiciméad seo chun an turasóireacht a fhorbairt sa Chontae. Tá sé mar aidhm aige bonn a chur ar fáil chun áit tosaíochta a thabhairt don infheistíocht ar mhaithe leis an méid is mó brabúis agus is féidir a ghnóthú ón turasóireacht go fadtéarmach. Scrúdaíonn sé an ról atá ag daoine, áiteanna, Údaráis Áitiúla, an Rialtas Lárnach, an Eoraip agus beartais idirnáisiúnta. Cuireann an creat béim láidir ar fhorbairt na hearnála chun 10 milliún cuairteoirí ó thíortha thar lear a mhealladh, réimse deiseanna fiontraíochta díreach agus indíreach a chruthú agus an fhostaíocht san earnáil a fhás go dtí 250,000 roimh 2025. Chruthaigh an Tourism Leadership Group Plean Gníomhaíochta Turasóireachta (2016-2018) a leagann amach na gníomhaíochtaí atá ag teastáil don tréimhse go 2018 le cuspóirí foriomlána an chláir ‘Daoine Áit agus Beartas – An Turasóireacht a Fhás suas go dtí 2025’ a bhaint amach.

## 4.25.3 Turasóireacht Forbairt agus Nuálaíocht – Straitéis Infheistíochta 2016-2022, (Fáilte Éireann, 2016)

D’fhonn an nuálaíocht i bhforbairt an táirge turasóireachta a spreagadh, agus an t-iomaíochas idirnáisiúnta a fheabhsú, tá ciste nua tábhachtach don Fhorbairt Turasóireachta seolta ag Fáilte Éireann, a bheidh ina phríomhfhoinsé mhaoinithe ag an earnáil sna cúig bliana atá romhainn. Leagann an straitéis amach an creat agus an mheicníocht a úsáidfear chun an infheistíocht sna cathracha, bailte, sráidbhailte, pobail agus gnólachtaí ar fud na tíre a bhaint amach. Aithníonn sé na tosaíochtaí atá ann chun go dtacófar leis an nuálaíocht san earnáil agus chun go ndéanfar iomaíochas na tíre sa mhargadh turasóireachta a fheabhsú. An sprioc dheiridh atá aige ná mealltacht na hÉireann mar cheann scríbe do thurasóirí a dhaingniú.

## 4.25.4 An Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch, 2019-2031

Leagann an RSES amach go bhfuil trí cinn de bhrandaí turasóireachta réigiúnacha Fáilte Éireann bunaithe i réigiún an Tionóil Réigiúnaí Oirthir agus Lár-Tíre (EMRA). Cuireann an turasóireacht go mór le geilleagar an réigiúin agus tá sé mar aidhm ag an RSES tacaíocht a thabhairt d’Fháilte Éireann agus d’eagraíochtaí eile chun tuilleadh tairbhí turasóireachta a chur ar fáil don Réigiún.

## 4.26 Fís an Phlean Fhorbartha don Turasóireacht

Tá sé mar aidhm ag an bPlean forbairt bhreise a dhéanamh ar an gContae mar thairseach chuig Oirthear Ársa na hÉireann. Tá sé beartaithe an turasóireacht agus gníomhaíochtaí áineasa inbhunaithe a chur chun cinn agus a éascú agus ‘Bucket List’ a fhorbairt do Ghleann na Bóinne<sup>30</sup> trí réimse leathan gníomhaíochtaí, suíomhanna stairiúla agus cineálacha cóiríochta a chur ar fáil sa Chontae. Beidh tionchar dearfach ag na feabhsuithe a dhéantar ar an eispéireas turasóireachta atá ar fáil sa Chontae, ar líon na ndaoine a fhanann thar oíche agus ar dheiseanna nua fostaíochta agus éagsúlacht na fostaíochta sa Chontae.

<sup>30</sup> Feachtas margaiochta Fháilte Éireann d’Oirthear Ársa na hÉireann

BEA FE 38 Comhoibriú le Fáilte Éireann, Turasóireacht Éireann, Turasóireacht Ghleann na Bóinne, Comhairle Contae an Lú, agus le haon chomhlacht ábhartha eile i gcur i bhfeidhm Straitéis Turasóireacht Ghleann na Bóinne 2016-2020 agus Chlár Oirthear Ársa na hÉireann.

## 4.27 Bonneagar Turasóireachta

Tá sé léirithe ag taighde a rinne Fáilte Éireann go bhfuil turasóirí ag iarraidh cuairt a thabhairt ar cheann scríbe ina bhfuil réimse leathan eispéireas ar fáil. Úsáideadh an t-eolas seo mar bhonn d'fheachtais mhargaíochta Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus Oirthir Ársa na hÉireann. Tá sé mar chuspóir ag an bPlean seo téamaí a bhaineann le suíomhanna sa Chontae a mhargú agus iad seo a thacú le rogha eispéireas eile amhail bia agus cultúr áitiúil. Beidh sé mar aidhm ag an bPlean tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt roinnt tionscnamh sa Chontae, lena n-áirítear Sraith Bhia Ghleann na Bóinne, Ceathrú Cultúrtha agus Comharghnó Ealaíona Cheannanais, agus beidh sé mar aidhm aige freisin aon fhorbairt a eascraíonn ó na tionscnaimh sin a éascú i suíomhanna oiriúnacha. Déanfaidh an Chomhairle iarracht áiteanna nua a mheallann turasóirí a éascú, ar an gcoinníoll go bhfuil na háiteanna sin ag teacht le carachtar tuaithe agus oidhreacht an cheantair, amhail tithe stairiúla nó gairdíní a oscailt don phobal, cuairteanna feirme, músaem agus ionaid léirmhíniúcháin.

BEA FE 39 Forbairt bhonneagair amhail cóiríocht, bialanna, páirceáil do charanna agus cóistí agus áiseanna leithris a éascú i moil ainmnithe ar fud an Chontae.

BEA FE 40 Forbairt na turasóireachta inbhuanáí a chur chun cinn agus cur ar fáil réimse cuimsitheach áiseanna do thurasóirí a chur chun cinn, ar an gcoinníoll go gcloíonn na háiseanna sin le critéir maidir le suíomhanna, suiteáil agus dearadh, agus go ndéantar ceantair atá íogaireach ó thaobh an chomhshaoil de a chosaint, ceantair a aithnítear mar thírdhreacha íogaireacha sa Mheasúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha a rinne don Chontae. (Féach ar Chaibidil 8 Oidhreacht Chultúrtha, Oidhreacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas agus Aguisín 5 Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha)

BEA FE 41 Tacaíocht a thabhairt do chur chun cinn áiseanna nua do thurasóirí nó uasghrádú/leathnú a dhéanamh ar na háiseanna turasóireachta atá ann cheana ag suíomhanna turasóireachta sa Chontae, amhail Teamhair, Loch Craobh agus Caisleán Bhaile Átha Troim, de réir phrionsabail forbartha inbhuanaithe agus Pleanála cuí. Ba cheart do na háiseanna sin leas a bhaint as bonneagar agus seirbhísí comhroinnte más féidir, agus déanfar iad a dhearadh ag úsáid na gcaighdeán ailtireachta agus deartha is airde dá bhfuil ann.

BEA FE 42 Infheistíocht nua agus ardchaighdeán i dtionscal turasóireachta an Chontae a chur chun cinn, ag díriú isteach go háirithe ar ghníomhaíochtaí áineasa (lena n-áirítear siúlóid, rothaíocht, slatiascaireacht, eacaíocht agus gníomhaíochtaí dírithe ar theaghlaigh) agus ag díriú isteach freisin ar an gcóiríocht, ó thaobh an rogha, suíomh agus caighdeán atá ar fáil.

BEA FE 43 Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh Náisiúnta agus Réigiúnacha trí chomhoibriú leis na páirtithe leasmhara ar fad agus le Fáilte Éireann chun comharthaíocht

	chaighdeánaithe a chur in airde in áiseanna turasóireachta agus áiteanna a mheallann turasóirí.
BEA FE 44	Cnuasú táirgí agus seirbhísí turasóireachta a chur chun cinn sna moil agus nóid a aithníodh d'fhonn comhroinnt bhonneagair agus seirbhísí a éascú más féidir. Naisc a mhéadú sa gheilleagar áitiúil agus sceitheadh a laghdú ón ngeilleagar áitiúil.
BEA FE 45	Tacaíocht a thabhairt d'úsáid Theach na Cúirte i gCeannanas mar fhoirgneamh do ghníomhaíochtaí turasóireachta agus ealaíona.
BEA FE 46	Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt Shraith Bhia Ghleann na Bóinne, Cheathrú Cultúrtha Cheannanais agus Chomharghnó Ealaíona Cheannanais.
BEA FE 47	Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt Theach na Cúirte mar Ionad do Chuariteoirí ar Chaisleán Bhaile Átha Troim.
BEA FE 48	Maoiniú breise a lorg d'athchóiriú agus claoclú Scoil Chlaisiceach Phádraig mar Chartlann Chontae, ionad do thaighde ar ginealas agus spás le haghaidh léiriú agus staidéir.

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

CUS FE 73	Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na turasóireacht inbhuanáí agus soláthar réimse cuimsitheach áiseanna do thurasóirí a chur chun cinn, ar an gcoinníoll go gcloíonn na háiseanna sin le critéir maidir le suíomhanna, suiteáil agus dearadh, agus go ndéantar ceantar atá íogaireach ó thaobh an chomhshaoil de a chosaint, ceantair a aithnítear mar thírdhreacha íogaireacha sa Mheasúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha a rinne don Chontae. (Féach ar Chaibidil 8 Oidhreacht Chultúrtha, Oidhreacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas agus Aguisín 5 Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha)
-----------	---

## 4.28 Earnálacha Turasóireachta

### 4.28.1 Agraibhia

Tá ról lárnach luaite leis an earnáil agraibhia sa téarnamh náisiúnta eacnamaíoch le blianta beaga anuas. Is í an earnáil seo an tionscal dúchasach is mó sa tír, agus láimhdeachas measta €26 billiún á dhéanamh aici, chomh maith le 170,000 post nó 9% den fhiigiúr iomlán fostaíochta a bheith á gcur ar fáil aici. Cuireann an earnáil go mór le fostaíocht i gceantair thuaithe agus í mar fhoinse ríthábhachtach chruthaithe fiontraíochta agus deiseanna.

Is ionann Sraith Bhia na Mí agus grúpa gnólachtaí – bialanna, óstlannaithe, táirgeoirí bia agus áiteanna a mheallann turasóirí – atá an-tógtha le bia, agus a bhfuil ag iarraidh turas an bhia ó táirgeoir chuig an mbord a cheiliúradh, agus an turas seo a nascadh le hoidhreacht shaibhir an réigiúin. Tríd an meán seo, eagraíonn táirgeoirí bia go leor ócáidí saor in aisce atá oiriúnach do theaghlaigh ar fud an Chontae, lena n-áirítear turais rothaíochta gourmet agus siúlóidí ar fheirmeacha. Is í aidhm an mheáin seo ná margaíocht a dhéanamh ar an ilchineál eispéireas bia atá le fáil sa Chontae agus, dá bhrí sin, fás a spreagadh san earnáil. Tá poitéinseal maith ann le haghaidh turasóireacht bhia a fhorbairt sa Chontae, rud a chuireann eispéireas éagsúil ar fáil do chuariteoirí.

Tá sé mar bheartas ag an bPlean seo tacaíocht a thabhairt do leathnú amach agus fás fiontar bia agus forbairtí turasóireachta a bhaineann leis na fiontair sin in áiteanna oiriúnacha sa Chontae.

Is é beartas na Comhairle:

**BEA FE 49** Forbairt Shraith Bhia Ghleann na Bóinne a éascú agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairtí bainteacha sa Chontae in áiteanna iomchuí agus lonnú fiontair den chineál céanna i suíomhanna oiriúnacha a spreagadh.

## 4.28.2 Féilte agus Imeachtaí

Aithníonn Fáilte Éireann an tábhacht a bhaineann le féilte agus imeachtaí ó thaobh cuairteoirí ón tír seo agus cuairteoirí eachtracha a mhealladh. Tá tuairisc mhaith ar na tairbhí don phobal a bhaineann lena leithéid d'imeachtaí. Tá roinnt mhaith féilte agus imeachtaí ag an gContae, amhail féile leabhar Hinterland, an féile 'TypeTrail', agus féile scannán Guth Gafa, iad ar fad ag tarlú i gCeannanas, féile Cláirsí na hOibre, an féile 'Spirits of Meath' ar fud an Chontae agus go leor eile. Tá sé mar bheartas ag an bPlean seo tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt féilte agus imeachtaí ar fud an Chontae in áiteanna iomchuí agus ar an gcoinníoll go bhfaighfí an cead ábhartha roimh ré. Déanfar athchóiriú ar fhoirgneamh do na himeachtaí seo a chur chun cinn sa Chontae, in áiteanna cuí, amhail athchóiriú Ionad Oidhreachta Cheannanais agus Halla an Bhaile i nDamhliag.

Tá sé d'aidhm ag an gcéad féile Púca, a reáchtálfar in 2019, a dhéanfaidh ceiliúradh ar Éirinn mar chliabhán Oíche Shamhna agus ag a mbeidh ionad i mBaile Átha Troim, Baile Átha Buí agus Droichead Átha, cuairteoirí ó i bhfad i gcéin a mhealladh chun na hÉireann i mhí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna. Tá sé beartaithe go mbeadh an t-imeacht sin ar siúl gach uile bhliain.

**BEA FE 50** Tacaíocht a thabhairt do na féilte agus imeachtaí spóirt atá ann cheana d'fhonn próifíl chultúrtha, oidhreachta agus stíl mhaireachtála an chontae a chur chun cinn, agus más féidir, imeachtaí nua agus ionaid chun na himeachtaí sin a óstáil a fhorbairt.

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

**CUS FE 74** Tacaíocht a thabhairt do na féilte agus imeachtaí spóirt atá ann cheana d'fhonn próifíl chultúrtha, oidhreachta agus stíl mhaireachtála an Chontae a chur chun cinn, ar an gcoinníoll go bhfuil an suíomh, rochtain agus an soláthar páirceála oiriúnach agus go ndéantar an timpeallacht a chosaint mar is ceart.

## 4.28.3 Tarraingtí Ilespéiris

Tacaíonn beartais agus cuspóirí an Phlean fhorbartha seo le háiseanna a sholáthar a bhfuil go leor eispéiris éagsúla le fáil iontu, amhail na tarraingtí a forbraíodh ag Páirc Tayto, Caisleán Bhaile Shláine agus Feirm Causey. Tá éagsúlacht eispéireas ag teastáil ó thurasóirí géarchúiseacha na linne seo, eispéiris atá oiriúnach do theaghlaigh agus do dhaoine fásta i réimse mór suíomhanna éagsúla.

Chabhraigh forbairt tharraingtí teaghlaigh amhail Páirc Tayto ag Currach Átha, Cill Dhéagláin, Músaem Cogaíochta Mílteata na hÉireann i Starraíneach agus Feirm Causey i mBaile Forda, le spriocmhargadh éagsúil a mhealladh go dtí an Contae, rud a chruthaíonn ioncam seachthairbhe do shiopaí, óstáin agus gnólachtaí tráchtála áitiúla eile. Cuireann Páirc Tayto, ach go háirithe, áit nua atá

mealltach do thurasóirí ar fáil a bhfuil éagsúil ó na tarraingtí traidisiúnta bunaithe ar oidhreacht agus cultúr. Aithníonn an Plean an ról turasóireachta agus taitneamhachta réigiúnach atá ag na háiseanna seo sa Chontae agus tacaíonn sé le forbairt inbhuanaithe na bpáirceanna, feirmeacha agus ionad seo in áiteanna oiriúnacha ar fud an Chontae.

Sampla maith eile den éagsúlacht turasóireachta sa Chontae ná Drioghlann Bhaile Shláine a mheallann spriocmhargadh éagsúil nár tháinig roimhe seo isteach sa Chontae. Tugtar tacaíocht sa Phlean seo d'fhorbairt Diméin Chaisleán Shláine mar cheann scríbe a bhfuil go leor eispéireas éagsúil le fáil ann, ar an gcoinníoll go gcosnaítear sláine an déanmhas cosanta agus an suíomh ina bhfuil sé do na glúnta atá le teacht.

BEA FE 51	Fás agus inbhuanaitheacht na hearnála turasóireachta a chumasú, a éascú agus a chur chun cinn trí fhorbairtí fiontair turasóireachta a sholáthar i gceantair tuaithe, lena n-áirítear feirmeacha oscailte, ar an gcoinníoll go gcuirfí bonneagar leordhóthanach ar fáil agus go gcloífí leis na gnáthchúinsí Pleanála. (Féach ar Chaibidil 8 Oidhreacht Chultúrtha, Oidhreacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas agus Aguisín 5 Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha)
BEA FE 52	Páirc Tayto i gCurrach Átha a chur chun cinn mar áit ar díol spéise í do chuairteoirí sa Chontae, faoi réir na ngnáthchaighdeán bainistíochta forbartha atá i bhfeidhm. Tacóidh an Chomhairle le tuilleadh forbartha inbhuanaithe a cuí a dhéanamh ar tháirgí turasóireachta comhtháite ag Páirc Tayto ar an gcoinníoll go ndéantar an bonneagar fisiciúil is gá a chur ar fáil nó a uasghrádú.
BEA FE 53	Caisleán Bhaile Shláine a chur chun cinn mar cheann scríbe agus áit ar dhíol spéise í do thurasóirí sa Chontae, faoi réir na ngnáthchaighdeán bainistíochta forbartha atá i bhfeidhm. Tacóidh an Chomhairle le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar tháirge turasóireachta comhtháite Chaisleán Bhaile Shláine, ar an gcoinníoll go soláthraítear nó go dtugtar suas chun dáta an bonneagar fisiciúil riachtanach agus go ndéantar sláine an déanmhais chosanta agus a thimpeallacht a chosaint, lena n-áirítear An Bhóinn agus An Abhainn Dubh agus na Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta agus faoi Chosaint Speisialta (SAC agus SPA).
BEA FE 54	Feirm Causey a chur chun cinn mar áit mhealltach do thurasóirí sa Chontae a bhfuil go leor eispéireas éagsúil le fáil ann. Tacóidh an Chomhairle le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Fheirm Causey, ar an gcoinníoll go gcuirfí bonneagar leordhóthanach ar fáil agus go gcloífí sí leis na gnáthchúinsí Pleanála.
BEA FE 55	Músaem Cogaíochta Míleata na hÉireann a chur chun cinn mar áit mhealltach do thurasóirí sa Chontae a bhfuil go leor eispéireas éagsúil le fáil ann. Tacóidh an Chomhairle le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Mhúsaem Cogaíochta Míleata na hÉireann, ar an gcoinníoll go gcuirfí bonneagar leordhóthanach ar fáil agus go gcloífí sé leis na gnáthchúinsí Pleanála.

## 4.28.4 Cultúr & Oidhreacht

Aithnítear Gleann na Bóinne mar chliabhán Oirthear Ársa na hÉireann agus aithnítear an Contae go háirithe mar thairseach don cheann scríbe seo mar gheall ar an réimse suíomhanna agus séadchomharthaí atá aige, go háirithe Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA Bhrú na Bóinne<sup>31</sup>.

Aithnítear go bhfuil áiseanna feabhsaithe agus nua do thurasóirí ag teastáil sa Chontae, go háirithe ag Loch Craobh, Teamhair, Caisleán Bhaile Átha Troim, An Ghráinseach Nua, Cnóbha agus Mullach Bhaile Shláine. Ba cheart go mbeadh meas ag forbairt na n-áiseanna turasóireachta sna suíomhanna seo agus laistigh den Chontae i gcoitinne ar cháilíocht agus éagsúlacht iontach thimpeallacht nádúrtha agus thógtha an Chontae agus níor cheart go ndéanfaí aon damáiste don acmhainn sin ná go ndéanfaí díobháil dá luach mar acmhainn turasóireachta don todhchaí ar aon slí. Agus aon togra den chineál sin á mheasúnú, tabharfar aird ar an Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha a rinneadh don Chontae.

Is é beartas na Comhairle:

BEA FE 56	Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus feabhsú na n-áiseanna turasóireachta ag suíomhanna stairiúla sa Chontae sa chás amháin nach ndéantar damáiste don acmhainn nó nach ndéantar díobháil dá luach mar achmainn turasóireachta don todhchaí ar aon slí, go háirithe ag suíomh Bhrú na Bóinne nó Teamhair nó in aice leo.
-----------	--

## 4.28.5 Bealaí Siúlóide agus Rothaíochta

Tugann Glasbhealaí deis iontach dúinn cineál turasóireachta eile a fhorbairt sa Chontae, trí bhonneagar a chur ar fáil don turasóireacht eachtraíochta a bhfuil tairbhí eacnamaíocha follasacha ag baint leis. In 2015, rinne Fáilte Éireann meastachán go ndearna 355,000 den na cuairteoirí ó thar lear rothaíocht, figiúir a fhreagraíonn do 7% den mhargadh turasóireachta eachtrach iomlán. Cuireann Glasbhealaí deiseanna ar fáil d'fhorbairt an iompair ghníomhaí, rud a thacaíonn le beartas inbhuanithe iompair<sup>32</sup> agus áineasa a fhorbairt ar feadh na mbealach agus a chruthaíonn tairbhí eacnamaíoch, sóisialta, comhshaoil agus sláinte.

Mar a luadh thuas in Alt 4.25, aithíonn ráiteas beartais an Rialtais maidir leis an Turasóireacht *“People, Place and Policy – Growing Tourism to 2025”*, an tábhacht a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh in eispéreas an chuariteora d'fhonn an turasóireacht a fhorbairt, lena n-áirítear infheistíocht in áiseanna do ghníomhaíochtaí cuairteoirí amhail glasbhealaí agus gníomhaíochtaí caitheamh aimsire allamuigh eile. Aithníonn an Plean an ról tábhachtach atá ag bealaí rothaíochta agus bealaí do choisithe chun turasóirí a mhealladh isteach sa Chontae. Féachfaidh an Chomhairle cúnaimh a thabhairt lena leithéid de bhealaí a sheachadadh, ach go háirithe Glasbhealach na Canálach Ríoga, atá á thógáil faoi láthair, Glasbhealach Ghleann na Bóinne (Baile Átha Troim – An Uaimh – Baile Shláine – Droichead Átha – Teach Dhroichead Nua), Gleann na Bóinne - Glasbhealach Lakelands (An Uaimh – Dhún an Rí - Muineachán), faoi réir na measúnachtaí agus na gceadaithe chúí. (Déan tagairt do Chaibidil 5 Straitéis Ghluaiseachta).

Déanfar coisbhealaí, amhail coisbhealach na Canálach Ríoga, agus Ballaí Cosanta na hUaimhe a fheabhsú agus a chothabháil ar an gcoinníoll go bhfaightear na ceadaithe chúí. Tacófar le bealaí eile

<sup>31</sup> Féach an Chaibidil faoin Oidhreachta Thógtha chun tuilleadh eolais a fháil faoi Bhrú na Bóinne

<sup>32</sup> féach ar Chuid 8.16 Cearta Slí Poiblí

a thagann aníos anois agus arís freisin. Déanfar bealaí poiblí a chuireann go ginearálta le háiseanna an Chontae agus ceantar áitiúil a chosaint agus a chothabháil.<sup>33</sup>

Is é beartas na Comhairle:

BEA FE 57	Oibriú leis an Údarás Náisiúnta Iompair (de réir chuspóirí ábhartha an Phlean Forbartha seo a gcuirtear síos orthu i gCaibidil 5 Straitéis Ghluaiseachta), le Boyne Valley Tourism, Fáilte Éireann, Uiscebhealaí Éireann agus na páirtithe leasmhara ar fad chun cur chuige comhordaithe maidir le roghnúchán, seachadadh agus cothabháil ghlasbhealaí, gormbhealaí, cosáin agus bealaí a fhorbairt ar fud an Chontae amach anseo.
BEA FE 58	Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairtí a dhéanfaidh an fhóillíocht tuaithe a chumasú agus a spreagadh agus tuiscint níos fearr ar an timpeallacht nádúrtha a chur chun cinn, trí fhorbairt shiúlóidí pobail, cosáin sheachbhóthair / forbairtí cosáin tuaithe, páirceanna, agus áiseanna agus bonneagar fóillíochta allamuigh eile a chur chun cinn. Déanfar scagthástáil ar na tograí ar fad le cinntiú cibé an bhfuil nó nach bhfuil Measúnacht Chúí den tionchar a d'fhéadfadh a bheith na háiseanna seo ar shuíomhanna Natura 2000 ag teastáil.
BEA FE 59	Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairtí tuisceanacha a chuireadh tuiscint, léirmhíniú, uasghrádú agus rochtain ar ghnáthóga nádúrtha, thírdhreacha áille agus gnéithe oidhreachta chun tairbhe na turasóireachta tuaithe, faoi réir gnáthchúinsí Pleanála agus caomhnaithe nádúir.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

CUS FE 75	<p>a) Uasghrádú cosán tarraingthe ar feadh Bhallaí Cosanta na hUaimhe go Stigh Colláin a chur chun cinn agus a fhorbairt.</p> <p>b) Glasbhealach na Bóinne ón Seandroichead go dtí an Uaimh trí Bhaile Shláine a sheachadadh i gcomhar leis an ÚNI, Fáilte Éireann agus na páirtithe leasmhara ar fad agus faoi réir na measúnachtaí agus na gceadaithe ábhartha ar fad a fháil.</p> <p>c) Glasbhealach na Canálach Ríoga a sheachadadh mar chuid de thionscadal Glasbhealach Bhaile Átha Cliath go Gaillimh, i gcomhar le hUiscebhealaí Éireann, leis na hÚdaráis Áitiúla sna contaetha máguaird agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad, faoi réir na measúnachtaí agus na gceadaithe ábhartha ar fad a fháil.</p> <p>d) Glasbhealach Lakelands (An Uaimh-Dún an Rí-Muineachán) a sheachadadh i gcomhar le hIarnród Éireann agus leis na hÚdaráis Áitiúla sna contaetha máguaird agus faoi réir na measúnachtaí agus na gceadaithe ábhartha ar fad a fháil</p> <p>Braithfidh seachadadh na nGlasbhealaí sin agus uasghrádú na gcosán tarraingthe sin ar thoradh phróiseas na Measúnachta Cuí. I gcásanna ina n-aithneofaí tionchair dhiúltacha ar Láithreáin Eorpacha, forbrófar suíomhanna agus/nó dearáí eile le</p>
-----------	---

<sup>33</sup> Féach Caibidil 5 Gluaiseacht chun tuilleadh eolais a fháil faoi bheartais agus cuspóirí breise maidir le siúlóid agus rothaíocht

cinntiú nach mbeidh tionchar diúltach ag na huasghrádaithe ar shláine aon Láithreáin Eorpacha, bíodh go dtarlódh sé sin ina aonar nó i dteannta le haon phleananna nó tionscadail eile. Ag breathnú ar an suíomh ginearálta a bheidh ag na huasghrádaithe seo, agus an fhaisnéis agus measúnacht eiceolaíoch a bheidh ag teastáil chun iad a chur i gcrích agus bonn eolais a chur faoina ndearadh, luíonn sé le réasún a mheas, ag an staid mhiondeartha, gur féidir aon riosca go ndéanfaidh, agus go ndéanfaidh, tionscadal díobháil do Láithreán Eorpach a mhaolú trí shuíomhanna agus deartha malartach a fhorbairt. Más amhlaidh, d’ainneoin na mbeart maolaithe a chuirtear i bhfeidhm, go bhfuil riosca ann i gcónaí go ndéanfaidh na tograí díobháil do shláine láithreán Eorpach, ní rachaidh an tionscadal ar aghaidh mura chuirtear i bhfeidhm réiteach malartach a sheachnaíonn/ laghdaíonn an éifeacht ionas nach gcuirtear isteach ar shláine an Láithreáin Eorpaí/na Láithreáin Eorpaigh níos mó.

CUS FE 76 Scrúdú a dhéanamh ar an bpoitéinseal atá ann coisbhealaí meánraoin agus fadraoin inbhuanaithe a sholáthar.

CUS FE 77 Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann cosán siúlóide Turas Columbanus a fhorbairt i gcomhar leis na páirtithe leasmhara cuí ar fad agus leis na húdaráis Áitiúla sna contaetha máguaird, faoi réir na measúnachtaí agus na gceadaithe chuí ar fad a fháil.

## 4.29 Cóiríocht

Tá sé rithábhachtach soláthar na cóiríochta turasóireachta a bhainistiú chun a chinntiú go ndéantar straitéis turasóireachta inbhuanaithe a fhorbairt. Aithnítear i Straitéis Turasóireachta Ghleann na Bóinne go bhfuil ganntanas cóiríochta suntasach sa Chontae. Leagtar amach sa straitéis an gá atá le hóstáin nua d’ardchaighdeán a sholáthar d’fhonn cuairteoirí a fhanann thar oíche a mhealladh isteach sa Chontae. Cé go dtacóidh an tÚdarás Pleanála le cur ar fáil ostán nua i suíomhanna oiriúnacha, ní mór don Chontae an stoc leapacha atá ar fáil faoi láthair a éagsúlú trí cineálacha cóiríochta níos nua-aimseartha a sholáthar agus fiontair turasóireachta tuaithe a fhorbairt. Breathnófar ar an fhéidearthacht atá ann cróite a athfhorbairt chun cuid den chineál sin cóiríochta a chur ar fáil i suíomhanna oiriúnacha.

### 4.29.1 Ionaid do Charbháin/ Ionaid Champála

Aithníonn an Chomhairle an poitéinseal atá ann ionaid le haghaidh carbhán, veaineanna campála agus campáil a fhorbairt. Is cuid thábhachtach de sholáthar cóiríochta foriomlán lucht saoire an eanáil seo. Go hídéalach, ba cheart go mbeadh a leithéid d’fhorbairtí lonnaithe ar imeall nó laistigh d’ionaid forbartha sa Chontae ionas go mbeidh rochtain éasca ag turasóirí ar sheirbhísí. Tá sé mar aidhm ag an bPlean seo a chinntiú nach mbíonn éifeacht neamhréasúnta ag dearadh, feidhmíocht agus tionchar a leithéid de chóiríocht do thurasóirí agus cuairteoirí ar áisiúlacht an tírdhreacha máguaird.



## 4.29.2 Tithe Saoire

Seachas an limistéar cósta, b'fhéidir, níl brú mór ar an gContae athbhailte nó tithe saoire a fhorbairt. Aithnítear go bhfuil margadh ann le haghaidh ionaid tithíochta saoire ghearrthéarmacha a bhfuil baint acu le rud ar leith a mheallann turasóirí, amhail an tionscal eachaíochta. Ní ghlacfar le hiarratais ar fhorbairtí den chineál sin ach amháin ma mheastar go bhfuil siad lonnaithe in áiteanna oiriúnacha, amhail bailte, sráidbhailte agus nóid tuaithe ina bhfuil áit ar díol spéise é do thurasóirí ag feidhmiú cheana féin.

Is é beartas na Comhairle:

BEA FE 60	Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt cineálacha éagsúla cóiríochta ardchaighdeán do thurasóirí, in áiteanna oiriúnacha, ar fud an Chontae.
BEA FE 61	Breathnú ar ostáin nua a fhorbairt i lonnaíochtaí atá ann cheana, ach go háirithe in áiteanna ina bhfuil lonnaíochtaí móra iontu amhail An Uaimh. I suíomhanna tuaithe (i.e. sráidbhailte / nóid tuaithe), ní mór a thaispeáint: <ul style="list-style-type: none"> <li>(i) go dtagann go leor cuairteoirí chuig an áit / áis ar díol spéise é do thurasóirí atá sa cheantar a bhfuil an fhorbairt nua le lonnú ann;</li> <li>(ii) gur aithníodh go bhfuil gá ann cóiríocht óstáin nua / bhreise a chur ar fáil do na cuairteoirí seo ag féachaint do phróifíl an chuariteora agus do sholáthar agus gaireacht na n-óstán atá sa cheantar cheana agus</li> <li>(iii) Go bhfuil an fad ón lonnaíocht shuntasach chomh mór sin nach dóigh go n-úsáidfeadh cuairteoirí go dtí an ceantar/an áit ar díol spéise é na háiseanna ostáin atá ann cheana.</li> </ul>
BEA FE 62	Breathnú go dearfach ar an bhféidearthacht atá ann óstán nua a fhorbairt san Uaimh in áit oiriúnach, ar an gcoinníoll go gcuirtear bonneagar dóthanach ar fáil agus go gcloítear leis na Caighdeáin Bhainistíochta Forbartha atá i bhfeidhm.
BEA FE 63	Spreagadh a thabhairt do bhunú ionaid charbháin taistil/saoire agus champála in aice le nó laistigh de lonnaíochtaí nó áiseanna turasóireachta atá ann cheana, agus aird chúil á tabhairt ar na húsáidí talún mórthimpeall agus ar Phleanáil agus forbairt chúil an cheantair.
BEA FE 64	Breathnú go dearfach ar iompú tithe cónaithe atá ann cheana isteach i ngnóthais Leaba & Bricfeasta (B&Banna) agus Tithe Lóistín, á bhfeidhmiú ag úinéir-sealbhóir an tí cónaithe. Déileálfar le hiarratais ar B&B /tithe lóistín a thógáil as an nua ar dtús mar thithe cónaithe agus déanfar na caighdeáin agus cuspóirí a bhaineann leis an réimse sin (m.sh. baile mór, baile tuaithe, ceantar tuaithe, srl.) a chur i bhfeidhm.
BEA FE 65	Athchóiriú cóiríochta diméinte agus eastát agus a gcróite ina n-áiseanna do thurasóirí a éascú, i gcás inarb iomchuí, faoi réir dea-chleachtas Pleanála agus caomhnaithe ailtireachta. (Déan tagairt do Chaibidil 8 Oidhreacht Chultúrtha, Oidhreacht Nádúrtha, Tírdhreach agus Bonneagar Glas agus Aguisín 5)

BEA FE 66	Cinntiú nach ndéantar aon chóiríocht (dá dtagraítear dó in BEA FE 65) a áitiú mar áit sheasta chónaithe. Pé scéal é, ní ghlacfar ach le hiarratais a bhfuil mar aidhm acu Struchtúr Cosanta nó grúpa de struchtúir laistigh d'fhearann comhghafach na struchtúr a athchóiriú nó a chlaohlú chun críocha turasóireachta.
BEA FE 67	Tograí a chur chun cinn a bhfuil mar aidhm acu fothracha tithe cónaithe nó tithe cónaithe neamhúsáidte a athchóiriú, a chaomhnú agus/nó a atógáil d'fhonn tithe saoire a thógáil, faoi réir na ngnáthchúinsí Pleanála a bhaineann le dearadh, rochtain shábháilte agus soláthar aon saoráid riachtanach diúscartha fuíolluisce.
BEA FE 68	Éileamh ar fhorbairtí nua tithe saoire / féinfhrestail lonnú laistigh de lonnaíochtaí atá ann cheana nó in aice le háiseanna turasóireachta / fóillíochta seanbhunaithe, seachas na forbairtí sin a bhaineann le hathchóiriú / claohlú foirgneamh atá ann cheana féin.
BEA FE 69	Déanfar forbairtí tithe saoire / féinfhrestail a sholáthar ar ghabháltas feirme trí síneadh a chur leis an teach feirme nó trí thithe cónaithe / struchtúir eile atá ar an bhfeirm a úsáid. Breathnófar ar thograí chun forbairt nua a thógáil sa chás ina thaispeántar nach bhfuil na roghanna sin oiriúnach. Beidh aon fhorbairt nuathógtha an-ghar den teach feirme atá ann cheana.
BEA FE 70	Forbairt brúnna a chur chun cinn ar feadh na mbealaí siúlóide / siúlóireachta seanbhunaithe agus in aice le háiseanna turasóireachta/ fóillíochta atá ann cheana, faoi réir na ngnáthchúinsí Pleanála.

## 4.30 Feabhsúcháin ar Bhailte agus Sráidbhailte

Aithníonn an Rialtas an ról tábhachtach ar féidir a bheith ag bailte agus sráidbhailte ar fud an Chontae mar ionaid do thurasóirí, agus na háiseanna agus seirbhísí a chuireann siad ar fáil agus trína chlár 'Fíorú Acmhainneacht na Tuaithe', tá sé mar aidhm ag an Rialtas láir bhailte agus sráidbhailte a athnuachan trí thionscnaimh amhail an scéim athnuachana do Bhailte agus Sráidbhailte agus scéimeanna eile atá leagtha amach i gCuid 4.11 thuas a chur i bhfeidhm.

Tá iarracht déanta ag an gComhairle dreach bhailte agus sráidbhailte an Chontae a fheabhsú i gcoitinne le blianta beaga anuas trí na Tionscnaimh Mórtas Ceantair, Tionscnaimh na mBailte Slachtmhara, trí bheartais de chuid na bPleananna Ceantair Áitiúil agus trí bhainistíocht agus forfheidhmiú forbartha éifeachtach a chur i bhfeidhm.

Tá beartas curtha le chéile ag an gComhairle chun oibriú i gcomhar le pobail áitiúla le Pleananna deartha do shráidbhailte a chur i bhfeidhm, pleananna a ullmháidh tar éis próiseas comhchomhairle poiblí agus, ag an am céanna, á chinntiú go bhfuil Pleananna dá leithéid ag teacht leis na Pleananna Ceantair Áitiúil a glacadh agus leis na cuspóirí forbartha atá i bPlean Forbartha an Chontae.

BEA FE 71      Tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm na bPleananna Deartha do Shráidbhailte agus tionscadail phobalbhunaithe eile chun timpeallachtaí shráidbhailte a fheabhsú agus iad siúd a éascú; pleananna a ullmhaíodh tar éis próiseas comhchomhairle poiblí agus, ag an am céanna, á chinntiú go bhfuil Pleananna dá leithéid ag teacht leis na Pleananna Ceantair Áitiúil a glacadh agus leis na cuspóirí forbartha do bhailte/sráidbhailte atá i bPlean Forbartha an Chontae.

Déan tagairt led thoil do Chaibidil 11 Caighdeán Bhainistíochta Forbartha agus Cuspóirí Criosaithe maidir le hÚsáid Talún chun tuilleadh eolais a fháil faoin riocht phoiblí/athnuachan bailte.